Iniúchadh agus Riosca agus Coistí um Fheidhmíocht agus Forbartha Eagraíochtúla.

Taithí Gairme

Is státseirbhíseach gairme í Laura a bhfuil taithí leatah aici ar bheartas thar fud raon ranna Rialtais, lena n-áirítear an chuid is mó den mhaoiniú ábhartha ar infheistíocht bonneagair, ar mheastóireacht eacnamaíoch agus ar bheartas tithíochta. Le B.Comm. (Idirnáisiúnta) ó COBÁC, d'oibrigh sí sa Roinn Airgeadais, sa Roinn Gnóthaí Eachtracha, sa Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil, sa Roinn Iompair agus faoi láthair tá sí ina Ceann ar an Aonad Seachadta um Thithíocht Inacmhainne – Údarás Áitiúil agus Gníomhaireacht Forbartha Talún sa Roinn Tithíochta.



Sinéad Carr
Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin

Ceapachán ar an mBord

Ceapadh í i mí Eanáir 2025 mar Chomhalta Neamhfheidhmiúcháin Boird.

Ballraíocht Coiste

An Coiste um Fheidhmíocht agus Forbairt Eagraíochtúil

Taithí Gairme

Ceapadh Sinéad ina Príomhfheidhmeannach ar Chomhairle Contae Thiobraid Árann i mí Iúil 2024. Bhí post aici mar Stiúrthóir Seirbhísí do roinnt punann éagsúla thar thréimhse 20 bliain, lena n-áirítear mar Stiúrthóir Pobail agus Fiontair i gCill Mhantáin, mar Stiúrthóir Tithíochta le Comhairle Contae Thiobraid Árann Theas, mar Stiúrthóir Pleanála, Pobail agus Fiontair agus mar Stiúrthóir Forbartha Pobail, Fiontair, Eacnamaíochta agus Turasóireachta le Comhairle Contae Thiobraid Árann nua-chumaiscthe. Bhí post aici roimhe seo mar Stiúrthóir Seirbhísí um Sheachadadh Tithíochta do TCC agus bhainistigh sí Comhairle Buirge Chluain Meala. Tá an ról mar Phleanálaí Feidhmiúcháin Sinsearach comhlíonta aici le Comhairle Contae Chill Mhantáin agus tá Céim Mháistreachta aici i bPleanáil Réigiúnach agus Uirbeach.

Ár mBord (ar lean)



Aidan Devlin
Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin

Ceapachán ar an mBord

Ceapadh é mí Eanáir 2025
mar Chomhalta
Neamhfheidhmiúcháin Boird.

Ballraíocht Coiste

An Coiste Creidmheasa.

Taithí Gairme

Is Cuntasóir Cairte agus céimí Tráchtála UCC é Aidan a bhfuil taithí os cionn 40 bliain aige i Seirbhísí Airgeadais, Airgeadas Tionscadail agus Bainistíocht Sócmhainní in Éirinn agus sa Mheánoirthear araon. Ar scor anois tar éis poist shinsearach a bheith aige roimhe seo le KBC Bank Ireland cpt agus leis an nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní, tá Aidan ina chomhalta boird faoi láthair den Ospidéal Náisiúnta Máithreachais agus go dtí le déanaí ina chomhalta boird de Oaklee Housing.



Tom Enright
Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin

Ceapachán ar an mBord

Ceapadh é i mí na Bealtaine 2022
mar Chomhalta
Neamhfheidhmiúcháin Boird.

Ballraíocht Coiste

Cathaoirleach an Choiste
um Fheidhmíocht agus Forbairt
Eagraíochtúil.

Taithí Gairme

Is é Tom ainmní an Bhoird ón gCumann Bainistíochta Contae agus Cathrach (CBCC). Bhain sé céim san Innealtóireacht Shibhialta amach ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh agus tá M.Sc. san Innealtóireacht ó Ollscoil Cranfield sa RA agus Máistreacht i Riarachán Gnó ó OCBÁC aige. I measc na rólanna atá aige tá Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Loch Garman, Stiúrthóir ar an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (GBRÁ), Cathaoirleach Choiste Bainistíochta Athruithe GBRÁ, Stiúrthóir Cuideachta Aerfort Phort Láirge ó 2015, Stiúrthóir Cuideachta Lárionad Ealaíon Loch Garman ó 2014 i leith.



Michael Lee
Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin

Ceapachán ar an mBord

Ceapadh é i mí na Bealtaine 2022
mar Chomhalta
Neamhfheidhmiúcháin Boird.

Ballraíocht Coiste

Cathaoirleach an Choiste Creidmheasa.

Taithí Gairme

Is Cuntasóir Cairte cáilithe é Michael a bhfuil taithí aige ar bhainistíocht airgeadais agus ar infheistíochtaí. Tá Michael ag obair faoi láthair mar Cheann na Straitéise Infheistíochta agus an Tionscnaimh ag Reverence Capital Partners, gnólacht infheistíochta creidmheasa agus cothromais phríobháidigh de chuid na Stát Aontaithe. Roimhe seo d'oiibrigh Michael ag FPG Amentum, léasóir aerárthaí atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath, mar Leas-Uachtarán Sinsearach Margaí Infheisteoirí. D'oiibrigh Michael freisin mar Leas-Stiúrthóir ag Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann le Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta. D'oiibrigh Michael ag Goldman Sachs ar feadh 17 mbliana i ról éagsúla sa Rannán Baincéireachta Infheistíochta i Nua-Eabhrac áit a raibh sé freagrach le déanaí as Feidhm Giniúna na Smaointe Infheistíochta agus Sydney, áit a raibh sé ina Cheann ar an nGrúpa Urraitheoirí Airgeadais. D'oiibrigh Michael freisin ar roinnt idirbhearta móra príobháidithe sócmhainní Rialtais sa tSeapáin agus san Astráil.



James Lidierth
Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin

Ceapachán ar an mBord

Ceapadh é i mí an Mhárta 2024
mar Chomhalta
Neamhfheidhmiúcháin Boird.

Ballraíocht Coiste

An Coiste Creidmheasa.

Taithí Gairme

Is baincéir corparáideach gairmiúil é James Lidierth le taithí leathan aige le riosca creidmheasa, bainistíocht do chustaiméirí agus taithí gnó iniúchadh inmheánach. Bhí ról ag James mar Cheann Iniúchóireachta Inmheánaí do Mhargaí Caipitil agus Riosca Creidmheasa ag Banc Aib cpt, Ceann Riosca Creidmheasa do Bhaincéireacht Tráchtála ag Banc Uladh, Stiúrthóir i mBanc Corparáideach i mBanc Uladh roimhe seo agus bhí ról shinsearach éagsúla aige i mBanc na hÉireann freisin. Is céimí de chuid COBÁC, Institiúid Bainistíochta na hÉireann agus An Institiúid Baincéireachta é James. Is stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin é James a bhfuil taithí aige agus a d'fhóin roimhe sin ar Chomhairle na hInstitiúide Baincéireachta agus mar stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin ar mhórchiste pinsean Éireannach.

Ár mBord (ar lean)



Thomas Mc Dermott
Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin

Ceapachán ar an mBord

Ceapadh é i mí na Bealtaine 2022 mar Chomhalta Neamhfheidhmiúcháin Boird.

Ballraíocht Coiste

An Coiste um Fheidhmíocht agus Forbairt Eagraíochtúil

Taithí Gairme

Cháiligh Tomás mar Chuntasóir Cairte le Pricewaterhouse Coopers agus tá sé ina Chomhalta d'Institiúid na gCuntasóirí Cairte. D'oibrigh sé i Londain ina dhiaidh sin do Bhanc Corparáideach agus Infheistíochta Citigroup agus do Bhanc Ríoga na hAlban i réimsí an Tuairiscithe Chorporáidigh, na Bainistíochta Riosca agus na Forbartha Tallainne. D'fhóin sé mar Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin agus mar Chisteoir ar Network/Stadium Homes cumann mór tithíochta i Londain agus mar Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin agus mar Chathaoirleach ar Choiste Iniúcháireachta agus Riosca an Údaráis um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta na hÉireann. Is céimí de chuid Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath é agus tá MSc san Eacnamaíocht aige ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, agus MSc san Fhorbairt Inbhuanaithe ón Ollscoil Teicneolaíochta, Baile Átha Cliath.



David Owens
Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin

Ceapachán ar an mBord

Ceapadh é i mí na Bealtaine 2022 mar Chomhalta Neamhfheidhmiúcháin Boird.

Ballraíocht Coiste

An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca

Taithí Gairme

Oibríonn David faoi láthair ar airgeadas inbhuanaithe agus aeráide sa Roinn Airgeadais agus ceapadh é ar an mBord i mí na Bealtaine 2022. Tá taithí fhairsing aige ar an tseirbhís phoiblí a fuarthas in Éirinn agus thar lear lena n-áirítear sa Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Seirbhísí Poiblí, Athchóirithe agus Digitithe (DPEIPSRD) agus sa Choimisiún Eorpach. D'oibrigh sé i seirbhísí airgeadais san earnáil phríobháideach agus i mBanc Ceannais na hÉireann freisin agus ceapadh é roimhe sin chun fónamh ar an mBord Pinsean.



Aleksandra Szczecinska
Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin

Ceapachán ar an mBord

Ceapadh é in Eanáir 2025 mar Chomhalta Neamhfheidhmiúcháin Boird.

Ballraíocht Coiste

An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca

Taithí Gairme

Tá Aleksandra ina Stiúrthóir Airgeadais ag Hattington Private Equity Group (Éire agus an Ríocht Aontaithe) le beagnach 20 bliain de thaithí san earnáil chothromais phríobháideach, lena n-áirítear cistí réadmhaoine rialaithe agus neamhrialaithe atá cláraithe ag CBI le punanna cónaithe, Cóiríochta Cuspóir-Thógtha do Mhic Léinn (PBSA), agus infheistíochta eastáit réadaigh tráchtála. Le déanaí, d'fhóin Aleksandra ar an gCoiste Iniúcháireachta, Dearbhaithe, agus Airgeadais (AAF) do Chomhlacht Ceadaithe Tithíochta Leibhéal 3, ag cur le saineolas ar chomhlíonadh airgeadais, rialachas agus pleanáil straitéiseach. Ina Comhalta de Chumann na gCuntasóirí Cairte Deimhnithe (FCCA), tá MSc aici sa Chuntasaíocht Ghairmiúil agus mba (AACSB, Amba, EQUIS) trí chreidiúnú ón Open University.

Ár bhFoireann Bainistíochta



Andrew Keaveney
Ceann Iasachta

Tá os cionn 35 bliain taithí ag Andrew ag obair in earnáil seirbhísí airgeadais na hÉireann. D'oibrigh sé le Banc na hÉireann agus le Banc Uladh Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe le linn na tréimhse sin i roinnt ról éagsúil bainistíochta agus ceannaireachta ar fud Oirthear na hÉireann, Lár na Tíre agus Iarthar na hÉireann. Tá roinnt cáilíochtaí aige lena n-áirítear Baisc-Sheirbhísí Airgeadais ó COBÁC/Smurfit. Chuaigh Aindrias isteach san GAT i mí na Samhna 2024.



John Corbett
Ceann TFC

Chuaigh John isteach sa GAT i mí na Nollag 2024, agus ghlac sé ról mar Cheann Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide. Roimhe seo bhí sé mar Cheann Teicneolaíochta ag World Rugby. Tugann sé breis agus 30 bliain taithí TF ar fud na dtionscal spóirt agus siamsaíochta agus seirbhísí airgeadais.



Heiko Krakowitzer
Ceann Riosca agus Comhlíonta

Tá tríocha bliain de thaithí ag Heiko ag obair sa Tionscal Airgeadais agus d'oibrigh sé roimhe sin ar feadh 23 bliain le Citigroup i ról cheannaireachta éagsúla, ar fud táirgí agus tíreolaíochtaí éagsúla. Tá PhD aige i Riarachán Gnó. Chuaigh Heiko isteach san GAT sa bhliain 2024.



Michelle Hennessy
Ceann Seirbhísí Corparáideacha

Bainistíonn Michelle rannáin Acmhainní Daonna agus Cumarsáide an GAT agus déanann sí maoirseacht ar réimsí ar nós Soláthar, Áiseanna agus Rialachas. Chuaigh sí isteach san GAT in 2022 mar Bhainisteoir Cumarsáide, tar éis di a bheith ag obair le breis agus deich mbliana roimhe sin i ról éagsúla san iriseoireacht chlóite agus chraolta.



Tuairisc na Stiúrthóirí

Cuireann na Stiúrthóirí a dtuairisc agus na Ráitis Airgeadais iniúchta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2024 i láthair.

Torthaí agus Díbhinní

	2024 €'000	2023 €'000
Gnóthachan aitheanta iomlán don bhliain	70,775	73,725
Cistí scairshealbhóirí ag tús na bliana	512,548	438,823
Cistí scairshealbhóirí ag deireadh na bliana	583,323	512,548

Toradh iontach is ea é seo agus léirítear leis seo brabúis a gineadh de bharr beartais, a cheadaigh na Stiúrthóirí i leith na gcorrlach, rud a dearadh lena chinntiú go mbeidh dóthain cúchistí ag GAT chun na costais a sheasamh a mheastar a thiocfaidh sa ghnó.

Ní mholann na Stiúrthóirí íocaíocht díbhinne i gcomhair 2024 (2023: nialas).

Tugtar cuntas mionsonraithe i nóta 18 a ghabhann leis na ráitis airgeadais ar rioscaí airgeadais na GAT, a haidhmeanna bainistíochta, mionsonraí faoina hionstraimí airgeadais agus gníomhaíochtaí fálaithe, agus a nochtadh do rioscaí creidmheasa, rioscaí leachtachta agus rioscaí margaidh. Tugtar aghaidh i dTuairisc na Stiúrthóirí ar na rioscaí suntasacha ó thaobh cúrsaí gnó a bhfuil GAT nochta dóibh.

Athbhreithniú ar fhorbairt an ghnó

Iasachtaí d'údaráis áitiúla (a cheadaíodh roimh an 27 Bealtaine 1986)

Bunaíodh GAT chun iasachtaí treoirnasctha a eisiúint d'údaráis áitiúla go dtabharfaidís siúd airgead ar iasacht ar bhonn gníomhaireachta do dhaoine aonair. San iomlán, tugadh €403 mhilliún ar airleacan d'údaráis áitiúla faoin scéim seo ó 1982 go 1986 agus úsáideadh é chun 15,571 mhorgáiste a mhaoiniú. Malartaíodh na hiasachtaí seo go hiasachtaí inathraitheach agus ráta seasta i 2015, ag aibíocht banna innéacsnasctha. Ag 31 Nollaig 2024 b'ionann iasachtaí den sórt sin agus fuilleach €1.14 milliún (2023: €1.14 milliún) a bhí gan íoc. Dlitear aon chaillteanais chreidmheasa a d'fhéadfadh teacht chun cinn as siocair na n-iasachtaí sin a chur ar GAT.

Iasachtaí d'údaráis áitiúla (a cheadaíodh tar éis an 27 Bealtaine 1986)

Le héifeacht ó mhí Bealtaine 1986, bhí GAT ag eisiúint iasachtaí d'údaráis áitiúla chun tacú le forbairt na tithíochta sóisialta chun na gcríoch arna gceadú faoi Achtanna na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 1966-2014. B'ionann luach na n-iasachtaí gan íoc a cuireadh ar fáil ó bhí an 27 Bealtaine 1986 ann, agus €3.16 (2023: €3.18 billiún) amhail ag deireadh mhí na Nollag 2024.

Coinníonn an t-údarás áitiúil cuid shuntasach de na cistí sin chun críocha ar nós tithíocht shoisialta. Tugann na húdaráis áitiúla an fuilleach ar iasacht d'iasachtaithe aonair. Bíonn na húdaráis áitiúla freagrach as aon chaillteanais a d'fhéadfadh teacht chun cinn i leith na n-iasachtaí sin. I gcomhthéacs:

- (i) gur comhlachtaí reachtúla iad údaráis áitiúla faoin Acht Rialtais Áitiúil, 2001 agus achtacháin eile;
- (ii) gurb ionann a n-ioncaim nó a gcistí agus urrúis ó thaobh íocaíochta dlíte

don GAT i ngach suim a bhíonn le híoc ag údaráis áitiúla (faoi mar atá leagtha amach sa chomhaontú idir gach údarás áitiúil agus an GAT);

- (iii) gurb é an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta a cheadaíonn gach iasacht a thugtar air airleacan d'údaráis áitiúla;
- (iv) tuisceant an Bhoird go dtacaíonn an Rialtas Láir le húdaráis áitiúla ina n-oibleagáidí do GAT a chomhlíonadh; agus,
- (v) nár bhain aon chaillteanais mar gheall ar iasachtaí do GAT maidir leis na hiasachtaí a tugadh ar airleacan d'údaráis áitiúla i ndiaidh 1986.

Is é tuairim an Bhoird nach fiú le háireamh é aon riosca creidmheasa, seachas riosca ceannasach, maidir le hiasachtaí a thugtar ar airleacan d'údaráis áitiúla ar an 27 Bealtaine 1986 nó dá éis agus níl aon fhorálacha caillteanais iasachta taifeadta i leith na n-iasachtaí sin.

In 2024, b'ionann ollmhéid na n-airleacan iasachtaí i ndiaidh mhí Bealtaine 1986 agus €158 milliún (2023: €174 milliún), b'ionann aisíocaíochtaí is fuascailtí agus €185 milliún (2023: €346 milliún), ag fágáil gur €27 milliún (2023: glanfuascailtí €172 milliún) don bhliain suim na nglanfuascailtí don bhliain. B'ionann iasachtaí den sórt sin agus iarmhéideanna €3.16 billiún (2023: €3.18 billiún) a bhí gan íoc. Féachann GAT obriú leis na húdaráis áitiúla le struchtúir chuí iasachtaí a fhorbairt dóibh gur fearr a bheidh siad ag teacht le cúinsí airgeadais na n-údarás féin. Maidir leis seo, féadfaidh GAT téarmaí sínte a sholáthar le haghaidh iasachtaí, tréimhsí leis an ús iarchurtha nó ath-idirbheartaíocht eile a thairiscint de réir mar is cuí. I rith 2023, rinne GAT ath-idirbheartaíocht i leith €20.5 milliún (2023: €8.30 milliún) d'iasachtaí nár bhain le morgáiste agus rinneadh idirbheartaíocht i rith na bliana i leith €nialas (2023: €nialas) iasacht a bhain le tithíocht. Tá an ath-idirbheartaíocht sin tarlaithe i gcomhthéacs an €3.16

billiún d'iasachtaí a tugadh air airleacan d'údaráis áitiúla faoi mar a bhí cúrsaí an 31 Nollaig 2024 (2023: €3.16 billiún) agus mar sin, is ionann é sin agus thart faoi 0.65% de ghníomhaíochtaí a bheith ina gníomhaíocht ath-idirbheartaíochta in 2024 (2023: 0.26%).

Tugadh tréimhsí sínte úis amháin d'iasachtaí ath-idirbheartaithe nach mbaineann le morgáiste agus iasachtaí a bhaineann le morgáiste, nach raibh lagú nó dí-aithint na sócmhainní iasachta bunaidh mar thoradh orthu toisc nach raibh siad suntasach modhnú téarmaí. Scoireann GAT de bheith ag meas go bhfuil ath-idirbheartaíocht déanta i leith na n-iasachtaí seo nuair a bheidh bliain amháin, d'aisíocaíochtaí sceidealaithe suas chun dáta, dulta in éag tar éis na hath-idirbheartaíochta. Maidir leis seo, measann GAT go ndearnadh ath-idirbheartaíocht i leith luach €20.5 milliún d'iasachtaí (2023: €8.30 milliún) ag 31 Nollaig 2024 agus gur aithníodh €0.31 milliún (2023: €0.11 milliún) d'ioncam úis ar na sócmhainní sin.

B'ionann suim an úis a fabhraíodh ar iasachtaí a athraíodh ar theacht in aibíocht dóibh an 31 Nollaig 2024 agus €nialas (2023: €nialas).

Cheadaigh Coistí Creidmheasa agus Bainistíochta an GAT, amhail an 31 Nollaig 2024, 1,399 iarratas ar iasacht (2023: 1,201) dar luach €8.20 billiún (2023: €6.15 billiún), agus tá €5.68 billiún de curtha chun cinn (2023: €4.37 billiún). Meastar go bhfógróidh 2025 fás leanúnach ar leibhéal na n-iasachtaí sa réimse seo. Bíonn idirghníomhú go minic ag an GAT le CCTanna chun an tsraith táirgí atá á dtairiscint a fhorbairt.

Táirge Catagóir 2

I 2016, thug GAT isteach táirge nua 'Catagóir 2' do CCTanna, lena bhféadfadh siad iarratas a dhéanamh ar iasacht, gan dul faoi mheasúnú iomlán na

Comhlachta Deimhnithe. Ó 1 Bealtaine 2022, méadaíodh an teorainn seo go €5 milliún. Tá naoi CCT sa chatagóir seo faoi láthair.

Déantar iarratais ar iasachtaí a bhreithniú ceann ar cheann. Go dtí seo, tá leas bainte ag trí CCT as an táirge Catagóir 2 agus ina dhiaidh sin bhain siad amach stádas mar Chomhlacht Deimhnithe.

Iasachtaí le hInstitiúidí Ardoideachais

Tugann na cumhachtaí seo rochtain do Institiúidí Ardoideachais ar mhaoiniú saor, seasta fad téarmach do chóiríocht do mhic léinn ar champas agus lasmuigh den champas, ag laghdú na costais go suntasach ar an gcaoi sin ar thionscadail do Ollscoileanna agus ag feabhsú inacmhainneacht do mhic léinn. Tá buntáiste breise le soláthar cóiríocht nua do mhic léinn le cur ar fáil le tuilleadh stoc cíosa reatha le tacú le tithíocht shóisialta agus inacmhainne sa bhreis. San am i láthair tá cúig Ollscoil ar ceadaíodh a n-áiseanna iasachta le iomlán de €256m le 2,218 seomra codlata do mhic léinn a sholáthar. Táthar ag súil go gheofar níos mó iarratais iasachta sa míonna le theacht. Réamhíoc an GAT cistí de €nialas (2023: €7 milliún) go institiúidí ardoideachais le linn 2024.

Gnóthas Leantach

Is ar bhonn an ghnóthais leantaigh a rinneadh na Ráitis Airgeadais a ullmhú. Agus measúnú á dhéanamh ar chumas GAT leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach, chuir Bord na Stiúrthóirí san áireamh na rioscaí suntasacha agus éiginnteachtaí a théann i bhfeidhm ar an GAT faoi láthair. Sa chuid maidir le Bainistíocht Rioscaí thíos agus sa chuid ar 'Rochtain ar Mhaoiniú agus Gnóthas Leantach' laistigh den chuid ar Bhonn Ullmhúcháin den Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta, liostaítear gníomhaíochtaí gnó GAT agus cuirtear san

áireamh na rioscaí agus éiginnteachtaí suntasacha a théann i bhfeidhm ar an GAT faoi láthair.

Anuas air sin, tugtar cuntas mionsonraithe i Nóta 18 a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais, ar rioscaí airgeadais GAT, a haidhmeanna bainistíochta; mionsonraí faoina hionstraimí airgeadais agus a nochtadh do rioscaí creidmheasa, rioscaí leachtachta agus rioscaí margaidh. Cuirtear an mheasúnacht ar ghnóthas leantach i láthair ar leathanach 51.

Bainistíocht rioscaí

Bíonn an Bord freagrach as córas bainistíochta rioscaí agus rialaithe inmheánaigh GAT, rud a dearadh chun bainistiú, seachas díothú ar fad, a dhéanamh ar an riosca go dteipfear ar iarrachtaí le cuspóirí gnó a chomhlíonadh, agus ní féidir leis an gcóras seo ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú absalóideach a sholáthar i gcoinne míráitis nó caillteanais ábhartha.

Tá an fhreagracht as monatóireacht leanúnach ar éifeachtacht an chórais seo tarmligthe ag an mBord chuig an gCoiste Iniúcháireachta agus Rioscaí. Leagtar mionsonraí amach i ndáil le hobair an Choiste maidir leis seo i dTuairisc an Choiste Iniúcháireachta agus Rioscaí ar leathanaigh 50 go 57.

Tuairiscíonn an Príomhfheidhmeannach don Bhord thar cheann na Bainisteoireachta freisin maidir le hathruithe suntasacha sa timpeallacht ghnó agus sa timpeallacht sheachtrach, a théann i bhfeidhm ar rioscaí. Is mír sheasta cúrsaí rioscaí ar chlár oibre gach cruinniú Boird. Sa chás go n-aithnítear réimsí infheabhsaithe sa chóras, breithníonn an Bord na moltaí arna ndéanamh ag mBainisteoireacht agus ag an gCoiste Iniúcháireachta agus Rioscaí.

Stiúrthóirí

Tá na Stiúrthóirí tar éis na príomhrioscaí agus neamhchinnteachtaí a théann i bhfeidhm ar an GAT a mheas. Maidir leis seo, tá na Stiúrthóirí tagtha ar an gconclúid go bhféadfadh GAT a bheith nochta do rioscaí ó thaobh cúrsaí creidmheasa, leachtachta agus ón margadh mar gheall ar an úsáid a bhaineann sí as ionstraimí airgeadais le haghaidh cineálacha áirithe iasachtaí. Tá cuspóirí, beartais agus nósanna imeachta GAT maidir leis na rioscaí seo a thomhas agus bhainistiú leagtha amach thuas agus i Nóta 18 a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais. Níl aon leasanna i scaireanna nó i mbintíúir GAT ag na Stiúrthóirí nó ag an Rúnaí.

Conarthaí

Níl aon conarthaí le haithint.

Imeachtaí i ndiaidh an ráitis maidir leis an staid airgeadais

Níor tharla aon imeachtaí ó dheireadh na bliana a d'fhágfadh go gcaithfí na ráitis airgeadais a mhionathrú nó nóta a chur leo.

An tAcht Toghcháin, 1997

Níor thug an GAT aon síntiúis pholaitíochta i rith na bliana.

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Mhall in Idirbhearta Tráchtála) 2012

Tá dlite ar GAT ceanglais Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Mhall i leith Idirbhearta Tráchtála), 2012 a chomhlíonadh, rialacháin lenar tugadh éifeacht do Threoir Uimh. 2011/7/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2011 agus dá réamhtheachta, Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Mhall in Idirbhearta Tráchtála), 2002. Taispeánann athbhreithniú a rinneadh ar

na híocaíochtaí go léir i rith na bliana dar críoch 31 Nollaig 2024 nach ndearnadh aon íocaíochtaí déanacha i rith 2024 faoin Acht thuas.

Taifid Chuntasaíochta

Is eol do na Stiúrthóirí a gcuid freagrachtaí faoi Ailt 281 go 285 d'Acht na gCuideachtaí 2014 maidir le cibé, dar leo, gur leor taifid chuntasaíochta GAT go mbeifí in ann na ráitis airgeadais a iniúchadh go réidh agus i gceart agus go bhfuil siad ag comhlíonadh a bhfreagrachta trína chinntiú go mbeidh go leor acmhainní de chuid na cuideachta ar fáil don tasc. Coinnítear na taifid chuntasaíochta ag ofig chláraithe GAT ag 46 Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2.

Rialachas Corparáideach

De réir mar a d'éiligh Cód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, a ghlac an GAT, d'ullmhaigh na Stiúrthóirí Ráiteas Rialachais Chorporáidigh, atá leagtha amach ar leathanaigh 44 go 49, agus ar chuid de Thuairisc na Stiúrthóirí é chun críocha na hIonstraime Reachtúla 450/2009 de chuid Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Treoir 2006/46).

Iniúcháirí

De réir Alt 383(2) d'Acht na gCuideachtaí, 2014, leanfaidh na hiniúcháirí, PKF Brenson Lawlor, Cuntasóirí Cairte, ar aghaidh le bheith in oifig. Molfar rún le húdarú a thabhairt do na Stiúrthóirí a luach saothair a dhéanamh amach, ag an Ollchruinniú Ginearálta.

Príomhrioscaí agus neamhchinnteachtaí

Tá na Stiúrthóirí tar éis na príomhrioscaí agus neamhchinnteachtaí a théann i bhfeidhm ar an GAT a mheas. Maidir leis seo, tá na Stiúrthóirí tagtha ar an gconclúid go bhféadfadh GAT a bheith nochta do rioscaí ó thaobh cúrsaí creidmheasa,

leachtachta agus ón margadh, go príomha, mar gheall ar an úsáid a bhaineann sí as ionstraimí airgeadais. Tá cuspóirí, beartais agus nósanna imeachta GAT maidir leis na rioscaí seo a thomhas agus bhainistiú leagtha amach i Nóta 18 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

Ráiteas faoi Chomhlíonadh

Chuir na Stiúrthóirí i bhfeidhm socruithe nó struchtúir iomchuí a chuirfidh, dar leo, dearbhú réasúnta ar fáil do bhfuiltear ag comhlíonadh na ngnéithe ábhartha “d’Oibleagáidí Ábhartha” GAT chun críche alt 225 d’Acht na gCuideachtaí 2014 (na “nOibleagáidí Ábhartha”).

Is iad na príomhshocruithe agus struchtúir ar bhain GAT leas astu, chun comhlíonadh ábhartha na n-oibleagáidí sin a chinntiú, go bhfuil pearsanta cáilithe a bhfuil an taithí chuí acu (idir fhoireann inmheánach agus comhairleoirí seachtracha) ann chun cuidiú leo na feidhmeanna comhlíonta dlí agus cánach a chomhlíonadh. Ina thaobh sin, feictear do na Stiúrthóirí go bhfuil an t-eolas agus an taithí ag Rúnaí an Chomhlachta comhairle a chur ar GAT maidir leis an méid atá a Oibleagáidí Ábhartha á gcomhlíonadh ag an gComhlacht.

Tá GAT i dteideal úsáid a bhaint as agus rochtáin a bheith acu ar sholáthraithe seirbhís agus comhairleoirí gairmiúla eile a bhfuil an t-eolas agus an taithí riachtanach acu chun comhairle a chur ar GAT maidir le comhlíonadh agus Oibleagáidí Ábhartha freisin.

Go háirithe, tá na Stiúrthóirí sásta go bhfuil Rúnaí na Cuideachta:

- go hiomlán faisnéisithe maidir le halt 225 d’Acht na gCuideachtaí 2014;
- ar an eolas faoi agsu go dtuigeann sé/sí na hOibleagáidí Ábhartha agus a n-ábharthacht maidir le gnó agus oibríochtaí GAT, agus vice versa;

- tar éis measúnú riosca a dhéanamh i ndáil leis an hOibleagáidí Ábhartha sin atá laistigh dá fhreagracht fheidhmiúil agus oibríochtúil;
- tar éis an próiseas iomchuí rialaithe a chur i bhfeidhm i ndáil le gach Oibleagáidí Ábhartha infheidhmithe;
- ar an eolas riachtanach, nó in ann rochtain a fháil ar phearsanra eile a bhfuil an eolas, na scileanna, an taithí agus na hacmhainní aige aici chun comhairle a chur ar GAT maidir le comhlíonadh na nOibleagáidí Ábhartha ag an gComhlacht; agus
- ag tuairisciú go rialta do Bhord Stiúrthóirí GAT, agus trí chaineáil oibríochtúla níos minice más gá, i ndáil leis an próisis rialaithe atá i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfuil GAT ag comhlíonadh na nOibleagáidí Ábhartha go hábhartha;
- sa chaoi is, á gcur go léir le chéile, go gcuireann na socruithe agus na struchtúir dearbhú ar fáil go bhfuil GAT ag comhlíonadh na nOibleagáidí Ábhartha go hábhartha, ar gach bealach ábhartha.

Déanfaidh an Bhord athbhreithniú ar na socruithe seo go bliaintiúl ar a laghad.

Díbhinn

Níl aon díbhinn le fógairt i gcomhair 2024.



Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí

Bíonn na Stiúrthóirí freagrach as an Tuarascáil Bhliantúil agus ráitis airgeadais a ullmhú, de réir na ndlíthe agus na rialachán is infheidhme. Ceanglaíonn dlí na gcuideachtaí ar na Stiúrthóirí Ráitis Airgeadais a ullmhú i leith gach bliain airgeadais. Faoi dlí sin roghnaigh na Stiúrthóirí na Ráitis Airgeadais a ullmhú de réir Acht na gCuideachtaí 2014 agus FRS 102 (an Caighdeán Tuairisceoireachta is infheidhme RA agus i bPoblacht na hÉireann arna n-eisiúint ag an gComhairle Tuairisceoireachta Airgeadais). Faoi dhlí na gcuideachtaí, caithfidh na Stiúrthóirí na Ráitis Airgeadais a cheadú nuair atá siad sásta go dtugann siad léargas fíor cothrom ar ghnóthaí GAT agus ar an fharasbarr agus ar an easnamh don tréimhse sin.

Agus na Ráitis Airgeadais á n-ullmhú acu, ceanglaítear ar na Stiúrthóirí:

- beartais chuntasaíochta chuí a roghnú agus ansin iad a fheidhmiú ar bhealach comhleanúnach;
- breithiúnais agus meastach.áin a dhéanamh a bheidh réasúnach agus stuama;
- gilleadh le caighdeáin cuntasaíochta, na caighdeáin sin a aithint, agus na héifeachtaí agus fáthanna ar son aon imeachtaí ábhartha ó na caighdeáin sin a nótaíl agus;
- na Ráitis Airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin sa chás gur mí-oiriúnach glacadh leis go leanfaidh GAT ar aghaidh i mbun gnó.

Ceanglaítear ar na Stiúrthóirí faoi dhlí na gcuideachtaí freisin Tuairisc Stiúrthóirí a chur isteach lena n-áirítear athbhreithniú cothrom ar an ngnó agus cur síos ar na

príomhríoscaí agus éiginnteachtaí. Faoi dhlí na gcuideachtaí, ceanglaítear ar na Stiúrthóirí tuairisc a ullmhú le déileáil, oiread agus is ábhartha le staid ghnóthaí na cuideachta a thuiscint, le haon athrú i rith na bliana airgeadais ar chineál gnó na cuideachta.

Bíonn na Stiúrthóirí freagrach as leabhair chuntais chearta a choimeád a nochtann le cruinneas réasúnach ag am ar bith staid airgeadais na GAT agus a chuireann ar a gcumas a chinntiú go gcomhlíonann a Ráitis Airgeadais Acht na gCuideachtaí 2014. Bíonn siad freagrach freisin as gach beart is féidir leo a dhéanamh le réasún a dhéanamh chun sócmhainní na cuideachta a chosaint agus chun teacht roimh chalaois agus mhírialtachtaí eile agus iad a bhrath.

Bíonn na Stiúrthóirí freagrach freisin as an láithreán gréasáin (www.hfa.ie) a chothabháil agus as sláine an láithreáin.

Dearbhaíonn gach duine de na Stiúrthóirí, ar feadh eolas agus tuairim gach duine,

- go dtugann Ráitis Airgeadais na GAT, arna ullmhú de réir FRS 102, léargas fíor cothrom ar shócmhainní, ar dhliteanais, agus ar staid airgeadais na GAT mar a bhí ag 31 Nollaig 2024 agus ar bhrabús na GAT don bhliain dar chríoch sin; agus,
- go bhfuil an Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais, agus iad á nglacadh le chéile mar aonad iomlán, cothrom, comhardaithe agus intuigthe agus go soláthraíonn siad an fhaisnéis atá riachtanach go ndéanfaidh scairshealbhóirí measúnacht ar fheidhmíocht na GAT, mar aon lena múnla agus a straitéis gnó.

Ráiteas Faisnéisithe chuig Iniúchóir

Cinntíonn gach Stiúrthóir in oifig ag dáta ceadúcháin an Tuasascáil Bhliantúil seo:

- nach bhfuil aon eolas iniúchta ábhartha atá Iniúchóir na Cuideachta neamhchinnte faoi; agus
- go dearn na Stiúrthóirí gach beart ar cheart déanamh mar Stiúrthóirí le iad féin a chuir ar an eolas faoi aon eolas iniúchta ábhartha agus fáil amach go bhfuil Iniúchóir na Cuideachta ar an eolas faoin teolas.

Tá an deimhniú seo tugtha agus ba cheart féachaint air de réir foráil Alt 330 de Acht na gCuideachtaí 2014.

Thar ceann an bhoird,



Frank Allen
Cathaoirleach
28 Márta 2025



Deirdre Collier
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
28 Márta 2025



Rialachas Corparáideach

Tá na Stiúrthóirí tiomanta do na caighdeáin is airde rialachais chorporáidigh a choinneáil agus comhlíonann siad an Cód Cleachtais athbhreithnithe do Rialachas Comhlachtaí Stáit (an Cód), mar atá foilsithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe. Tá an Cód athbhreithnithe agus nuashonraithe deartha chun a chinntiú go gcomhlíonann comhlachtaí Stáit tráchtála agus neamhthráchtála na caighdeáin is airde de rialachas corparáideach. Soláthraíonn sé creat chun an cleachtas is fearr a chur i bhfeidhm agus tá sé beartaithe forbairtí a chur san áireamh maidir le maoirseacht, riachtanais tuairiscithe agus ceapadh comhaltaí Boird. Tá an Cód bunaithe ar bhunphrionsabail an dea-rialachais: cuntasacht, trédhearcacht, ionracas agus fócas ar rath inbhuanaithe na heagraíochta san fhadtéarma.

Rinne an Bord athbhreithniú ar a cuid oibleagáidí le déanaí faoin gCód lena n-áireofar ceanglais bhreise ar an mBord maidir le comhsheasmhacht agus oiriúnacht cúrsaí a nochtadh, chomh maith le halt ar leith don Choiste Iniúcháireachta sa Tuarascáil Bhliantúil. Tá 'Ráiteas Rialachais Chorporáidigh' ullmhaithe ag na Stiúrthóirí agus leagtar an Ráiteas seo amach sa chuid seo agus, chun críocha Rialacháin Ionstraim Reachtúil 450/2009 ón gComhphobal Eorpach (Treoir 2006/46) 2009, déanann an ráiteas seo cuid de Thuairisc na Stiúrthóirí. Tá an an Cód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit comhlíonta ag an GAT.

Cur i bhFeidhm Phrionsabail agus Fhorálacha Chód Rialachais Chorporáidigh RA

Míníonn an t-eolas seo a leanas an chaoi a gcuireann GAT prionsabail agus forálacha an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe.

Bord na Stiúrthóirí

Déanann an Bord na mórchinntí straitéiseacha, agus coinníonn sé aige féin an rialú lánéifeachtach ach san am céanna tugann sé don bhainistíocht feidhmiúcháin dóthain solúbthachta chun an gnó a reáchtáil go héifeachtúil éifeachtach laistigh de fhrámaíocht lárnaithe tuairisceoireachta.

Tá sceideal foirmiúil ábhair a bhaineann le GAT agus a treo sa todhchaí ag an mBord le cinntí a dhéanamh ina leith, amhail gnóthachtálacha agus diúscairtí móra, ceapachán agus aistriú Rúnaí na Cuideachta, buiséid caiteachais agus beartais um bainistiú riosca. Tugann gach Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin breithiúnas neamhspleách leis nó léi i leith na ngnóthaí a bpléann an Bord leo, lena n-áirítear na cinn sin a bhaineann le straitéis, feidhmíocht, acmhainní agus caighdeáin iompraíochta. Is féidir le gach comhalta den Bhord teacht ar chomhairle agus ar sheirbhísí Rúnaí na Cuideachta, a bhíonn freagrach as a chinntiú go leantar nósanna imeachta an Bhoird agus go gcomhlíontar na rialacha agus na rialacháin is infheidhme. Bíonn comhairleoirí gairmiúla GAT ar fáil le haghaidh comhairliúcháin leis na Stiúrthóirí de réir mar is gá. Féadfaidh Stiúrthóirí Aonair comhairle ghairmiúil neamhspleách a ghlacadh, más gá, ar chostas GAT.

Ar 31 Nollaig 2024, bhí Bord na Stiúrthóirí comhdhéanta de aon Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin dhéag agus Stiúrthóir Feidhmiúcháin amháin. Ceapann an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht na Stiúrthóirí i gcomhchomhairle leis an Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe ar feadh tréimhse nach mó ná cúig bliana, ach amháin sa chás gur cuí leis an Aire Stiúrthóir a athcheapadh ar feadh an darna téarma, go hocht mbliana ar a mhéad. Bíonn ról an Chathaoirligh agus ról an

Phríomhfheidhmeannaigh scartha ó chéile. Fostaítear an Príomhfheidhmeannach ar bhonn lánaimseartha agus ní bhíonn aon ghnóthaí suntasacha eile ar a chúram. Bíonn gach Stiúrthóir eile, ach amháin an POF, ina Stiúrthóirí Neamhfheidhmiúcháin neamhspleácha. Tháinig an Bord le chéile naoi n-uaire in 2024 agus bíonn sé freagrach as GAT a bhainistiú i gceart. Athcheapadh ceathrar Stiúrthóirí ag tús 2022 agus tá á dtéarmaí ag dul in éag ag deireadh 2024. Tá téarmaí

ag stiúrthóir amháin a thagann chun deiridh in 2025. D'éirigh Barry O'Leary as a phost mar Phríomhfheidhmeannach 28 Meitheamh 2024. Ceapadh ár bPríomhfheidhmeannach reatha Deirdre Collier 1 Deireadh Fómhair 2024, in áit ár bPríomhfheidhmeannach eatramhach Fergal Ó Riagáin. Bhí beirt chomhaltaí Boird nua ceaptha againn i rith na bliana, James Lidiarth agus Laura Behan i Márta 2024. Tá téarmaí ag na Stiúrthóirí eile go léir a scoirfidh i mBealtaine 2027.

Tinreamh ag cruinnithe i rith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2024 agus fad seirbhíse ag an 31 Nollaig 2024

	Cruinnithe a reáchtáladh	Tinreamh Stiúrthóirí	Tréimhse Seirbhíse ar an mBord i mblianta
Frank Allen (Cathaoirleach Neamhfheidhmiúcháin)	9	9	2.63 bliain
Barry O'Leary (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin) *	5	4	9.16 bliain
Deirdre Collier (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin) **	3	3	1.29 bliain
Laura Behan (Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin) ***	7	7	0.78 bliain
Tom Enright (Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin)	9	7	2.63 bliain
Aideen Hayden (Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin)	9	9	7.82 bliain
William Johnston (Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin)	9	9	7.82 bliain
Michael Lee (Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin)	9	9	2.63 bliain
James Lidiarth (Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin) ****	7	6	0.78 bliain
Thomas McDermott (Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin)	9	9	2.63 bliain
Rory O'Leary (Non-Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin) *****	2	2	3.01 bliain
Fergal O'Riagain (PFO eatramhach, Stiúrthóir) *****	2	2	0.24 bliain
David Owens (Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin)	9	8	2.63 bliain
Lianne Patterson (Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin)	9	6	7.82 bliain
Jennifer Ward (Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin)	9	0	7.82 bliain

* D'éirigh Barry O'Leary as a phost mar Phríomhfheidhmeannach an 28 Meitheamh 2024

** Ceapadh Deirdre Collier mar POF an 1 Deireadh Fómhair 2024, seirbhís roimhe seo mar Stiúrthóir Boird an 17 Bealtaine 2022 go dtí an 31 Bealtaine 2023 (1.04 bliain seirbhíse)

*** Laura Behan ceaptha an 22 Márta 2024

**** Ceapadh James Lidiarth an 22 Márta 2024

***** D'éirigh Rory O'Leary as a phost ar 5 Márta 2024

***** Fergal Ó Riagáin ceaptha ina Phríomhfheidhmeannach Eatramhach, Stiúrthóir 1 Iúil 2024, ag éirí as an 25 Meán Fómhair 2024

Tá Bord GAT comhdhéanta de dhaoine aonair a thugann raon leathan agus fairsinge taithí do ghníomhaíochtaí GAT, agus iad roghnaithe as measc saineolaithe i réimsí amhail bonneagair, forbairt inbhuanaithe, beartas tithíochta, luacháil tithíochta, na Ranna Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht agus ba cheart go gcumasóidís do GAT aghaidh a thabhairt ar dhúshláin ollmhóra amach anseo.

Luach Saothair na Stiúrthóirí

Cinneann an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta leibhéal luach saothair na Stiúrthóirí. Ní bhíonn luach saothair na Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin nasctha le feidhmíocht. Tugann an tábla thíos mionsonraí na dtáillí go léir a íocadh le Stiúrthóirí i rith na bliana.

Comhaltaí	Táillí 2024€	Táillí 2023€
Frank Allen (Cathaoirleach neamh-fheidhmiúcháin)	11,970	11,970
Deirdre Collier (Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin) *	-	3,210*
Laura Behan (Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin) **	-	-
Tom Enright (Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin) ***	6,553	-
Aideen Hayden (Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin)	7,695	7,695
William Johnston (Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin)	7,695	7,695
Michael Lee (Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin)	7,695	7,695
James Lidierth (Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin)	5,983	-
Thomas McDermott (Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin)	7,695	7,695
Rory O’Leary (Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin) ****	-	-
David Owens (Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin) **	-	-
Lianne Patterson (Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin)	7,695	7,695
Jennifer Ward (Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin)	7,695	7,695
	70,676	61,350

* D’éirigh Deirdre Collier as a post mar Stiúrthóir ar an 31 Bealtaine 2023

** Níor cheart luach saothair a íoc le seirbhísigh phoiblí atá ag fónamh ar bhoird stáit i gcáil ex officio nó thar ceann a Máthair-Roinne/eagraíochta i bhfoirm táillí boird agus iad ag fónamh i gcáil ionadaíochta den sórt sin.

*** D’éirigh Tom Enright as a phost mar sheirbhíseach poiblí ar an 23 Feabhra 2024

**** D’éirigh Rory O’ Leary as ar an 5 Márta 2024

Tá mionsonraí ar luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh leagtha amach i Nóta 8 de na Ráitis Airgeadais.

An Coiste um Fheidhmíocht agus Fhorbairt Eagraíochtúil

Mhol Rialachas Éireann nuair a comhaontaíodh straitéis GAT 2026 leis an Roinn, gur chóir dó treoir a thabhairt don Bhord maidir lena ról féin a athlua agus maidir le cinneadh a dhéanamh ar chruth struchtúr, próiseas agus tacar

faisnéise a bheidh ag teastáil amach anseo chun tacú lena chuid oibre. Go háirithe, ba chóir don mBord suntasacht níos mó a thabhairt dá fhreagrachtaí maidir le maoirseacht feidhmíochta agus maoirseacht riosca agus a chlár oibre amach anseo á chur le chéile aige.

Ainmníodh an Coiste in 2022 agus feidhmíonn an Coiste faoi théarmaí tagartha foirmiúla atá faofa ag an mBord.

Tinreamh ag cruinnithe OPDC i rith na bliana dar críoch 31 Nollaig 2024

Comhaltaí	Cruinnithe a tionóladh	Tinreamh Comhaltaí
Tom Enright (Cathaoirleach an Choiste)*	2	2
Deirdre Collier (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin)**	1	1
Fergal Ó Riagáin (Príomhoifigeach eatramhach)***	1	1
Frank Allen	2	2
Laura Behan	2	2
David Downing****	2	2
Aideen Hayden	2	2
Andrew Keaveney*****	1	1
Heiko Krakowitzer*****	2	2
Maria O’Reilly*****	1	1
Lianne Patterson	2	2

* Tom Enright ceaptha mar Chathaoirleach 25 Aibreán 2024

** Ceapadh Deirdre Collier mar POF an 1 Deireadh Fómhair 2024

*** Fergal Ó Riagáin ceaptha ina Phríomhfheidhmeannach Eatramhach, Stiúrthóir 1 Iúil 2024, ag éirí as an 25 Meán Fómhair 2024

**** David Downing ceaptha mar Cheann Airgeadais an 4 Meitheamh 2024

***** Andrew Keaveney ceaptha mar Cheann Iasachta 7 Samhain 2024

***** Heiko Krakowitzer ceaptha mar Cheann Riosca agus Comhlíonta 1 Márta 2024

***** Maria O’Reilly ceaptha ina Ceann Gníomhach ar Iasacht an 1 Iúil 2024 agus d’éirigh sí as an 10 Samhain 2024

Eitic in Oifig Phoiblí

Tá an GAT san áireamh i Ionstraim Reachtúil uimh. 699 de 2004 le haghaidh an Acht um Eitice in Oifigí Phoiblí 1995 agus 2001. Comhlíon Comhaltaí an GAT agus foireann cuí á oibleagáid faoin reactaíocht seo.

An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014

Níor rinneadh aon nochtuithe cosanta leis an GAT le linn 2024.

Ceartha an Duine agus Comhionannas

De réir Alt 42 den Acht um Choimisiún um Chearta an Duine agus Comhionannas na hÉireann, 2014 tá nósanna imeachta bunaithe agus cothabhála ag an GAT chun deireadh a chur le hidirdhealú, comhionannas a chur chun cinn agus ceartha daonna na ndaoine a úsáideann seirbhísí na Gníomhaireachta, daoine a dtéann a cuid beartas i bhfeidhm orthu agus daoine atá fostaithe ag an nGníomhaireacht a chosaint.

Tá grúpa oibre bunaithe ag an GAT chun tosaíochtaí agus príomhluachanna a aithint sa réimse seo, a ionchorprófar sa chéad Phlean Corparáideach eile de chuid an GAT. Déanfar dul chun cinn a thuairisciú i dTuarascáil Bhliantúil 2025.

Maidir le 2024, ní dhearnadh aon nochtadh don Ghníomhaireacht faoin Acht um Choimisiún um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014.

Costais Riaracháin

Ag teacht le hAguisín B.7 den Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, seo a leanas an líon fostaithe ar sháraigh a sochair gearrthéarmacha €60,000 sa bhliain (costais phinsin an fhostóra as an áireamh):

€	Líon
160,001-170,000	1
150,001-160,000	-
140,001-150,000	-
130,001-140,000	-
120,001-130,000	-
110,001-120,000	1
100,001-110,000	3
90,001-100,000	2
80,001-90,000	2
70,001-80,000	2
60,001-70,000	3

Chomh maith leis sin, de réir mar a cheanglaítear faoi Aguisín B.5 den Chód, seo a leanas an caiteachas ar comhairleoireacht sheachtrach/seirbhísí comhairleoireachta le haghaidh 2024:

Táillí dlíthiúla: €2,434,077 (2023: €1,732,065). Tá táillí dlíthiúla ceangailte go díreach le tíolacais.

Táillí comhairleoireachta bainistíochta: €23,759 (2023: €25,516).

B’ionann iomlán na speansas arna n-aisíoc le Stiúrthóirí le haghaidh taistil agus cothabhála agus: €6,878 (2023: €10,794) agus don taisteal idirnáisiúnta (i ndáil le RA agus AE) agus éiníalas (2023: éiníalas).

B’ionann na speansais le haghaidh taistil agus cothabhála d’fhostaithe: €6,020 (2023: €7,349) agus don taisteal idirnáisiúnta (i ndáil le RA agus AE) agus éiníalas (2023: éiníalas). Caiteachas ar fháilteachas: €8,632 (2023: €8,042).

Coistí Boird

Tá struchtúr éifeachtach de choistí ag an mBord chun cabhrú leis a chuid freagrachtaí a chomhlíonadh. Féach ar na téarmaí tagartha do gach coiste boird atá ar fáil ar láithreán gréasáin GAT, www.hfa.ie.

Coist Iniúcháireachta agus Rioscaí

Féach ar Thuairisc an Choiste Iniúcháireachta and Rioscaí igh idir 50 go 57.

Coiste Creidmheasa

Tá Coiste Creidmheasa GAT comhdhéanta de chomhaltaí Boird agus an Bhainistíocht. Bunaíodh an Coiste sa bhliain 2009 chun rioscaí creidmheasa a choimeád faoi chuimsiú bheartas an Bhoird, le hathbhreithniú a dhéanamh ar acmhainneacht chreidmheasa CCTanna agus le teorainneacha maidir rioscaí creidmheasa a cheadú agus sula dtéitear ar aghaidh chun airgead dá leithéid a thabhairt ar airleacan do CCTanna. Feidhmíonn an coiste faoi théarmaí tagartha foirmiúla atá ceadaithe ag an mBord.

Tinreamh ag cruinnithe i rith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2024

Comhaltaí	Cruinnithe a tionóladh	Tinreamh Comhaltaí
Frank Allen (Cathaoirleach an Choiste)	11	11
Barry O’Leary (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin) *	6	5
Deirdre Collier (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin) **	3	3
Seán Cremen ***	4	3
David Downing****	6	5
Aideen Hayden	11	11
Andrew Keaveney*****	1	1
Heiko Krakowitzer*****	7	6
William Johnston	11	11
Michael Lee	9	7
James Lidierth	2	2
Maria O’Reilly	11	10

* D’éirigh Barry O’Leary as a phost mar Phríomhfheidhmeannach an 28 Meitheamh 2024

** Ceapadh Deirdre Collier mar POF an 1 Deireadh Fómhair 2024

*** Seán Cremen ar scor 4 Aibreán 2024

**** David Downing ceaptha ag cruinniú mhí Iúil 2024

***** Heiko Krakowitzer ceaptha ag Cruinniú Márta 2024

***** Andrew Keaveney ceaptha ag Cruinniú mhí na Nollag 2024

Ionduchtú agus Forbairt Ghairmiúil

Tá próiseas ionductaithe ann do Stiúrthóirí nua. Athraíonn a mbíonn i gceist leis idir Stiúrthóirí Feidhmiúcháin agus Stiúrthóirí Neamhfheidhmiúcháin. Maidir leis an dara grúpa, tá an t ionductú deartha le Stiúrthóirí Neamhfheidhmiúcháin a chur ar an eolas faoi GAT agus a cuid oibriúchán, agus cuimsítear soláthar ábhair faisnéise ábhartha, lena n-áirítear mionsonraí de phleananna oibríochtúla agus straitéiseacha na GAT, mar aon le clár cruinnithe leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus le lucht na Bainistíochta.

Caidreamh le Páirtithe Leasmhara

Coinníonn na Stiúrthóirí agus an Bhainistíocht plé leanúnach ar bun le páirtithe leasmhara GAT maidir le ceisteanna straitéiseacha. Bíonn ceadú ón Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht agus/nó ón Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe riachtanach i leith gnóthaí sainithe áirithe agus coinnítear cumarsáid leanúnach ar bun leis na hAirí, trína Ranna, i leith na ngnóthaí sin.

Ríomhphost tiomnaithe le haghaidh comhaltaí Oireachtais

Tá ríomhphost tiomnaithe ag an GAT do chomhaltaí Oireachtais chun go bhféadfaí fiosruithe GAT a dhéanamh - oireachtas.enquiries@hfa.ie. Fuair GAT dhá fhiosrú dá leithéid i 2024 (2023: dhá fhiosrú). Cuireadh admháil go bhfuarthas na ríomhphoist sin agus freagraíodh iad in am trátha.

Cuntasacht agus Iniúcháireacht Cuntais agus Freagrachtaí na Stiúrthóirí

Tá na Stiúrthóirí tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar Thuarascáil Bhliantúil 2024 agus tá siad den tuairim go gcuireann sé measúnú cóir, fíorcheart, cothrom i láthair de staid agus ionchais GAT.

Ráiteas maidir le hInmharthanacht

Rinne na Stiúrthóirí measúnú ar inmharthanacht GAT ag cur san áireamh a staid reatha agus na príomhrioscaí a gcaithfidh GAT aghaidh a thabhairt orthu don chéad dá bhliain eile go dtí an 31 Nollaig 2026. Ghlac na Stiúrthóirí leis go bhfuil tréimhse dhá bhliain ina thréimhse iomchuí don mheasúnú bliantúil fócais a gcaithfear próiseas planála straitéisí GAT a chur i bhfeidhm lena linn.

Sa mheasúnú breithníodh an fheidhmíocht, maoiniú agus bainistiú leachtachta atá ann faoi láthair ag GAT, maille le creat rialachais agus eagrúcháin GAT a bhféachann an eagraíocht lena mbainistiú agus, más féidir, riosca a mhaolú, de réir mar atá sonraithe i Nóta 18. Tugadh faoi agus ceapadh measúnú ar na príomhrioscaí os comhair an GAT le iad sin atá éifeacht acu ar na hoibríochtaí, rialú agus córais rialaithe inmheánach san áireamh. Tá sonraithe seo san áireamh i Nóta 18. Tá ionchas réasúnta ag na Stiúrthóir, ag cur staid reatha GAT san áireamh, agus faoi réir na rioscaí a sainithníodh, go leanfaidh GAT ag feidhmiú agus go leanfaidh sé ag comhlíonadh a dhliteanas, de réir mar a thiocfaidh siad chun cinn thar thréimhse dhá bhliain an mheasúnaithe.

Ráiteas faoi Chomhlíonadh Rialachais Chorporáidigh Iniúcháireacht inmheánach

Tá na Stiúrthóirí sásta go dtugtar leibhéal leordhóthanach neamhspleáchais d’fheidhm na hiniúcháireachta inmheánaí chun ligean di a cuid dualgas a chomhlíonadh ar bhealach oibiachtúil atá sách neamhspleách.

Nochtadh maidir leis an scéim pinsin le sochar sainithe do Stiúrthóirí

Chomhlíon na Stiúrthóirí na treoirlínte maidir le nochtadh a leagtar amach sa Chód Cleachtais do Chomhlachtaí Stáit.

Thar ceann an bhoird,



Frank Allen
Stiúrthóir
28 Márta 2025



Deirdre Collier
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
28 Márta 2025

Tuarascáil an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca

Is é cuspóir an Choiste Iniúcháireachta agus Rioscaí, Mar atá leagtha amach in a théarmaí tagartha, cabhrú leis an mBord lena mhaoirseacht ghinearálta ar thuaisceoireacht airgeadais, rialuithe inmheánacha agus ar fheidhmeanna iniúcháireachta GAT. Comhlíontar freagrachtaí an Choiste Iniúcháireachta trína chruinnithe agus trí thuairiscí a fháil ón mBainistíocht, Ceannasaí Riosca agus Comhlíonta, comhairleoirí seachtracha agus na hiniúcháirí seachtracha agus inmheánacha. Tá clár oibre ag an gCoiste Iniúcháireachta don bhliain lena n-áirítear:

- monatóireacht ar an bpróiseas tuairisceoireachta airgeadais, ar ionracas na ráiteas airgeadais agus ar aon fhógraí foirmiúla a bhaineann le feidhmíocht GAT ó thaobh cúrsaí airgeadais;
- monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht shocruithe GAT maidir le rioscaí a bhainistiú agus cúrsaí a rialú go himmheánach;
- athbhreithniú a dhéanamh ar bhreitheanna suntasacha maidir leis an tuairisceoireacht airgeadais;
- athbhreithniú a dhéanamh ar aon athruithe a bheartaítear a dhéanamh ar chleachtais rialachais chorparáidigh agus tacaíocht a thabhairt go nglacfaidh an Bord na hathruithe sin;
- monatóireacht a dhéanamh ar Iniúcháireacht reachtúil na Ráiteas Airgeadais Bliantúil;
- athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht, ar oibiachtúlacht, ar cháilíochtaí agus ar neamhspleáchas an Iniúchára Seachtraigh;

- moltaí a dhéanamh don Bhord i ndáil le ceapachán an Iniúchára Seachtraigh, luach saothair is téarmaí fostaíochta na nIniúcháirí a cheadú;
- déileáil le aon saincheisteannta suntasacha maidir le rialú a tharraingítear anuas de bharr Iniúcháireachta Inmheánaigh nó Seachtraí;
- athbhreithniú a dhéanamh ar chostas cistí GAT agus ar na rátaí úis a ghearrtar; agus
- monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí agus na nAchtanna um Chosaint Sonraí in Éirinn.

De réir Alt 289 d’Acht na gCuideachtaí 2014, caithfidh na ráitis airgeadais léargas fíor agus cóir a thabhairt ar na sócmhainní, na dliteanais agus an staid airgeadais, amhail ag deireadh na bliana airgeadais, agus brabús nó caillteanas, don bhliain airgeadais.

Tuairiscíonn Bainistíocht Rioscaí don Choiste Iniúcháireachta agus Riosca agus don Bhord ar bhonn rialta. Rinne an Bord athbhreithniú bliantúil ar riosca airgeadais an GAT ag a chruinniú ar 28 Márta.

Inreamh ag cruinnithe don Choiste Iniúcháireachta agus Rioscaí don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024

Comhaltaí	Cruinnithe a tionóladh	Tinreamh Comhaltaí
Lianne Patterson (Cathaoirleach an Choiste)	4	4
Laura Behan*	3	3
William Johnston	4	4
Thomas McDermott	4	3
David Owens	4	4
Jennifer Ward**	1	-

* D’éirigh Rory O’Leary as ar an 5 Márta 2024 agus ceapadh Laura Behan ina hionad ar an gcoiste ag cruinniú Boird Aibreán 2024

** Gan a bheith athcheaptha chuig an CIR ag cruinniú Boird Aibreán 2024

Freastalaíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Ceann Iasachtú, Rúnaí na Cuideachta, Ceann Riosca agus Comhlíonta agus ionadaí na hIniúchára Inmheánacha agus Seachtracha ar chuireadh.

Monatóireacht ar Ionracas na Ráiteas Airgeadais lena n-áirítear Breitheanna Suntasacha

Tuaisceoireacht Airgeadais

Faigheann agus measann an Coiste Iniúcháireachta agus Rioscaí tuairiscí rialta maidir le feidhmíocht airgeadais ón mBainisteoireacht i rith na bliana, agus treoraíonn an Coiste obair an Iniúchára Inmheánaigh agus faigheann tuairiscí uaidh maidir leis an obair sin. Pléann an Coiste straitéis agus fócas iniúcháireachta an Iniúchára Seachtraigh freisin.

Agus faisnéis ó na gníomhaíochtaí seo á gcur san áireamh chomh maith le dearcaí ó chruinnithe Bhord na Stiúrthóirí, rinne an Coiste Iniúcháireachta amach rioscaí buntábhachtacha na tuairisceoireachta airgeadais a bhaineann

le hinfhaighteacht mhaoiniúcháin agus gnóthas leantach agus le socruithe d’fhiacha amhrasacha a thagann chun cinn ar iasachtaí i ndiaidh 1986, i gcomhthéacs choinníollacha reatha an mhargaidh.

Pléadh na saincheisteannta seo leis an mBainisteoireacht i rith na bliana agus leis an Iniúcháir seachtrach tráth ar cuireadh críoch leis an Iniúcháireacht Sheachtrach ar na Ráitis Airgeadais. Thug an Bhainisteoireacht le fios don Choiste Iniúcháireachta go raibh Ráitis Airgeadais iniúchta GAT ullmhaithe de réir Acht na Cuideachta 2014 agus IFRS 102.

San áireamh leis an athbhreithniú seo, bhí plé leis an mBainisteoireacht faoi cháilíocht, ní amháin inghlacthacht phrionsabail chuntasaíochta na GAT, réasúntacht na meastachán agus na mbreitheanna suntasach, agus a shoiléire a nochtadh cúrsaí i Ráitis Airgeadais GAT, lena n-áirítear an méid a nochtadh a bhain le meastacháin chriticiúla ó thaobh cúrsaí cuntasaíochta.

Infhaighteacht mhaoiniúcháin agus gnóthas leantach

Is ar bhonn an ghnóthais leantaigh a rinneadh na Ráitis Airgeadais seo a ullmhú. Tá Clár na Nótaí faoi Ráthaíocht faoi ráthaíocht an Aire Airgeadais agus éascaíonn sin le hiasachtaí a eisiúint lena mbaineann aibíocht tríocha bliain ar a mhéad ó dháta a n-eisithe. Ag deireadh 2024 b’ionann meánaibíocht fhiachas GAT agus 11.04 bliain (2023: 10.8 bliain). Cuireann sé seo maoiniú cobhsaí ar fáil do bhonn maoiniúcháin phunann iasachtaí GAT agus laghdaíonn sé go mór an riosca gearrthéarmach leachtachta le haghaidh GAT.

Táthar ag súil go méadóidh na phróifíl aibíochta leachtachta in 2025 de réir mar a fhaightear rochtain amach anseo ar mhaoiniú fadtéarmach ag ráta seasta trí mheán an Chláir GN le comhaontuithe

déthaobhacha le GBCN agus leis an mBanc Eorpach Infheistíochta agus le Banc Forbartha Chomhairle na hEorpa. Chomh maith leis sin, beidh rochtain leanúnach ag GAT ar GBCN agus ar an rótharraingt bhainc do riachtanais ghearrthéarmacha leachtachta, de réir mar is gá.

Tá an Coiste Iniúcháireachta agus Rioscaí sásta lenar nochtadh sna ráitis airgeadais seo maidir lena a oiriúnaí is atá an toimhde maidir le gnóthas leantach agus maidir leis an rochtain ar mhaoiniú.

Míráitis

Dearbhaigh an Bhainisteoireacht don Choiste Iniúcháireachta and Rioscaí nach raibh siad ar an eolas faoi aon mhíráitis ábhartha nó neamhábhhartha a rinneadh d’aon ghnó go gcuirfí cás ar leith i láthair.

Idirchaidreamh leis an mBainisteoireacht

Mar chuid den phróiseas leis na ráitis airgeadais a cheadú, faigheann an Coiste Iniúcháireachta and Rioscaí agus déanann sé léirmheas ar pháipéar arna ullmhú ag an mBainisteoireacht lena leagtar amach na rioscaí suntasacha a théann i bhfeidhm ar GAT, measúnacht mhionsonraithe na Bainisteoireachta ar na rioscaí sin agus ar an mbealach a dhéantar iad a mhaolú. Tugann an Coiste Iniúcháireachta agus Rioscaí dúshlán na dtoimhdí agus na mbreitheanna a bhíonn sna tuairiscí seo ón mbainisteoireacht sula gcuirtear na Ráitis Airgeadais faoi bhráid an Bhoird lena bhfaomhadh. Féach ar na ráitis Airgeadais le haghaidh tuilleadh eolais a bhaineann le freagrachtaí leanúnacha an Choiste Iniúcháireachta agus Rioscaí i leith rialuithe inmheánacha GAT.

Moladh go gCeadófaí na Ráitis Airgeadais

De thoradh na léirmheasanna agus na gcomhráite seo leis an mbainisteoireacht

agus de thoradh na hiniúcháireachta inmheánaí agus thuairiscí an Iniúcháira Seachtraigh don Choiste Iniúcháireachta agus Rioscaí, thuairiscigh an Coiste Iniúcháireachta don Bhord go measann siad go bhfuil na Ráitis Airgeadais, agus iad á nglacadh le chéile mar aonad iomlán, cothrom, comhardaithe agus intuigthe agus go soláthraíonn siad an fhaisnéis atá riachtanach go ndéanfaidh páirtithe leasmhara measúnacht ar fheidhmíocht na cuideachta, mar aon lena múnla agus a straitéis gnó. Mhol an Coiste Iniúcháireachta freisin go gcuirfí na Ráitis Airgeadais iniúchta san áireamh i dTuarascáil Bhliantúil GAT don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2024.

Iniúcháireacht Sheachtrach

Tairiscintí ó Ghnólachtaí Iniúcháireachta

In 2024 lean an GAT lena chleachtas tairisceana chun seirbhísí iniúchta seachtracha a sholáthar gach trí bliana, chun an tréimhse iniúcháireachta seachtraí 2024-2026 a chlúdach, agus ba iad PKF Brenson Lawlor buaiteoirí na tairisceana. Mhol an Bord go gceapfaí JPA Brenson Lawlor mar iniúcháir seachtrach neamhspleách ar feadh tionachta 3 bliana.

Neamhspleáchas ár n-iniúcháira sheachtraigh a chinntiú

Is ábhar iontach dáiríre é neamhspleáchas an iniúcháira dar leis an gCoiste Iniúcháireachta agus Rioscaí agus déantar athbhreithniú ar an scéal go bliantúil. Phléigh an Coiste Iniúcháireachta agus Rioscaí neamhspleáchas na gnólachta le PKF Brenson Lawlor agus leis an mbainisteoireacht agus ní raibh aon saincheisteanna le nótáil.

In 2024, seachas obair iniúcháireachta, níor bronnadh aon seirbhís eile nár seirbhís iniúcháireachta í, ar ár iniúcháir seachtrach neamhspleách. Rinne an Coiste Iniúcháireachta agus Rioscaí, trína

thearmaí tagartha, athbhreithniú ar obair, nach obair iniúcháireachta a bhí ann, a rinne an t-iniúcháir seachtrach agus dhearbhaigh nach bhfuil aon éifeacht aimhleasach ar an neamhspleáchas iarbhír, nó mar a fheictear an neamhspleáchas, nó ar oibiachtúlacht na hoibre iniúcháireachta í féin.

Déanann Bord na GAT monatóireacht ar sholáthar seirbhísí nach seirbhísí iniúcháireachta iad, a thugann an t-iniúcháir seachtrach agus déanann an Coiste Iniúcháireachta amhlaidh tríd an athbhreithniú leanúnach ar speansais riaracháin. Mar nach raibh aon seirbhís, nach seirbhís iniúcháireachta í, a cuireadh ar fáil ag PKF Brenson Lawlor le linn 2024, níl aon choimhlint mar sin le neamhspleáchas an iniúcháira. Sholáthair Forvis Mazars seirbhísí Iniúchta Inmheánaigh don tréimhse do 2024. Tá an tseirbhís seo le tairiscint le linn 2025.

Bliain dar críoch	31 Nollaig 2024 €'000	31 Nollaig 2023 €'000
Iniúcháireacht ar ráitis airgeadais	39	35
Seirbhísí comhairleacha cánach	-	-
Seirbhísí eile	-	-
Iomlán luach saothair na nIniúcháirí	39	35
Táillí iniúcháireachta inmheánach	53	25

Níl CBL san áireamh sna figiúirí sa tábla thuas

Idirchaidreamh le hiniúcháirí seachtracha

Soláthraíonn an Coiste Iniúcháireachta agus Rioscaí nasc idir an Bord agus an tIniúcháir Seachtrach agus tá sé neamhspleách ar bhainistíocht GAT. Tá PKF Brenson Lawlor, iniúcháir reachtúil GAT, freagrach as iniúcháireacht

neamhspleách a dhéanamh ar Ráitis Airgeadais GAT de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúcháireacht (Éirinn). Tá údarás agus freagracht deiridh ag an gCoiste Iniúcháireachta agus Rioscaí maidir le gnólacht iniúcháireachta neamhspleách GAT a roghnú, a chúiteamh, meastóireacht a dhéanamh uirthi, agus i gcás gur cuí, ath-ghnólacht a chur ina háit. De réir Alt 383(2) d’Acht na gCuideachtaí 2014, leanfaidh an t-iniúcháir, PKF Brenson Lawlor, Cuntasóirí Cairte, ar aghaidh le bheith sa ról seo.

Déanann an Coiste Iniúcháireachta agus Rioscaí gach seirbhís dá bhfuil le soláthar ag na hiniúcháirí seachtracha a cheadú roimh ré. Áirítear leis na seirbhísí sin a cheadaítear roimh ré, seirbhísí iniúcháireachta, seirbhísí a bhaineann le hiniúcháireacht, comhairle chánach agus seirbhísí eile.

Tá sé d’údarás ag an gCoiste Iniúcháireachta agus Rioscaí a chuid comhairleoirí féin ón taobh amuigh a fhostú freisin, lena n-áirítear saineolaithe i réimsí cuntasáíochta áirithe, de réir mar is cuí dar leis, seachas abhcóidí nó comhairleoirí arna bhfostú ag an Bhainistíocht.

Próiseas iniúcháireachta seachtraí a mheasúnú

Déanann an Coiste athbhreithniú ar fheidhmíocht an Iniúcháira Seachtraigh go bliantúil ag deireadh an timthrialla iniúcháireachta bliantúla. Leis an Athbhreithniú, déantar aiseolas ón mBainisteoireacht agus ó fhoireann na GAT a bhfuil lámh acu sa phróiseas iniúcháireachta, in éineacht le hathbhreithniú ar leibhéal na seirbhíse a sholáthraíonn PKF Brenson Lawlor do GAT. Bunaithe ar a bhreithniú ar an aiseolas, in éineacht lena mheasúnacht leanúnach féin, mar shampla trí cháilíocht thuairiscí na n iniúcháirí seachtracha don Choiste, agus idirghníomhaíocht chomhpháirtí na hiniúcháireachta leis an gCoiste,

tá an Coiste Iniúchóireachta agus Rioscaí sásta go leanann PKF Brenson Lawlor ar aghaidh le bheith ag soláthar seirbhíse iniúchóireachta éifeachtaí.

Bainistíocht Rioscaí

Faoi mar a forordaíodh leis an gCód Cleachtais athbhreithnithe um Rialachas Comhlachtaí Stáit, ghlac an Bord agus Coiste Bainistíochta Rioscaí foirmiúil, atá comhdhéanta de lucht na Bainisteoireachta Sinsearaí, leis an Chlár Rioscaí atá i bhfeidhm ó 2009 agus a mbíonn maoirsiú á dhéanamh ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Rioscaí air. I mí an Mhárta 2024, cheap an GAT Ceannasaí Riosca agus Comhlíonta chun soláthar a dhéanamh do líne tuairiscithe dhíreach chuig an mBord chun riosca a aithint, a thomhas agus a bhainistiú agus cultúr bainistíochta riosca a chur chun cinn san eagraíocht. Cuireadh de chúram ar an gCeann Riosca Roinn Riosca ar leith a fhorbairt san GAT.

Oibríonn an GAT samhail na dTrí Líne Cosanta de Bhainistíocht Riosca. Ag tuairisciú don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin, tá freagracht dhíreach ar an gCeann Riosca as an dara líne cosanta a bhainistiú. Tá sé de chúram ar an Rannóg Riosca aighneachtaí Riosca agus Comhlíonta a ullmhú don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus don Bhord, bainistiú a dhéanamh ar chúrsaí ar nós RGCS, tuairisciú Rialtais, Cód Cleachtais agus cáipéisí Beartais Cuideachta cothrom le dáta a choinneáil. Coinníonn an Roinn Riosca an Clár Riosca freisin agus cuireann sí tuairisc leanúnach ar fáil don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus don Bhord.

Déanann an Coiste athbhreithniú ar an Chlár Rioscaí go rialta. Bíonn an mhonatóireacht ar rioscaí, i gcónaí, ina mhír ag cruinnithe Boird. Is gnó airgeadais é GAT agus mar sin is rioscaí airgeadais, rioscaí creidmheasa agus rioscaí cisteáinbhainteacha freisin na

rioscaí a bhaineann leis an ngnó sin (i.e. rioscaí creidmheasa, margaidh agus leachtachta). Tá cur síos níos sonraí ar na rioscaí sin i Nóta 18 ag gabháil leis na Ráitis Airgeadais.

D'fhorbair GAT próiseas um bainistiú rioscaí a áiríonn athbhreithnithe rialta ar a phunann iasachtaí agus airleacain agus athbhreithniú leanúnach ar rioscaí cisteáinbhainteacha, a chuireann ar a chumas bainistiú a dhéanamh ar na rioscaí sin. Ghlac Bord GAT Beartas Creidmheasa i ndáil le hiasachtaí le CCTanna in 2013 agus déantar uasdátú rialta air sin, agus tharla an t-uasdátú is déanaí i mí na Nollag 2024.

Déileáiltear le rioscaí creidmheasa agus margaidh trí bheartas um chúlchistí agus chorrailigh faoi mar a phléitear i Lámhleabhar um Beartais agus Nósanna Imeachta GAT agus freisin laistigh de Chlár na Rioscaí den Chreat is Beartas um Bainistíocht Rioscaí. Ó thaobh Chlár Comhardaithe GAT, tagann riosca ráta úis chun cinn i gcás ina n-eascaíonn athrú ar chostas an mhaoiniúcháin atá ann cheana as gluaiseacht i rátaí úis, athrú nach bhfuil fritháirithe le hathrú comhfhreagrach ar an ioncam saothraithe ó iasachtaí atá ann cheana, as a dtiocfaidh tionchar dearfach nó diúltach ar bhrabúsacht reatha nó ar bhrabúsacht sa todhchaí. Chun an riosca sin a thomhas, rinne Bainistíocht GAT múnla nua Riosca Ráta Úis (RRÚ) a fhorbairt leis an neamhchosaint RRÚ gan íoc a ríomh ar bhonn bliantúil (an bearna bliantúil) do gach dliteanas agus sócmhainn ar ráta seasta, suas go dtí a ndáta athphraghsála. Tá athbhreithniú déanta ag iniúcháirí seachtracha GAT ar an tsamhail RRÚ agus tuairisc tugtha faoi.

Déanann GAT athbhreithniú cuimsitheach ar gach catagóir riosca go bliantúil, rud a cheadaíonn an Bord agus a dhéanann cuid de bheartas GAT um rátaí úis agus chúlchistí i gcomhair blianta ina dhiaidh. Cuirtear an Bord ar an eolas ar bhonn

leanúnach maidir le dálaí nua agus déantar gníomhartha ceartaitheacha más bainteach.

Measúnaíonn an Coiste Iniúchóireachta agus Rioscaí ábhartha mar atá:

- neamhréir rioscaí ráta úis;
- rioscaí maidir le maoiniú, leachtacht agus gnóthas leantach;
- riosca creidmheasa a bhaineann le hiasachtaí d'údaráis áitiúla i ndiaidh Bealtaine 1986;
- riaráistí morgáistí údaráis áitiúla;
- riosca creidmheasa a bhaineann le hiasachtaí do chomhlachtaí ceadaithe tithíochta;
- riosca creidmheasa a bhaineann le hinstiúidí ardoideachais; education institution lending;
- riosca creidmheasa a bhaineann le hiasachtaí d'údaráis áitiúla roimh Bhealtaine 1986; agus
- riosca maoinithe a bhaineann le céim pinsin le sochair shainithe.

Iasachtaí rialtais áitiúla roimh 27 Bealtaine 1986

Tá an GAT faoi dhliteanas i leith aon chaillteanais chreidmheasa a d'fhéadfadh teacht chun cinn ar mhorgáistí údaráis áitiúil roimh mhí na Bealtaine 1986, atá urraithe ag an maoin mhorgáiste bhunúsach agus árachas cosanta morgáiste. Is ionann na hiasachtaí gan íoc le haghaidh iasachtaí roimh mhí na Bealtaine 1986 amhail an 31 Nollaig 2024 agus €1.15m (2023: €1.15m).

Iasachtaí rialtais áitiúla i ndiaidh 27 Bealtaine 1986

Maidir le gach iasacht údaráis áitiúil a cheadaigh agus a d'éisigh an GAT tar éis an 27 Bealtaine 1986, is idir an GAT agus an t-údarás áitiúil atá an conradh iasachtaíthe. Téann an GAT ar iontaoibh an údaráis áitiúil i ngach ceann de

na cásanna seo agus níl sé ag brath ar aon tosca eacnamaíocha eile. I gcomhthéacs:

- údaráis áitiúla a bheith ina gcomhlachtaí reachtúla faoin Acht Rialtais Áitiúil, 2001 agus achtacháin eile;
- a n-ioncain nó a gcistí a bheith mar urrús don íocaíocht atá dlite do GAT sna suimeanna go léir atá dlite ó údaráis áitiúla (mar atá leagtha amach sa chomhaontú idir gach údarás áitiúil agus GAT);
- go gceadaíonn an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht gach iasacht airleachta d'údaráis áitiúla;
- go dtuigeann an Bord go dtacaíonn an Rialtas láir le húdaráis áitiúla agus iad ag freastal ar a n-oibleagáidí do GAT; agus,
- nach deach aon chaillteanais do GAT de bharr a hiasachtaí a tugadh ar airleacan d'údaráis áitiúla i ndiaidh 1986.

Is é tuairim an Bhoird nach fiú le háireamh é aon riosca creidmheasa, seachas riosca ceannasach, maidir le hiasachtaí a tugadh ar airleacan údaráis áitiúla ar nó tar éis 27 Bealtaine 1986, agus nach bhfuil aon fhorálacha caillteanais iasachta riachtanach i leith na n-iasachtaí sin. Tá an Coiste Iniúchóireachta and Rioscaí sásta le húsáid an tuairim seo in ullmhú na ráitis airgeadais seo agus le nochtú na cúinsí seo. Mar a bhí cúrsaí an 31 Nollaig 2024, tar éis ath-idirbheartaíocht a bheith déanta i leith téarmaí iasachtaí áirithe, bhí gach údarás áitiúil suas chun dáta maidir lena gcuid aisiocaíochtaí sceidealaithe sa phunann seo (féach ar nóta 18(a)). Níor bhain aon chaillteanais don GAT ar a cuid iasachtaí a tugadh ar airleacan d'údaráis áitiúla i ndiaidh 1986.

Iasachtaí do Chomhlachtaí Ceadaithe Tithíochta

Go dtí 2011, mhaoinigh an Rialtas CCTanna, trí údaráis áitiúla, le haghaidh

tithíocht shóisialta, agus ina dhiaidh sin rinneadh cinneadh airgeadas iasachta a thabhairt isteach chun deontais a athsholáthar agus chun iasacht a thabhairt go díreach do CCTanna chun gur féidir tionscadail tithíochta sóisialta a chur i gcrích go tráthúil. Tugadh ról lárnach don GAT i soláthar maoinithe iasachta don earnáil, in éagmais rátaí iomaíocha agus tionóntaí, sa mhargadh, ag an am.

Bhunaigh GAT próiseas le CCTanna a mheasúnú le haghaidh stádais mar ‘Chomhlacht Deimhnithe’, .i. cinn a measadh a bheith oiriúnach le hairgeadas iasachtaí a sholáthar. Tá dhá chuid i gceist leis an bpróiseas measúnachta do CCTanna. Athbhreithniú corparáideach atá caighdeánach sa mhargadh is ea an chéad cheann lena n-úsáidtear mairís scórála chun feidhmíocht reatha, rialachas corparáideach, agus pleananna forbartha agus airgeadais a mheasúnú. Tugtar an t-iaratas os comhair Choiste Creidmheasa GAT ansin lena bhreithniú, agus ina dhiaidh sin, bronntar stádas mar Chomhlacht Deimhnithe ar iartrasóirí agus is féidir leo iaratas a dhéanamh ar mhaoiniúchán ar bhonn cás-ar-chás ansin. Tacaíonn Áis Léasúcháin Airleacain Chaipitil (ÁLAC), atá státmhaoinithe le hiarratais ar thionscadail, mar a dhéanann an Comhaontú Iocaíochta agus Infhaighteachta (PAA). I mí na Nollag 2015, sheol GAT tionscnamh iasachtaithe a bhí dírithe go sonrach ar CCTanna nach bhfuil stádas Comhlachtaí Deimhnithe acu. Dírónn an táirge seo ar CCTanna a bhfuil riachtanais iasachtaithe acu ó €0.25 milliún suas go dtí €5 milliún agus atá saindeartha go sonrach i dtreo éadálacha maoine. Níl ar CCTanna atá ag Ciseal 2 agus a chuireann isteach ar an táirge nua dul trí phróiseas iomlán athbhreithniúcháin creidmheasa an GAT.

Bhí méadú suntasach i ngníomhaíocht CCTann a lean leis i 2024 agus tacaíocht láidir ó GAT trína raon d’iasachtaí ar rátaí airgeadais seasta lena n-áirítear

táirgí don éadail, tógáil nua agus cíos in ionad morgáiste. Go háirithe, chuidigh an maoiniú ón Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN), ón mBanc Eorpach Infheistíochta (“BEI”) agus ó Bhanc Forbartha Chomhairle na hEorpa (“BCE”) le ráta seasta fadtéarmach ag an ráta reatha de 3.75% ar feadh 30 bliain, agus tá sé sin tar éis an baol rioscaí a bhaineann leis an timpeallacht ráta úis a laghdú go mór d’iasachtaí ó GAT do CCTanna. Tá GAT fós muiníneach gur féidir leis ról lárnach a bheith aige chun a chinntiú go dtacófar le pleananna forbartha ach maoiniú iomaíoch solúbtha a sholáthar a fhreastalóidh ar riachtanais earnáil na CCTanna.

Iasachtaí le hInstitiúidí Ardoideachais

Ligeann Alt 51 den Acht um Pleanáil agus Forbairt (Tithíocht) agus Tionóntachtaí Cónaithe, 2016, don GAT iasachtaí a thabhairt d’institiúidí ardoideachais chun cóiríocht nua do mhic léinn a fhorbairt. Ligeann na cumhachtaí seo d’Institiúidí Ardoideachais rochtain a fháil ar mhaoiniú ráta seasta fadtéarmach fadtéarmach GAT do thithíocht mac léinn ar an gcampas agus lasmuigh de, agus ar an gcaoi sin costais na dtionscadal sin d’Ollscoileanna a laghdú go suntasach agus inacmhainneacht do mhic léinn a fheabhsú. Tá sé de bhuntáiste breise ag soláthar cóiríochta nua do mhic léinn an stoc cíosa atá ann cheana a shaoradh chun tacú le tithíocht shóisialta agus inacmhainne breise.

San am i láthair tá cúig Ollscoil ar ceadaíodh a n-iarratais iasachta le iomlán de €256m le 2,218 seomra codlata do mhic léinn a sholáthar.

Táthar ag súil go gheofar níos mó iarratais iasachta sa míonna le theacht. Nío réamhíoc an GAT aon chistí go Institiúid Ardoideachais le linn 2024 (2023: €7 milliún go Institiúid Ardoideachais amháin).

Iasachtaí d’Ollscoileanna Teicneolaíochta (Otanna)

Níl aon chreat iasachta i bhfeidhm faoi láthair do na hinstitiúidí seo agus ní féidir leo fiachas a chruinniú go díreach. Meastar go n-athrófar seo sa reachtaíocht atá le teacht cé go bhfuil éiginnteacht ag baint le huainiú a leithéid.

Cistíocht

Tiomsaíonn GAT maoiniúchán, le tacaíocht ráthaíochta ón Aire Airgeadais, go príomha tríd GBCN, údaráis áitiúla agus trí ghníomhaireachtaí idirnáisiúnta amhail an Banc Eorpach Infheistíochta agus Banc Forbartha Chomhairle na hEorpa.

Athbhreithniú ar Rialuithe Inmheánacha

Bíonn na Stiúrthóirí freagrach as córas rialaithe inmheánaigh a choinneáil ar bun a sholáthraíonn deimhniú réasúnta i dtaobh oibriúchán éifeachtach éifeachtúil, i dtaobh an rialaithe inmheánaigh airgeadais, agus go bhfuil dlíthe agus rialacháin á gcomhlíonadh. Sa chomhthéacs seo, tugann an Coiste Iniúcháireachta agus Rioscaí aird ar na nithe a oireann, dar leo, do ghnó GAT, d’ábharthacht na rioscaí airgeadais oibriúcháin a bhíonn de dhlúth agus d’inneach an ghnó, agus do na costais agus na tairbhí coibhneasta i dtaca le sainrialuithe a chur i ngníomh. Tá beartas leagtha amach ag GAT ina Lámhleabhar Beartas agus Nósanna Imeachta lenar féidir le fostaithe nithe atá ina n-údar imní a tharraingt anuas, faoi rún, faoi nithe a d’fhéadfadh a bheith ina mírialtachtaí i dtuairisceoireacht airgeadais nó nithe eile.

Dhéabhlóidigh an Bord an tasc an athbhreithnithe mionsonraithe ar rioscaí, don Choiste, agus bíonn seo ina mhir sheasta ar chlár oibre chruinnithe an Choiste Iniúcháireachta agus Rioscaí. Tuairiscíonn an Coiste Iniúcháireachta agus Rioscaí, agus déanann moltaí don Bhord ina dhiaidh sin, faoina gcuid torthaí,

agus tá sé curtha de chúram ar an mBord maoirseacht a dhéanamh ar rioscaí agus moltaí ón gCoiste a bhreithniú. Ag gach cruinniú an Choiste Iniúcháireachta agus Rioscaí, déantar athbhreithniú ar réimse amháin de rioscaí faoi mar a thuairiscítear go mion in Clár Rioscaí GAT.

Dearadh córas um rialú inmheánach GAT chun deimhniú réasúnta, ach ní deimhniú absalóideach, a sholáthar in aghaidh an riosca go dtarlódh earráidí ábhartha, calaois nó caillteanais. D’fhéadfadh sé tarlú go mbeadh duine in ann teacht timpeall ar rialuithe inmheánacha, nó iad a sháru. Anuas air sin, mar gheall ar athrú ar chúinsí, d’fhéadfadh go mbeadh athrú ar éifeachtúlacht chórais rialaithe inmheánaigh le himeacht aimsire.

Féachann lucht bainistíochta GAT leis na córais rialaithe inmheánacha a leasú in am trátha de réir mar a thagann athrú ar chúrsaí an ghnó bunaidh.

Déanann an tIniúcháir Inmheánach (curtha amach ar conradh chuig Mazars faoi láthair go dtí mí na Samhna 2025) córais GAT um rialú inmheánach a shonrú agus a mheas, mar bhonn don tuairisceoireacht ar leordhóthanacht agus éifeachtacht na gcóras. Comhaontaítear plean faofa leis an gCoiste Iniúcháireachta agus Rioscaí agus pleanálann, déanann agus measann an tIniúcháir Inmheánach a chuid oibre bunaithe ar an sceideal sin. Má aimsítear laigí suntasacha a bheith ar na rialuithe inmheánacha laistigh de shampla ar bith a thástáiltear, sa chás sin, filleann an t-iniúcháir inmheánach ar a bheith ag déanamh tástálacha substainteacha ar na réimsí mar ar aimsíodh na rialuithe a bheith mí-éifeachtach/lochtach. Déanann an Coiste Iniúcháireachta agus Rioscaí athbhreithniú ar na tuairiscí a dhéanann an t-iniúcháir inmheánach ar bhonn rialta agus bíonn cruinniú príobháideach ag an Iniúcháir Inmheánach leis an gcoiste uair sa bhliain, gan an bhainisteoireacht a bheith i láthair,

áit ar féidir leis an iniúchóir inmheánach nó leis an gcoiste, aon saincheistean na tharraingt anuas.

Tá struchtúr eagrúcháin bunaithe ag na Stiúrthóirí lena ngabhann freagracht shainmhínithe as an rialú inmheánach le haghaidh gach comhchuid de ghnó GAT agus déanann an Príomhfheidhmeannach tuairisc ina leith sin go foirmiúil uair sa bhliain, i dteannta leis an bhfreagracht ghaolmhar as athbhreithniú a dhéanamh go tréimhsiúil ar éifeachtacht rialú inmheánach den sórt sin agus déanann an tIniúchóir Inmheánach tástáil air i rith na bliana agus eisítear tuairiscí don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca. Is iad seo a leanas comhchodanna buntábhachtacha an chórais um rialú inmheánach:

- struchtúr eagraíochta atá sainmhínithe go soiléir agus lena ndéantar dualgais agus teorainneacha údarais a idirdhealú óna chéile go cuí;
- doiciméadú á dhéanamh ar rialuithe inmheánacha airgeadais i Lámhleabhar um Beartais agus Nósanna Imeachta, a ndéanann an Bord athbhreithniú go leathbhliantúil orthu, agus ceadaíonn an Bord aon athruithe dá ndéantar ina dhiaidh sin orthu;
- teorainneacha agus nósanna imeachta atá sainmhínithe go soiléir le haghaidh caiteachais airgeadais lena n-áirítear cúrsaí soláthair agus caiteachas caipitil;
- buiséid bhliantúla (agus bealaí chun torthaí iarbhrí a chur i gcomparáid le buiséid i rith na bliana) agus pleananna fadtéarmacha don GAT ina sonraítear príomhrioscaí agus deiseanna;
- cuntais bhainistíochta mhíosúla a ullmhaítear agus a gcuirtear i láthair an Bhoird;
- déanann iniúchóireacht inmheánach athbhreithniú ar chórais agus ar rialuithe buntábhachtacha airgeadais;

- pléann Coiste Iniúchóireachta agus Rioscaí le haon cheistean na suntasacha maidir le rialú a tharraingítear anuas in Iniúchóireacht inmheánach nó Sheachtrach; agus,
- ullmhú agus eisiúint tuairiscí airgeadais, an Tuarascáil Bhliantúil san áireamh, á mbainistiú ag an Rannóg Airgeadais faoi mhaoirseacht an Choiste Iniúchóireachta agus Rioscaí; lena n-áirítear an Tuarascáil Bhliantúil, arna bainistiú ag an Rannóg Airgeadais le maoirseacht ón gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca. Déantar an próiseas tuairiscithe airgeadais a rialú ag úsáid na mbeartas doiciméadaithe cuntasáíochta. Cé go mbíonn freagracht ar na Stiúrthóirí as na Ráitis Airgeadais a ullmhú, tacaíonn an Bhainistíocht Shinsearach leis na Stiúrthóirí, chomh maith le comhairleoirí gairmiúla, mar shampla achtúire, a bhfuil sé d'fhreagracht orthu agus iad cuntasach as faisnéis a sholáthar de réir na mbeartas comhaontaithe lena n-áirítear tabhairt chun críche agus réiteach faisnéise airgeadais i gcórais phróiseála. Cuirtear taca lena cháilíocht trí shocruithe maidir le hidirdhealú idir dualgais chun seiceálacha neamhspleácha ar iomláine na dtuairiscí airgeadais a éascú. Tá an fhaisnéis airgeadais do gach bliain faoi réir a hathbhreithnithe ag an mBainistíocht Shinsearach sula gcuirtear í faoi bhráid an Choiste Iniúchóireachta í. Déanann an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú ar an Tuarascáil Bhliantúil freisin sula gcuirtear i láthair an Bhoird í d'fhonn a fhaomhadh.

Tá athbhreithniú agus plé leis an mBainisteoireacht déanta ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Rioscaí ar a mheasúnacht agus ar a thuairisc ar éifeachtacht chóras um rialú inmheánach na GAT ar thuairisceoireacht airgeadais mar a bhí cúrsaí an 31 Nollaig 2024.

Plé leis an Iniúchóir

Tá tuairisc ón Iniúchóir Seachtrach faighte agus pléite ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Rioscaí maidir leis na torthaí ón idirghníomhaíocht hiniúchóireachta seachtraí, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann leis na rioscaí a tugadh le fios thuas. Thuairiscigh an tIniúchóir Seachtrach don Choiste Iniúchóireachta agus Rioscaí faoi cé acu ar tháinig siad ar míráitis i rith a gcuid oibre agus níl aon suimeanna ábhartha gan choigeartú fós ann.

Éifeachtacht an Choiste

Déanann idir an Bord agus an Coiste féin athbhreithniú ar éifeachtacht an Choiste ar bhonn bliantúil. Tar éis athbhreithnithe dá leithéid, tá an Coiste sásta a thabhairt le fios go meastar gur chomhlíon sé a chuid dualgas, de réir a théarmaí tagartha, ar bhealach éifeachtach éifeachtúil.

Conclúid

Tar éis don Choiste Iniúchóireachta agus Rioscaí súil a thabhairt ar ar cuireadh i láthair agus ar na tuairiscí ón mBainisteoireacht agus ón Iniúchóireacht Inmheánach, agus dearcaí a chuir an t-Iniúchóir Seachtrach in iúl curtha san áireamh, tá an Coiste Iniúchóireachta agus Rioscaí sásta go dtugtar aghaidh go cuí ar na breitheanna críiciúla agus ar na meastacháin bhuntábhachtacha sna Ráitis Airgeadais i leith na suimeanna a dtuairiscítear ina dtaobh agus a nochtadh araon. Tá an Coiste sásta freisin go ndearnadh grinnschrúdú leordhóthanach ar, agus gur tugadh a ndúshlán, do na toimhdí suntasacha a úsáideadh chun luach sócmhainní agus dliteanas a dhéanamh amach.

Thar ceann an Choiste Iniúchóireachta agus Rioscaí,



Frank Allen
Stiúrthóir
28 Márta 2025

Tuarascáil an Iniúcháir Neamhspleách le Comhaltaí na Gníomhaireachta Airgeadais Tithíochta CPT

Tuairim

Tá iniúcháireacht déanta againn ar Ráitis Airgeadais na Gníomhaireachta Airgeadais Tithíochta cpt (“an cuideachta”) don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024 lena n-áirítear an Ráiteas loncaim, an Ráiteas loncaim Chuimsithigh, an Ráiteas faoi Ríocht Airgeadais, an Ráiteas faoi Athruithe i nGnáthscaireanna, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus na nótaí gaolmhara. Is é Acht na gCuideachtaí 2014 agus FRS 102 An Caighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus Éire.

Is é ár dtuairim:

- go dtugann na Ráitis Airgeadais léargas fíor cothrom ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar ríocht airgeadais na cuideachta mar a bhí an 31 Nollaig 2024 agus ar a gnóthú don bhliain dar chríoch sin;
- gur ullmhaíodh na Ráitis i gceart de réir FRS 102 An Caighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus Éire; agus
- ullmhaíodh na Ráitis i gceart de réir an chreata tuairisceoireachta airgeadais ábhartha agus, go háirithe, Acht na gCuideachtaí 2014.

Bunús leis an tuairim

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (Éire) agus de réir an dlí is infheidhme. Déantar cur síos ar ár bhfreagrachtaí faoi na caighdeáin sin thíos sa chuid Na freagrachtaí atá ar an Iniúcháir maidir leis an iniúchadh ar na ráitis airgeadais den tuarascáil uainn. Táimid neamhspleách ar an gcuideachta de réir na gceanglas eitice is ábhartha maidir leis an iniúchadh a dhéanaimid ar na ráitis airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear an Caighdeán Eiticiúil arna eisiúint ag Údarás Maoirseachta Iniúcháireachta agus Cuntasaíochta na hÉireann, agus chomhlíonamar na freagrachtaí eiticiúla eile atá orainn de réir na gceanglas sin.

Creidimid gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuaireamar chun bunús a thabhairt leis an tuairim uainn.

Ár measúnacht ar rioscaí maidir le míráiteas ábhartha

Is iad na rioscaí maidir le míráitis ábhartha a dtugtar tuairisc mhionsonraithe fúthu sa chuid seo den tuairisc na rioscaí sin atá measta againn, inár dtuairim ghairmiúil, mar rioscaí a raibh an éifeacht is mó acu ar: an straitéis iniúcháireachta fhoriomlán; leithdháileadh na n-acmhainní inár n-iniúcháireacht; agus ar a bheith ag stiúradh iarrachtaí na

foirne a fostaíodh. Dearadh ár nósanna imeachta iniúcháireachta a bhaineann leis na rioscaí seo i gcomhthéacs ár n-iniúcháireachta ar na Ráitis Airgeadais mar aonad iomlán. Ní mhodhnaítear ár dtuairim maidir leis na Ráitis Airgeadais i leith aon cheann de na rioscaí seo, agus ní chuirimid tuairim in iúl maidir leis na rioscaí aonair seo.

Agus muid ag teacht ar ár dtuairim iniúcháireachta thuas maidir leis na Ráitis Airgeadais, is iad seo a leanas na rioscaí a raibh an éifeacht is mó acu ar ár n-iniúcháireacht:

Eiseadh agus in-aisghabhálacht lasachtaí

Tá riosca ann nach ann d’iasachtaí atá ar leabhar iasachtaí na Gníomhaireachta, nó go bhfuil cistí eisíochta do chomhlachtaí seachas na húdarais Áitiúla nó Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta. Tá riosca ann freisin nach mbeifear in ann iasachtaí a aisghabháil agus go dtagann riosca creidmheasa chun cinn ar leabhar iasachtaí na Gníomhaireachta, go háirithe iasachtaí i ndiaidh na Bealtaine 1986, a dhéanann cuid shubstantiúil de leabhar iasachtaí na Gníomhaireachta.

Roghnaíomar sampla iasachtaí a bhí amuigh ar dháta an ráiteas faoi ríocht airgeadais, lena n-áirítear iasachtaí a tugadh ar airleacan i rith na bliana. Thugamar súil ghéar ar an gcáipéisíocht chun tacú le gach ceann de na hiasachtaí seo, agus rinneamar athríomhadh ar na suimeanna a bhí fós amuigh ar gach ceann de na hiasachtaí ar dháta an ráiteas faoi ríocht airgeadais, ag tagairt d’ionchuir bhuntábhachtacha amhail rátaí úis agus stair aisíocaíochta. I ngach cás, phléamar stádas gach iasachta leis an mbainisteoireacht. I ndáil leis an in-aisghabhálacht, bhreithníomar an méid a nochtadh i dTuairisc an Choiste Iniúcháireachta go háirithe i ndáil le hin-aisghabhálacht iasachtaí i ndiaidh na Bealtaine 1986. Táimid sásta gur cuí

measúnacht na bainisteoireachta nach bhfuil aon riosca creidmheasa ann ar iasachtaí i ndiaidh na Bealtaine 1986.

Conclúidí ag baint le gnóthas leantach

Agus na ráitis airgeadais á n-iniúchadh againn, tháinig muid ar an gconclúid gur iomchuí úsáid na stiúirthóirí ar bhonn cuntasáíochta an ghnóthais leantaigh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú. Bunaithe ar an obair a rinneamar, níor shainithníomar aon neamhchinnteachtaí ábhartha a bhaineann le himeachtaí nó coinníollacha a d’fhéadfadh, ina n-aonair nó i dteannta a chéile, amhras suntasach a chaitheamh ar chumas an GAT leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ón dáta nuair a údaraítear na ráitis airgeadais lena n-eisiúint. Déantar cur síos ar ár bhfreagrachtaí agus ar fhreagrachtaí na stiúirthóirí maidir le gnóthas leantach sna codanna ábhartha den tuarascáil seo.

Faisnéis eile

Is iad na stiúirthóirí atá freagrach as an bhfaisnéis eile. Cuimsítear leis an bhfaisnéis eile an fhaisnéis atá san áireamh i dTuarascáil Bhliantúil GAT, seachas na ráitis airgeadais agus tuairisciúil an iniúcháir uainn ina leith. Ní chuimsítear sa tuairim uainn ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile agus, ach amháin sa mhéid a luaitear a mhalairt go sainráite sa tuarascáil uainn, ní léirímid aon chineál conclúide dearbhaithe ina leith.

Maidir lenár n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais, is é an fhreagracht atá orainn an fhaisnéis eile a léamh agus a bhreithniú an bhfuil an fhaisnéis eile neamhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuaireamar san iniúchadh, nó ar cosúil go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Má aithnímid neamhréireacht ábhartha den sórt sin nó ráiteas a ndearraíonn sé gur míráiteas

ábhartha é, ní mór dúinn a chinneadh an bhfuil aon mhíríteas ábhartha sna ráitis airgeadais nó an ndearnadh míráiteas ábhartha i leith na faisnéise eile. Más rud é, ar bhonn na hoibre a rinneamar, go gcinnimid go ndearnadh míráiteas ábhartha i leith na faisnéise eile sin, ní mór dúinn an méid sin a thuairisciú.

Níl aon ní le tuairisciú againn i dtaca le seo.

Tuairimí ar nithe eile atá leagtha amach ag Acht na gCuideachtaí 2014

Bunaithe ar an obair a rinneadh le linn na hiniúcháireachta amháin, tuairiscíonn muid go bhfuil an méid seo a leanas amhlaidh, inár dtuairim:

- tá an t-eolas atá tugtha i dTuarascáil na Stiúrthóirí ag teacht leis na ráitis airgeadais; agus
- tá Tuarascáil na Stiúrthóirí ullmhaithe i gcomhréir leis na ceanglais dhlíthiúla infheidhme.

Tá an t-eolas agus na mínithe go léir faighte againn a mheasann muid is gá chun críocha na hiniúcháireachta.

In ár dtuairim, bhí taifid cuntasáiochta na cuideachta dóthanach le go gceadófaí iniúchadh gan mhoill agus mar is ceart ar na ráitis airgeadais, agus tagann na ráitis le na taifid cuntasáiochta.

Cúrsaí faoina bhfuil muid ceangailte tuairisc a thabhairt trí eisceacht

Bunaithe ar an eolas agus an tuiscint ar an GAT agus a timpeallacht a fuarthas le linn na hiniúcháireachta, níl aon mhíríteas ábhartha sainaitheanta againn i dTuarascáil na Stiúrthóirí.

Níl aon ní le tuairisciú againn i leith ár n-oibleagáid faoi Acht na gCuideachtaí 2014 tuairisciú daoibh más rud é nach ndéantar, inár dtuairim, nochtadh luach

saothair agus idirbhearta na stiúrthóirí mar atá sonraithe in alt 305 go halt 312 den Acht.

Na Freagrachtaí atá ar na Stiúrthóirí i dtaca le na ráitis airgeadais

Mar a dtugtar míniú níos iomláine air sa Ráiteas um Fhreagrachtaí an Bhoird, is iad na stiúrthóirí atá freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais agus as a bheith deimhin gur léargas fíorcheart a thugtar iontu agus as cibé rialú inmheánach a chinnfidh na stiúrthóirí is gá ionas gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíríteas ábhartha, cibé de bharr calaoise nó de bharr earráide.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú ag na Stiúrthóirí, tá siad freagrach as cumas na cuideachta a mheas maidir le leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach, ag nochtadh, de réir mar is infheidhme, cúrsaí a bhaineann le gnóthas leantach agus an bonn cuntasáiochta gnóthais leantaigh a úsáid ach amháin má tá sé i gceist ag na stiúrthóirí na cuideachta a leachtú nó scor de na hoibríochtaí, nó mura bhfuil de rogha réalaíoch acu ach é sin a dhéanamh.

Freagrachtaí an Iniúcháora as iniúchadh na ráiteas airgeadais

Is iad ár gcuspóirí dearbhú réasúnta a fháil go bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chalaiois nó ar bhotún, agus tuarascáil iniúcháora a eisiúint ina mbeidh ár dtuairim. Is ionann dearbhú réasúnta agus leibhéal ard dearbhaithe, ach ní ionann é agus ráthaíocht go n-aimseoidh iniúchadh a dhéantar i gcomhréir le IASanna (Éire) míráiteas ábhartha i gcónaí. Féadfaidh míráitis eascairt as caolaois nó botún agus meastar iad a bheith ábhartha más rud é go bhféadfaí a bheith ag súil go réasúnta go n-imreodh siad tionchar, go haonair nó

go comhiomlán, ar chinnfí eacnamaíocha déanta ag úsáideoirí ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Tá cur súis breise dár fhreagrachtaí ag iniúcháireacht táitis airgeadais le fáil ar shuíomh IAASA ag [http://www.iaasa.ie/Publications/Auditing-standards/International-Standards-on-Auditing-for-use-in-Ire/International-Standards-on-Auditing-\(Ireland\)/ISA-700-\(Ireland\)](http://www.iaasa.ie/Publications/Auditing-standards/International-Standards-on-Auditing-for-use-in-Ire/International-Standards-on-Auditing-(Ireland)/ISA-700-(Ireland)). Tá an cur síos seo mar pháirt dár tuairisc iniúcháireachta.

Feidhm ár n-obair iniúcháireachta agus iad sin a bhfuil ár gcuid freagrachtaí ina leith

Tá an tuairisc seo á déanamh do chomhaltaí na cuideachta amháin, mar chomhlacht, de réir alt 391 d'Acht na gCuideachtaí 2014. Rinneadh ár n-obair iniúcháireachta ionas go mbeimis in ann a rá le comhaltaí na cuideachta na

nithe sin is gá dúinn a rá leo i dtuairisc iniúcháora agus ní chun aon chríoch ar bith eile. A mhéid is a cheadaítear leis an dlí, ní ghlacaimid ná ní ghabhaimid orainn féin freagracht d'aon duine eile seachas don cuideachta agus comhaltaí na cuideachta mar chomhlacht, as ár n-obair iniúcháireachta, as an tuairisc seo nó as na tuairimí atá déanta againn.



Thomas McDonald
Le haghaidh agus thar ceann JPA
Brenson Lawlor Cuntasóirí Cairte,
Gnólacht Iniúcháireachta Reachtuil

Cearnóg Earra Ghaidheal,
Bóthar Morehampton,
Domhnach Broc,
Baile Átha Cliath 4.

28 Márta 2025



Ráiteas Ioncaim

	Nóta	31 Nollaig 2024 €'000	31 Nollaig 2023 €'000
Ioncam Úis	5	210,809	162,154
Speanas Úis	6	(135,788)	(93,414)
Glan ioncam ó ús		75,021	68,740
Caiteachas riaracháin	7	(3,271)	(2,492)
Léas oibriúcháin	7	(197)	(197)
Dímheas ar shócmhainní inláimhsithe	7,12	(195)	(134)
Costais Riaracháin Eile	9	(229)	(212)
Gnóthachan ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh ioncam/speansas		71,129	65,705
Ioncam airgeadais	10	272	8,439
Speansais airgeadais	10	-	-
Gnóthachan ar ghnáthghníomhaíochtaí i ndiaidh ioncaim airgeadais		71,401	74,144

Déanann na nótaí a ghabhann leis seo ar leathanaigh 66 go 105 dlúthchuid de na Ráitis Airgeadais.

Thar cheann an Bhoird,



Frank Allen
Cathaoirleach
28 Márta 2025



Deirdre Collier
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
28 Márta 2025

Ráiteas Ioncaim Cuimsitheach

	Nóta	31 Nollaig 2024 €'000	31 Nollaig 2023 €'000
Gnóthachan ar ghnáth-ghníomhaíochtaí i ndiaidh ioncaim airgeadais		71,401	74,144
Gnóthachan/(Caillteanas) Achtúireachta	17	(626)	(419)
Ioncam cuimsitheach iomlána don bhliain airgeadais		70,775	73,725

Ráiteas Ioncaim Cuimsitheach

	Nóta	31 Nollaig 2024 €'000	31 Nollaig 2023 €'000
Sócmhainní			
Airgead tirim agus a choibhéis in airgead tirim	11	322,493	26,138
Réadmhaoin, gléasra agus trealamh	12	375	309
Iasachtaí agus airleacain	13	8,709,870	7,543,008
Fiachóirí agus infháltas eile	14	2,716	3,029
Sócmhainní iomlána		9,035,454	7,572,484
Dlíteanais			
Urrúis fiachais in eisiúint	15	7,300,478	5,982,847
Iasachtaí bainc	16	1,149,926	1,075,765
Easnamh na scéime pinsean	17	297	9
Ábhair iníoctha eile		1,430	1,315
Dlíteanais iomlána		8,452,131	7,059,936
Cothromas			
Scairchaipiteal glaoite	20	39	39
Barrachas coinnithe	21	583,284	512,509
Cothromas iomlán		583,323	512,548
Dlíteanais agus cothromas iomlán		9,035,454	7,572,484

Déanann na nótaí a ghabhann leis seo ar leathanaigh 66 go 105 dlúthchuid de na Ráitis Airgeadais.

Thar cheann an Bhoird,



Frank Allen
Cathaoirleach
28 Márta 2025



Deirdre Collier
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
28 Márta 2025

Ráiteas ar Athruithe sa Choithromas

	Scairchaipiteal €'000	Tuilleamh Coimeádta €'000	Iomlán €'000
Iarmhéid ag 1 Eanáir 2024 mar a tuairiscíodh cheana féin	39	512,509	512,548
Brabús don bhliain	-	71,401	71,401
Caillteanas achtúireacha ar scéimeanna pinsin le sochar sainithe	-	(626)	(626)
Iarmhéid ag 31 Nollaig 2024	39	583,284	583,323

Ráitis Sreabhaidh Airgid

	31 Nollaig 2024 €'000	31 Nollaig 2023 €'000
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		
Brabús don bhliain airgeadais	71,401	74,144
Coigeartuithe do:		
Dímheas	195	134
Costais achtúireacha pinsin	(626)	(419)
Glanméadú)/Glanlaghdú in iasachtaí agus i réamhíochta	(1,166,422)	(746,925)
Glanméadú)/Glanlaghdú i creidiúnaithe eile	(132)	(607)
Glanméadú)/Glanlaghdú i bhféichiúnóirí	408	(21)
Airgead tirim glan ginte ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	(1,095,175)	(673,694)
Sreafaí airgid ó gníomhaíochtaí infheistíochta		
Ceannachán do réadmhaoin gléasra agus trealamh	(261)	(197)
Airgead tirim glan úsáidte i gníomhaíochtaí infheistíochta	(261)	(197)
Sreafaí airgid ó gníomhaíochtaí maoiniúcháin		
Gluaiseacht iasachtaí	1,391,791	518,008
Airgead tirim glan úsáidte i gníomhaíochtaí maoiniúcháin	1,391,791	518,008
Glanméadú)/(Glanlaghdú) in airgead tirim agus coibhéisí airgid	296,355	(155,883)
Airgead tirim agus coibhéisí airgid ag tús na bliana	26,138	182,020
Airgead tirim agus coibhéisí airgid ag deireadh na bliana	322,493	26,138

Nótaí a ghabhann leis an ráitis airgeadais

1.

Faisnéis Reachtúil

Cuideachta phoiblí theoranta is ea an Ghníomhaireacht Airgeadais Tithíochta a bhfuil sainchónaí uirthi i bPoblacht na hÉireann, uimhir chlárúcháin 87513. Tá an oifig chláraithe lonnaithe ag 46, Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2.
2.

Caighdeáin Chuntasaíochta a Chomhlíonadh

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe de réir FRS 102, an Caighdeán Tuairisceoireachta Airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann, arna eisiúint ag an gComhairle Tuairisceoireachta Airgeadais. Ní raibh aon chásanna ábhartha ann lenar imíodh ón gcaighdeán seo.
3.

Beartais Chuntasaíochta

Bonn ullmhúcháin

Cuireadh i bhfeidhm na beartais chuntasaíochta seo a leanas go comhleanúnach i ndéileáil leis na míreanna ar measadh iad a bheith ábhartha ó thaobh Ráitis Airgeadais GAT.

Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais de réir an choinbhinsiúin costais stairiúil de réir mar a modhnaíodh ag athluacháil ar shócmhainní áirithe seasta.

Tá na ráitis airgeadais ag cloí le FRS 102, an Caighdeán Tuairisceoireachta Airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann, arna eisiúint ag an gComhairle Tuairisceoireachta Airgeadais, de réir mar atá fógartha ag Cuntasóirí Cairte Éireann. Tá na beartais chuntasaíochta leagtha amach anseo thíos agus cuireadh iad i bhfeidhm go comhleanúnach i ngach tréimhse sna Ráitis Airgeadais seo.

Toisc chineál ghnó GAT agus mar gheall ar na cineálacha idirbhearta a bhíonn ar bun aige, tá na Stiúrthóirí tar éis an Ráiteas loncaim a chur in oiriúint do chúinsí an ghnó de réir Alt 3, Cuid II d’Acht na gCuideachtaí 2014. Roghnaigh na Stiúrthóirí a Ráitis Airgeadais a chur i láthair san fhormáid a úsáideann institiúidí airgeadais comhchosúla.

Rochtain ar Mhaoiniúchán agus Gnóthas Leantach

Is ar bhonn an ghnóthais leantaigh a rinneadh na ráitis airgeadais a ullmhú. Agus an measúnú seo á dhéanamh ag Bord na Stiúrthóirí faoi acmhainn GAT leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach, chuir siad na rioscaí agus neamhchinnteachtaí suntasacha san áireamh a d’fhéadfadh dul i bhfeidhm ar GAT, go háirithe maidir le deacrachtaí a d’fhéadfadh teacht chun cinn i ndáil le rochtain ar mhaoiniúchán.

Nótaí a ghabhann leis an ráitis airgeadais (ar lean)

Baineann struchtúr ráta inathraithe le thart ar 21% de na n-iasachtaí ó GAT go dtí a chustaiméirí, agus baineann struchtúr cosúil leis sin le maoiniúchán an GAT a fhaightear chun na hiasachtaí sin a sholáthar. Is é an Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) príomhmaoinitheoir GAT trí Chlár na Nótaí. Tá Clár na Nótaí faoi Ráthaíocht ag an Aire Airgeadais agus eascaíonn sé éisiúnt go uasaibíocht tríocha bliain ó dháta eisithe.

I mí Eanáir 2016, tugadh isteach socrú nua praghsála le GBCN lena ndéantar an ráta úis d'éisiúintí nua (seasta nó comhlúthacha) a phraghsáil bunaithe ar chuar toraidh bhannaí Rialtas na hÉireann don aibíocht faoi seach móide corrlach atá comhaontaithe idir an dá pháirtí. Ag deireadh na bliana 2024 bá é 11.04 bliain (2023: 10.8 bliain) meánaibíocht GAT. Cheannaigh GBCN 10.8 in GNanna amhail ag 31 Nollaig 2024 (2023: €4.13bn).

Tá na Stiúrthóirí sásta go bhfuil raon imleor de roghanna maoiniúcháin ar fáil, ionas go mbeidh GAT in ann maoiniú leanúnach a sholáthar dá chustaiméirí agus go leanfaidh sé ag feidhmiú amach anseo. Tá na Stiúrthóirí deimhin de freisin, i bhfianaise go bhfuil meánré iasachtaí GAT i bhfad níos faide ná 18 mí ó dhá cheadú na Ráiteas Airgeadais seo, go bhfuil sé iomchuí i gcónaí na Ráitis Airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh agus go leanfaidh GAT ag feidhmiú sa ghnó amach anseo.

Airgeadra feidhmiúil agus láithreoireachta

Cuirtear na ráitis airgeadais seo i láthair in euro, airgeadra feidhmiúil GAT. Ach amháin sa chás go dtugtar le fios, rinneadh an fhaisnéis airgeadais a chuirtear i láthair in euro a shlánú go dtí an míle ba chóngaraí.

Úsáid as meastacháin agus breitheanna

Bíonn ar an lucht bainistíochta, le linn Ráitis Airgeadais a ullmhú, meastacháin, breithiúnais agus toimhdí a dhéanamh a mbíonn tionchar acu ar an mbealach a gcuirtear beartais chuntasaíochta i bhfeidhm agus ar shuimeanna tuairiscithe na sócmhainní, na ndliteanas, an ioncaim agus na speansas.

Bíonn athbhreithniú á dhéanamh go leanúnach ar mheastacháin agus ar thoimhdí bunúsacha. Aithnítear athbhreithniú a dhéantar ar mheastacháin chuntasaíochta sa tréimhse ina ndéantar an meastachán a athbhreithniú agus in aon tréimhsí as sin amach a dtéann an t-athbhreithniú i bhfeidhm ina leith.

Tá na breitheanna a théann i bhfeidhm go suntasach ar na Ráitis Airgeadais, agus iad sin a mbeadh baol ann go dteastódh coigeartú ábhartha uathu sa bhliain dar gcionn, i réimsí na gcaillteanas lagaithe a d'fhéadfadh a theacht i gceist maidir le hiasachtaí agus airleacain a eisíodh roimh 1986 agus maidir le hiasachtaí do Chomhlachtaí Ceadaithe Tithíochta.

Nótaí a ghabhann leis an ráitis airgeadais (ar lean)

Caillteanas lagaithe ar iasachtaí agus ar airleacain

Tugann GAT iasachtaí d'údaráis áitiúla, CCTanna, don Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil agus do institiúidí ardoideachais. Tá próifíl riosca creidmheasa difriúil ag na hiasachtaithe seo. Is féidir míniú níos mionsonraithe ina leith seo a fháil i Nóta 18 (a).

Baineann an bhreith is suntasaí ar ar ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais le dearcadh na Stiúrthóirí ar riosca creidmheasa na n-iasachtaí a eisíodh i ndiaidh 1986. I gcomhthéacs a) údaráis áitiúla a bheith ina gcomhlachtaí reachtúla faoin Acht Rialtais Áitiúil, 2001 agus achtacháin eile, b) a n-ioncaim nó a gcistí a bheith ina n-urrús don íocaíocht atá dlite do GAT sna suimeanna go léir atá dlite ó údaráis áitiúla (mar atá leagtha amach sa chomhaontú idir gach údarás áitiúil agus GAT), c) go gceadaíonn an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht gach iasacht airleachta d'údaráis áitiúla, d) go dtuigeann an Bord go dtacaíonn an Rialtas láir le húdaráis áitiúla agus iad ag freastal ar a n-oibleagáidí do GAT; agus e) nach raibh aon chaillteanas do GAT de bharr a hiasachtaí a tugadh ar airleacan d'údaráis áitiúla i ndiaidh 1986, is é tuairim an Bhoird nach fiú le háireamh é aon riosca creidmheasa, seachas riosca ceannasach, maidir le hiasachtaí a tugadh ar airleacan údaráis áitiúla ar nó tar éis an 27 Bealtaine 1986, agus níor taifeadadh aon fhorálacha caillteanas iasachta i leith na n-iasachtaí sin.

I measc réimsí eile a bhféadfadh tionchar nach mbeadh chomh suntasach acu ar thuairisceoireacht airgeadais GAT, áirítear caillteanas de bharr lagú a d'fhéadfadh teacht chun cinn ar iasachtaí a eisíodh roimh Bealtaine 1986, ar iasachtaí do CCTanna. Dlítear aon chaillteanas chreidmheasa a d'fhéadfadh teacht chun cinn as an €1.12 milliún (2023: €1.12 milliún) atá fós dlite do na húdaráis áitiúla ó na hiasachtaithe bunúsacha ar mhorgáistí a ceadaíodh roimh an 27 Bealtaine 1986 agus a bhfuil an bhunmhaoín atá faoi mhorgáiste mar urrús leo, a chur ar an GAT. Tá comhsholáthar de €0.43 milliún aitheanta i leith na gcuntas sin. Tagair do Nóta 13 le haghaidh tuilleadh mionsonraí. Tosaíodh ar iasachtaí a thabhairt do CCTanna go díreach in 2012 agus ba é €5.31 billiún na hiarmhéideanna iomlána ag 31 Nollaig 2024 (2023: €4.12 billiún). Níor tharla aon chaillteanas iasachtaí ar iasachtaí do CCTanna agus mar sin, ní dhearnadh aon liúntais le haghaidh caillteanas ar iasachtaí.

Sochair d'fhostaithe

Feidhmíonn GAT scéim pinsin le sochair shainithe a dtagann gach ball den fhoireann a thosaigh fostaíocht roimh 2013 faoina scáth. Is cúigear fostaí agus fiche atá mar pháirt do Scéim Pinsin Aonar an Seirbhís Phoiblí (Scéim Aonar) de réir polasaí rialtais mar gur thosaigh siad fostaíocht tar éis 1 Eanáir 2013. Déantar luach margaidh sócmhainní agus luach achtúireachta dhliteanas na scéime a luacháil go bliantúil. Baineann leis sin go ndéanfaidh an lucht bainistíochta, i gcomhairle le hachtúire seachtrach, toimhdí maidir le boilsciú ar phraghasanna, ardú ar thuarastail agus ar phinsin, fáltas ar infheistíocht agus ré saolach na bhfostaithe sa todhchaí. Bíonn raon inghlachta i gceist inar féidir le meastacháin den chineál sin a theacht go dliteanach. D'fhéadfadh gur tionchar eile ar fad a bheadh ar na

Nótaí a ghabhann leis an ráitis airgeadais (ar lean)

torthaí i leith na tréimhse agus ar an riocht airgeadais dá réir, dá mbainfí úsáid as malairt toimhdí. Foilsítear breis sonraí ina leith seo i Nóta 17 a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais.

Is ionann easnamh nó barrachas glan GAT maidir lena plean pinsin le sochair shainithe agus an t-easnamh nó an barrachas faoi seach don luach cóir shócmhainní an phlean i gcomórtas le luach reatha na sochar a bheidh dlite do na fostaithe san am atá le teacht i gcúiteamh ar a gcuid fónaimh le linn na tréimhse reatha agus tréimhsí roimhe seo. Is ionann an ráta lascaire a chuirtear i bhfeidhm agus toradh an mhargaidh ar bhannaí corparáideacha ardcháilíochta ag dáta an chlár chomhardaithe a bhfuil dátaí aibíochta ag dul leo a thagann a bheag nó a mhór leis na téarmaí maidir le hoibleagáidí GAT. Achtúire cáilithe neamhspleách a dhéanann an t-áireamh agus is é modh chostas réamh-mheasta an aonaid a chuirtear i bhfeidhm. Tugtar gnóthachain agus caillteanais achtúireachta go díreach anonn chuig ioncam cuimsitheach eile sa bhliain ina dtabhaítear iad. Áirítear leis an tionchar ar an Ráiteas Ioncaim costas reatha na seirbhíse, an costas seirbhíse roimhe seo, an costas úis maidir le dliteanais na scéime, agus an toradh measta maidir le sócmhainní an phlean.

Sócmhainní agus dliteanais airgeadais

Aitheantas

Tugann an GAT aitheantas ar dtús d'iasachtaí agus do shuimeanna ar airleacan, d'earlaisí, d'urrúis fiachais ar eisiúint agus do bhannaí innéacsnaasctha ar an dáta a gcuirtear tús leo.

Dí-aithint

Déanann GAT dí-aithint ar shócmhainn airgeadais nuair a théann na cearta faoi chonradh ar shreabhadh airgid ón tsócmhainn in éag, nó nuair a aistrítear na cearta faoi chonradh ar shreabhadh airgid an tsócmhainn airgeadais a fháil trí idirbheartaíocht lena n-aistrítear an riosca ar fad agus an gnóthachan uile a bheag ó a mhór a ghabhann le húinéireacht ar an tsócmhainn airgeadais. Aithnítear mar shócmhainn nó dliteanas ar leith d'aon leas i sócmhainní airgeadais aistrithe, ar leas é a chruthaigh nó a choimeád GAT.

Déanann GAT dí-aithint ar dhliteanas airgeadais nuair a bhíonn na dualgais a leagtar uirthi faoin gconradh curtha di aici nó ar sin a chur ar ceal nó a dhul in éag. D'fhéadfadh GAT idirbhearta a dhéanamh trína n-aistrítear sócmhainní atá aitheanta ar a clár comhardaithe ach go gcoinníonn sí gach riosca agus gach gnóthachan araon a bhaineann leis na sócmhainní aistrithe nó sciar áirithe díobh. Sa chás go gcoinnítear na rioscaí agus an gnóthachan ar fad, a bheag nó a mhór, ní dhéantar dí-aithint sa chás sin ar na sócmhainní aistrithe ar an ráiteas ar staid an airgeadais.

Nótaí a ghabhann leis an ráitis airgeadais (ar lean)

Ionstraimí Airgeadais

I mblianta airgeadais roimhe, ghlac GAT le ceanglais FRS 26 'Ionstraimí Airgeadais: Aithint agus Tomhas'. Le FRS 26, cuirtear i ngníomh na ceanglais maidir le haithint, tomhas agus cuntasáíocht fhálaithe a bhaineann le Caighdeán Idirnáisiúnta IAS 39 'Ionstraimí Airgeadais: Aithint agus Tomhas'. Le IAS 39, éilítear Sócmhainní Airgeadais a rangú i gceann de cheithre chatagóir. Rangaigh an GAT a cuid iasachtaí d'údaráis áitiúla, chomhlachtaí ceadaithe tithíochta agus do institiúidí ardoideachais faoi chatagóir 'Iasachtaí agus Infháltais' de réir IAS 39.

Mar sin aithníodh iasachtaí na Gníomhaireachta ar dtús ar luach cothrom na comaoine a íocadh, agus tomhaiseadh iad ina dhiaidh sin ar chostas amúchta lúide soláthair le haghaidh lagú. Tá ceanglais Ailt 11 agus 12 de FRS 102 breithnithe ag an nGníomhaireacht agus cinneadh á déanamh maidir leis an gcur chuige cuntasáíochta dá cuid iasachtaí d'údaráis áitiúla agus do chomhlachtaí ceadaithe tithíochta agus d'institiúidí ardoideachais.

Iasachtaí roimh Bhealtaine 1986

Bíonn GAT faoi dhliteanas i leith aon chaillteanas creidmheasa a thagann chun cinn ó mhorgáistí roimh Bhealtaine 1986, a urraítear leis an mbunmhaoín mhorgáiste. Measann an Gníomhaireacht go dtiteann na hiasachtaí seo faoi chatagóir urrús bunaithe ar shócmhainní de réir Mhír 11.6 de FRS 102.

Iasachtaí tar éis Bhealtaine 1986

Tugann GAT na sainmhínte a áirítear i Míreanna 11.8 agus 11.9 de FRS 102 dá haire agus measann gurb ionann a cuid iasachtaí tar éis 1986 d'údaráis áitiúla agus ionstraimí fiachais ina mbíonn an fáiltas conartha don Gníomhaireacht ina shuim sheasta agus ina ráta seasta dearfach nó ina ráta inathraithe dearfach, agus mar sin, go gcomhlíonann siad an sainmhíniú maidir le hionstraimí airgeadais bhunúsacha.

Iasachtaí do chomhlachtaí ceadaithe tithíochta

Thosaigh GAT ag tabhairt iasachtáí do CCTanna in 2012. Measann an Gníomhaireacht go gcomhlíonann na hiasachtaí a thugtar ar airleacan do CCTanna an sainmhíniú maidir le hionstraimí casta airgeadais ar an mbonn go n-urraítear na hiasachtaí trí mhuirir thairis ar na maoine bunúsacha.

Iasachtaí do institiúidí ardoideachais

Thosaigh GAT ag tabhairt iasachtáí do institiúidí ardoideachais in 2019. Measann an Gníomhaireacht go gcomhlíonann na hiasachtaí a thugtar ar airleacan do institiúidí ardoideachais an sainmhíniú maidir le hionstraimí casta airgeadais ar an mbonn go n-urraítear na hiasachtaí trí mhuirir thairis ar na maoine bunúsacha.

Nótaí a ghabhann leis an ráitis airgeadais (ar lean)

Breithniú ar an gcur chuige cuntasáíochta

Éilítear le hAlt 11 de FRS 102 go ndéanfar lonstraimí Airgeadais Bhunúsacha a thomhas ag praghas an idirbhirt i dtosach báire, agus ina dhiaidh sin ar chostas amúchta agus an modh úis éifeachtaigh á úsáid. Níl aon difríocht i gceist leis an modh cuntasáíochta seo ón gcur chuige a chuir an Ghníomhaireacht chun feidhme roimhe agus ní bheadh aon choigeartuithe i gceist leis an trasdul dá bharr. Baineann Alt 11 leis an gcuid is suntasaí de leabhair iasachtaí na Gníomhaireachta, ag plé leis na hiasachtaí a tugadh ar airleacan d'údaráis áitiúla i ndiaidh na Bealtaine 1986. Éilítear le hAlt 12 de FRS 102 go ndéanfar ionstraimí casta airgeadais a aithint ar luach cothrom i dtosach báire, agus gur chóir iad a thomhas ina dhiaidh sin ar luach cothrom ag deireadh gach tréimhse tuairisceoireachta. Faoi mar a tugadh le fios thuas, déanann na hiasachtaí a bheadh sa chatagóir seo iasachtaí na Gníomhaireachta a thugtar ar airleacan d'Údaráis Áitiúla roimh Bhealtaine 1986 chomh maith lena cuid iasachtaí do chomhlachtaí ceadaithe tithíochta agus do institiúidí ardoideachais. Níl i gceist leis na hiasachtaí seo ach 63% de leabhar iasachtaí iomlán na Gníomhaireachta.

Measann an Ghníomhaireacht go gciallaíonn a bhfuil i gceist lena cuid gnó go gcomhlíonann sí na ceanglais a cháillíonn í le go rangófar í mar Eintiteas Tairbhe Phoiblí (PBI) de réir FRS 100. De réir Mhír 11.1A de FRS 102, féadfaidh Eintiteas Tairbhe Phoiblí a dhéanann nó a fhaigheann iasachtaí lámhaltais mar eintiteas tairbhe phoiblí tagairt a dhéanamh do mhíreanna Alt 34 den chaighdeán i gcomhair na gceanglas cuntasáíochta do na hiasachtaí sin. A mhéid a bhaineann sé leis an nGníomhaireacht, sainmhínítear iasacht dá leithéid sa chaighdeán mar cheann atá faoi bhun ráta úis an mhargaidh atá i réim, nach bhfuil iníoctha ar éileamh, agus a thugtar chun cuspóirí an Eintitis Tairbhe Phoiblí a chur chun cinn. Ceadaítear le hAlt 34 den chaighdeán don úsáideoir na ceanglais maidir le haithint, tomhas agus nochtadh d'Alt 11 nó Alt 12 a chur chun feidhme. Tá an Ghníomhaireacht tar éis roghnú mar sin forálacha Alt 34 a chur chun feidhme agus leanúint ar aghaidh le bheith ag tabhairt cuntais ina cuid iasachtaí ar luach cothrom ar thomhas tosaigh agus ar chostas amúchta. Cuirtear prionsabail Alt 11 den Chaighdeán, lena gcuimsítear lonstraimí Airgeadais Bhunúsacha, chun feidhme leis seo. I ndáil le gach lonstraim Airgeadais eile, tá an Ghníomhaireacht sásta go gcomhlíonann siad an sainmhíniú maidir le hlonstraimí Airgeadais Bunúsacha agus mar sin gur chóir leanúint ar aghaidh le cuntas a thabhairt iontu ar an gcaoi chéanna is a rinneadh i mblianta roimhe. Ní thagann aon choigeartuithe chun cinn dá bharr an trasdula leis seo.

Fritháireamh

Déantar fritháireamh maidir le sócmhainní agus dliteanais airgeadais agus cuirtear an tsuim ghlan i láthair sa ráiteas ar staid an airgeadais nuair atá de cheart ag an GAT faoin dlí, agus sa chás sin amháin, na suimeanna a fhritháireamh agus nuair atá de rún ag an GAT réiteach maidir leis an tsócmhainn ar bhonn glansuime nó an tsócmhainn a réadú agus an dliteanas a réiteach an tráth céanna. Cuirtear ioncam agus speansais i láthair ar bhonn glansuime nuair a bhíonn de rún agus d'acmhainn ag GAT na suimeanna a fhritháireamh.

Nótaí a ghabhann leis an ráitis airgeadais (ar lean)

Costas amúchta a thomhas

Is ionann costas amúchta sócmhainne nó dliteanais airgeadais agus an tsuim a luaitear leis an tsócmhainn nó an dliteanas airgeadais nuair a aithnítear ar dtús é, lúide aisíocaíochtaí i leith na príomhshuime, móide nó lúide an amúchadh carnach, maidir le haon difríocht idir an tsuim a aithníodh ar dtús agus an tsuim aibíochta, lúide aon laghdú maidir le lagú.

An luach cóir a mheas

Bíonn an próiseas maidir le luach cóir a lua le sócmhainní airgeadais agus le dliteanais airgeadais bunaithe ar phraghasanna foilsithe an mhargaidh nó ar thairiscintí praghasanna ó dhéileálaithe i ndáil le hionstraimí airgeadais arna dtrádáil ar mhargaí beo. Maidir le luach foilsithe an mhargaidh, is ar an bpraghas tairisceana a bhunaítear é ach sin a bheith ar fáil. I gcás na n-ionstraimí airgeadais eile ar fad, socraítear an luach cóir trí mhodhanna luachála a chur in úsáid. I gcás urrús nach mbíonn luach foilsithe an mhargaidh ar fáil lena aghaidh, baineann GAT leas as teicnící meastacháin chun an luach cóir a shocrú.

Áirítear ar na modhanna meastúcháin a úsáidtear, sreabhadh airgid lascainithe, samhlacha inmheánacha lena mbaintear leas as sonraí soiléire an mhargaidh nó as comparáidí le hurrús eile atá ar aon dul, a bheag nó a mhór, leis na cinn faoi chaibidil.

Iasachtaí agus suimeanna infhaighte

Is sócmhainní airgeadais nach díorthaigh iad iasachtaí agus suimeanna infhaighte, a mbíonn íocaíochtaí seasta nó íocaíochtaí indeimhnithe ag gabháil leo agus nach luaitear ar mhargadh beo agus nach bhfuil i gceist ag GAT iad a dhíol láithreach ná sa ghearrthearma.

Déantar iasachtaí agus suimeanna infhaighte a mheas ar dtús ar an luach cóir maidir leis an gcomaoin a fuarthas agus coinnítear ina dhiaidh sin iad arna lua de réir an chostais amúchta lúide soláthar maidir le lagú.

Lagú a aithint agus a thomhas

Déanann GAT, tráth an chláir chomhardaithe i ngach tréimhse airgeadais, an cheist a mheas cé acu an bhfuil fianaise oibiachtúil ann go bhfuil lagú tarlaithe maidir le sócmhainní airgeadais nach ar luach cóir trí bhrabús nó caillteanas a iompraítear iad. Áirítear lagú tarlaithe maidir le sócmhainní airgeadais sa chás gur léir ó fhianaise oibiachtúil gur tharla eachtra caillteanais ó rinneadh an tsócmhainn a aithint ar dtús agus go bhfuil tionchar, ar féidir é a mheas go hiontaofo, ag an eachtra caillteanais sin ar shreabhadh airgid na sócmhainne sin san am atá le teacht.

Déanann an GAT fianaise maidir le lagú a mheas ag leibhéal sócmhainne amháin faoi leith agus ag an leibhéal tiomsaithe chomh maith. Déantar measúnú maidir le gach sócmhainn airgeadais a bhfuil suntas léi aisti féin i ndáil le lagú faoi leith

Nótaí a ghabhann leis an ráitis airgeadais (ar lean)

maidir leis an tsócmhainn sin. Déantar gach sócmhainn shuntasach ansin nach meastar gur tharla lagú faoi leith i ndáil leo, a mheas mar thiomsú d'fhonn aon lagú a fulaingíodh ach nár tuairiscíodh go fóill a thabhairt chun aire. Sócmhainní nach bhfuil suntasach astu féin, déantar an measúnú maidir le lagú ina leith arna dtabhairt ina dtiomsú de shócmhainní airgeadais (arna n-iompar de réir an chostais amúchta) a bhfuil tréithe riosca den chineál céanna ag baint leo. Déantar caillteanas mar gheall ar lagú ar shócmhainní arna n-iompar de réir an chostais amúchta a thomhas de réir an difríocht atá idir luach iompair na sócmhainní airgeadais agus luach reatha an tsreafa airgid measta. Déantar caillteanais a aithint sa Ráiteas Ioncaim agus léirítear iad i gcuntas liúntais maidir le hiasachtaí agus airgead ar airleacan.

Déantar tástáil ar ar gach iasacht a ndéantar athchaibidlíocht uirthi don lagú agus i gcás ina meastar iasacht a bheith lagaithe, ardaítear foráil iomchuí chun an difríocht a chlúdach idir luach carreireachta na hiasachta agus luach reatha na sreafaí airgeadais a bheidh ann amach anseo. I gcás go ndéantar téarmaí na hiasachta a athchaibidliú a ndearnadh foráil lagaithe ina leith a bhfuil difríocht shuntasach idir é agus téarmaí bunaidh na hiasachta, san anailís chainníochtúil nó cháilíochtúil, déantar an iasacht bunaidh a dhí-aithint agus déantar iasacht nua a aithint ag an luach cóir.

Déantar aon difríocht idir méid carreireachta na hiasachta agus an luach cóir a aithint sa Ráiteas Ioncam.

Leantar ag aithint an úis ar an tsócmhainn lagaithe agus déantar an díscríobh tráth a meastar an iasacht iomlán nó cuid den iasacht a bheith neamh-inghabhálaíthe nó maite. Gearrtar iasachtaí a díscríobhadh i gcoinne forálacha a bunaíodh roimhe sin don lagú nó go díreach sa Ráiteas Ioncam.

Airgead tirim agus coibhéis airgid

Is éard atá in airgead tirim agus i gcoibhéisí airgid ná airgead tirim sa bhanc agus ar láimh agus infheistíochtaí gearrthéarmacha atá in-chomhshóite go héasca go méid aitheanta airgid thirim agus atá faoi réir riosca neamhshuntasach go dtiocfaidh athrú ar luach.

Réadmhaoin, gléasra agus trealamh

Ríomhtar dímhéas an costas a bhaineann le sócmhainní seasta inláimhsithe a leithdháileadh thar a saolré ionchasach úsáideach, mar seo a leanas:

Sócmhainní ríomhaireachta De réir méid cothrom thar 3 bliana

Sócmhainní eile De réir méid cothrom thar 5 bliana

Déantar athbhreithniú go tráthrialta maidir le meastacháin i ndáil leis an ré measta fiúntais. Déantar soláthar freisin, nuair is gá sin, do lagú ar bith ar shócmhainní seasta inláimhsithe. Déantar athbhreithniú ar luach iompair na sócmhainní seasta inláimhsithe ar gach dáta tuairiscithe d'fhonn a dhéanamh amach cé acu an

Nótaí a ghabhann leis an ráitis airgeadais (ar lean)

bhfuil aon chomhartha go bhfuil lagú i gceist. Má tá comhartha den sórt sin ann, déantar an tsócmhainn a thástáil maidir le lagú trí chomparáid a dhéanamh idir an luach iompair agus an luach a d'fhéadfaí a aisghabháil, luach is ionann agus cibé acu is airde idir an tsuim a gheofaí ón tsócmhainn a dhíol nó an luach atá leis an tsócmhainn in úsáid. Aithnítear caillteanais ó lagú sa chuntas Ioncaim Cuimsitheach Eile.

Ús infhaighte agus iníoctha

Ús atá infhaighte agus iníoctha maidir le hionstraimí airgeadais arna rangú mar iasachtaí agus airgead ar airleacan, agus mar dhliteanais airgeadais de réir an chostais amúchta. Cuirtear san áireamh leis an ríomh sin ús a fuarthas nó a íocadh, táillí agus coimisiúin a íocadh nó a fuarthas atá ina ndlúthchuid den toradh chomh maith le costais incriminteacha na n-idirbheart, nó, tréimhse níos giorra ná sin sa chás gur cuí sin, i ndáil le luach iompair glan na sócmhainne airgeadais nó an dliteanais airgeadais ar a aithint den chéad uair.

Airgeadraí eachtracha

Déantar idirbhearta ainmnithe in airgeadra seachas an euro a lua de réir na rátaí a bhí i réim tráth na beartaíochta féin. Aistrítear sócmhainní airgid agus dliteanais in airgeadra eachtrach de réir na rátaí atá i réim ar dháta an chláir chomhardaithe. Déileáiltear leis na difríochtaí malairte sa Ráiteas Ioncaim.

Tuairisciú teascán

Níl ach aon oibríocht amháin ag an GAT agus ní dhéantar sin ach in aon tír amháin. Déanann an bhainisteoireacht athbhreithniú ar oibríochtaí na Gníomhaireachta mar aonad iomlán agus ní dhéanann idirdhealú idir teascáin oibriúcháin. Mar sin, tuairiscítear oibríochtaí sna Ráitis Airgeadais seo mar theascán aonair.

Léas oibriúcháin

Nochtar costais maidir le léasanna oibriúcháin ar leithligh sa ráiteas ioncaim ar bhonn fabhrúithe ar feadh théarma an léasa agus modh na líne dírlí i bhfeidhm. Aithnítear dreasachtaí maidir leis an léas oibriúcháin ar an ráiteas ar staid an airgeadais agus scaoiltear iad ar bhonn méid cothrom thar an tréimhse chomh fada leis an chéad athbhreithniú de réir ráta an mhargaidh atá ina chuid den léas.

Déantar méadaithe boilscith i gcíos léasaithe a rangú mar costais tabhaithe.

Ioncam airgeadais

Cuimsíonn ioncam airgeadais an t-ioncam ó ús ar chistí infheistithe. Aithnítear ioncam ó ús de réir mar a fhabhraíonn sé.

Nótaí a ghabhann leis an ráitis airgeadais (ar lean)

4. Stádas GAT agus idirbhearta le páirtithe gaolmhara

Is cuideachta poiblí faoi theorainn scaireanna í An Ghníomhaireacht Airgeadais Tithíochta cpt arna cur chun cinn ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht faoi théarmaí an Achta um An Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe, 1981. Is é an Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe úinéir tairbhiúil scairchaipiteal eisithe na Gníomhaireachta. Bunaíodh an GAT ina cuideachta theoranta phríobháideach ar an 8 Feabhra 1982 agus rinneadh cuideachta theoranta poiblí di ar an 13 Eanáir 1983.

Maidir le gnáthchúrsaí gnó, is é Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (‘GBCN’) agus údarás áitiúla, ar comhlacht Rialtais freisin iad agus a meastar dá bharr sin gur páirtí gaolmhar atá ann, a chuireann maoiniú ar fáil do GAT. Is féidir sonraí a aimsiú i Nóta 15 faoi na méideanna a bhí gan íoc ar an 31 Nollaig 2024 faoin gclár na Nótaí faoi Ráthaíocht arb é GBCN a chuireann ar fáil é. B’ionann iomlán an chaiteachais ar ús i ndáil leis na háiseanna sin don GBCN agus €92.45 milliún (2023: €58.76 milliún), agus and €27.6 milliún (2023: €21.63 milliún) d’údaráis áitiúla don bhliain airgeadais agus €15.73 milliún (2023: €13.02 milliún) do áiseanna eile.

I ngnáthchúrsaí gnó, tugann an GAT cistí ar iasacht d’údaráis áitiúla, ar comhlachtaí Rialtais atá iontu agus a meastar dá bharr sin gur páirtithe gaolmhara iad. Tugtar sonraí i Nóta 5 a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais faoin ús a saothraíodh ar na cistí ar airleacan sin.

Feidhmíonn Irish Life Corporate Business bainistíocht/riarachd scéim phinsin na Gníomhaireachta Airgeadais Tithíochta (féach Nóta 17) go, le héifeacht ó 1 Eanáir 2012.

I ngnáthchúrsa gnó, cuireann GAT cistí i dtaisce leis an GBCN. Ba ionann agus €0.27 milliún an t-ús a fuarthas ar na taiscí seo le linn 2024 (2023: €8.44 milliún) agus b’ionann agus €nialas (2023: €25.02 milliún) na suimeanna i dtaisce agus infheistithe leis GBCN mar a bhí an 31 Nollaig 2024.

Nótaí a ghabhann leis an ráitis airgeadais (ar lean)

Idirbhearta le príomhphearsanra Bainistíochta

Áirítear ar phríomhphearsanra an lucht Bainistíochta na daoine sin a bhfuil d’údarás acu nó de fhreagracht orthu gníomhaíochtaí GAT a rialú, agus áireofaí orthu seo Bord na Stiúrthóirí agus an Phríomhfheidhmeannach, an Ceann Iasachtú, Ceann Riosca agus Comhlíonta, an Ceann Airgeadais agus an Ceann TFC. Chomh maith lena gcuid tuarastal, íocann an Ghníomhaireacht ranníocaíochtaí le plean sochair shainithe iarfhostaíochta ar son príomhphearsanra amháin den lucht Bainistíochta, a d’imigh ar scor in Meitheamh 2024. Is mar seo mar a leanas a cuimsíodh iomlán an chúitimh do phríomhphearsanra den lucht Bainistíochta:

	31 Nollaig 2024 €’000	31 Nollaig 2023 €’000
Tuarastail*	340	394
Táillí Stiúrthóirí	71	61
Ranníocaíochtaí Pinsin	87	79
Iomlán	498	534

*San áireamh leis na tuarastail, tá an luach saothair don Príomhoifigeach Feidhmiúcháin a dtugtar sonraí i ngeall air i Nóta 8, chomh maith le príomhphearsanra Bainistíochta (i.e. Ceann Iasachtú, Ceann Riosca agus Comhlíonta, Ceann Airgeadais agus Ceann TFC) atá ar tuarastal. Ag deireadh 2024, tá cúigear phearsanra buntábhachtach den Bhainisteoireacht i Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí.

Stádas GAT maidir le cúrsaí cánach

Faoi Alt 218 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997, tá ioncam a thuilleann GAT de thoradh an ghnó maidir le hiasachtaí agus airleacain a dhéanamh faoi Alt 5 d’Acht na Gníomhaireachta Airgeadais do Thithe, 1981, saor ó Cháin Corparáide. Bíonn díolúine maidir le Cáin Chorparáide i gceist freisin maidir le hioncam atá inmhuirearaithe faoi Chás III, Sceideal D.

Faoi Alt 172(A) den Acht Comhdhlúite Cánacha 1999, tá a cheart ag an GAT díbhinní a íoc gan Cáin Iarchoimeáchta Díbhinne bainte as.

Nótaí a ghabhann leis an ráitis airgeadais (ar lean)

5. Ioncam úis – gníomhaíochtaí leantacha

	31 Nollaig 2024 €'000	31 Nollaig 2023 €'000
Ús ar airleacain d'údaráis áitiúla:		
Tar éis an 27 Bealtaine 1986	83,881	71,898
Roimh 27 Bealtaine 1986	34	27
Ús ar airleacain do chomhlachtaí ceadaithe tithíochta	124,740	88,068
Ús ar airleacain do institiúidí ardoideachais	2,154	2,161
Ioncam Úis Iomlán	210,809	162,154

B'ionann luach iomlán an ioncaim ó ús ar shócmhainní airgeadais nach ar a luach cóir a iompraítear iad maidir leis an gCuntas ioncaim agus caiteachais agus ús comhlán €213.44 milliún (2023: €164.07 milliún).

6. Speansas úis – gníomhaíochtaí leantacha

	31 Nollaig 2024 €'000	31 Nollaig 2023 €'000
Costais iasachtaí		
Ús iníochta ar Nótaí faoi Ráthaíocht	120,124	80,428
Ús iníochta ar áiseanna EIB agus CEDB	15,663	12,981
Ús iníochta ar chuntas AIB	1	5
Speansas Úis Iomlán	135,788	93,414

7. Caiteachas nach caiteachais úis é

	31 Nollaig 2024 €'000	31 Nollaig 2023 €'000
Léas Oibriúcháin (Nóta 8)	197	197
Caiteachas ginearálta, luach saothair do Stiúrthóirí agus Fostaithe	3,271	2,492
Dímheas (Nóta 12)	195	134
Caiteachas neamh-úis iomlán	3,663	2,823

Nótaí a ghabhann leis an ráitis airgeadais (ar lean)

8. Caiteachas riaracháin

Ceangaltais maidir leis an Léas Oibriúcháin

Tá ceangaltais ar GAT faoi léas oibriúcháin (áitribh oifige) íocaíochtaí bliantúla mar a leanas a dhéanamh:

Foirgnimh	€'000
Tréimhse is giorra ná aon bhliain amháin	197
Tar éis bliana ach níos giorra ná cúig bliana	788
Tar éis cúig bliana	1,037

Caiteachas riaracháin

Thángthas ar an gcaiteachas riaracháin tar éis muirir mar seo a leanas a ghearradh:

Bliain dar críoch	31 Nollaig 2024 €'000	31 Nollaig 2023 €'000
Luach saothair an iniúcháora		
Iniúchadh ar Ráitis Airgeadais	39	34
Luach saothair iomlán an iniúcháora	39	34
Seirbhísí urrúis eile (iniúcháireacht inmheánach)	53	25
Speansais ghinearálta	1,056	737
Luach saothair Stiúrthóirí		
Táillí – an Cathaoirleach	12	12
Táillí – Stiúrthóirí eile	59	49
Luach saothair iomlán na Stiúrthóirí	71	61
Costais fostaithe (gan Stiúrthóirí san áireamh)		
Luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh	150	133
Tuarastail eile	1,429	1,104
Ranníocaíochtaí pinsin	87	77
Costais Leasa Shóisialaigh	164	122
Costais seirbhíse – pinsean – faoi láthair	222	199
Costais iomlána a bhaineann le fostaithe	2,052	1,425
Speansas riaracháin iomlán	3,271	2,492

Ba é €340,000 (2023: €394,000) suim iomlán na dtuarastal do phríomhbhaill na bainisteoireachta. Is le haghaidh na foirne riaracháin a bhí iarmhéid de of €1,239,000 (2023: €843,000). Ba é €73,894 (2023: €58,145) suim an ÍMAT/ÁSPC agus CBL ag deireadh na bliana. Ba é cúigear is fiche (2023: naonar déag) lena n-áirítear an Stiúrthóir Feidhmiúcháin an meánlíon fostaithe le linn na bliana.

Nótaí a ghabhann leis an ráitis airgeadais (ar lean)

9. Caiteachas Riaracháin Eile

	31 Nollaig 2024 €'000	31 Nollaig 2023 €'000
Caiteachas Riaracháin Eile	229	212
Iomlán Caiteachas Riaracháin Eile	229	212

Baineann Caiteachas Riaracháin Eile le Ciste Infheistíochta Sóisialta GAT. Cuireann an GAT le creatlach sóisialta agus eacnamaíoch na bpobal trí urraíocht a dhéanamh ar thionscadail a chuirtear isteach lena gceadú ag custaiméirí. Is é aidhm an Chiste Infheistíochta Sóisialta a chumasú don GAT tacú le tionscadail áitiúla oiriúnacha a chomhlánaíonn tithíocht shóisialta agus a chumasaíonn forbairt pobail.

10. Ioncam/(Speansas) airgeadais

	31 Nollaig 2024 €'000	31 Nollaig 2023 €'000
Ioncam/(speansas) glan úis ar scéim sochar sainithe shócmhainní dhliteanais phinsin	(1)	-
Ioncam infheistíochta ó GBCN	273	8,436
Ioncam/(speansas) glan úis ar scéim sochar sainithe shócmhainní phinsin	-	3
Ioncam/(speansas) airgeadais glan	272	8,439

11. Cash and cash equivalents

Bliain dar críoch	31 Nollaig 2024 €'000	31 Nollaig 2023 €'000
Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh	322,493	1,122
Méideanna coimeádta ar thaiscí gearrthéarmacha	-	25,016
Iomlán cóibhéisí airgid	322,493	26,138

Nótaí a ghabhann leis an ráitis airgeadais (ar lean)

12. Maoin, innealra agus trealamh

	31 Nollaig 2024 €'000	31 Nollaig 2023 €'000
Costas nó luacháil		
Ag 1 Eanáir 2024	692	507
Breisiúcháin	261	191
Diúscairtí	(70)	(6)
Ag deireadh na bliana	883	692
Dímheas Carntha		
Ag tús na bliana	383	255
Gearrtha sa bhlian	195	134
Diúscairtí	(70)	(6)
Ag deireadh na bliana	508	383
Leabharluach glan		
31 Nollaig 2024	375	309
31 Nollaig 2023	309	252

13. Iasachtaí agus airleacain d'údaráis áitiúla, do chomhlachtaí ceadaithe tithíochta agus do institiúidí ardoideachais

	31 Nollaig 2024 €'000	31 Nollaig 2023 €'000
Iasachtaí a tugadh ar airleacan d'údaráis áitiúla	3,159,191	3,185,355
Iasachtaí a tugadh ar airleacan do chomhlachtaí ceadaithe tithíochta	5,313,970	4,120,650
Iasachtaí a tugadh ar airleacan do institiúidí ardoideachais	117,845	122,135
Iomlán na n-iarmhéideanna dlite ar airleacain	8,591,006	7,428,140
Lúide: Comhsholáthar	(425)	(425)
Iomlán na n-iasachtaí agus airleacan d'údaráis áitiúla, do chomhlachtaí ceadaithe tithíochta agus do institiúidí ardoideachais	8,590,581	7,427,715
Dlite ó údaráis áitiúla	119,289	115,293
Iomlán iasachtaí dlite	8,709,870	7,543,008

Is le GAT a bhaineann dliteanais maidir le haon chaillteanais chreidmheasa a d'fhéadfadh teacht chun cinn maidir leis an €1.12 milliún (2023: €1.12 milliún) atá fós dlite do na húdaráis áitiúla ó na hiasachtaíthe bunúsacha ar mhorgáistí a ceadaíodh roimh mhí na Bealtaine 1986 a bhfuil an bhunmhaoín atá faoi mhorgáiste mar urrús leo. Tá soláthar dar

Nótaí a ghabhann leis an ráitis airgeadais (ar lean)

luach €0.43 milliún (2023: €0.43 milliún) aitheanta i leith na n-iasachtaí sin. Tá breis sonraí ina leith sin le fáil i Nóta 18 (a). Tá an soláthar seo bunaithe ar an meastachán is fearr de chuid GAT ar luach reatha an tsreafa airgid thirim a bheidh ann amach anseo i gcomparáid le luach iompair na n-iasachtaí faoi mar a bhí an 31 Nollaig 2024 agus é faoi réir ag athruithe sna toimhdí bunúsacha agus d’fhéadfadh go méadófaí nó go laghdófaí é i mblianta amach anseo.

I gcomhthéacs (a) gur comhlachtaí reachtúla faoin Acht Rialtais Áitiúil, 2001 agus faoi achtacháin eile iad na húdaráis áitiúla, (b) go bhfuil teacht isteach nó cistí na n-údarás áitiúil ina n-urrús i leith gach suim atá dlite don Ghníomhaireacht a íoc go cuí léi ag údaráis áitiúla (mar a leagtar síos sa chomhaontú idir gach údarás áitiúil faoi seach agus an GAT), agus (c) go gceadaíonn an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht gach iasacht a thugtar ar airleacan d’údaráis áitiúla, agus (d) tuiscint an Bhoird go dtacaíonn an Rialtas láir le húdaráis áitiúla chun a n-oibleagáidí i leith na GAT a chomhlíonadh; (e) ní dheachaidh aon chaillteanais don GAT de bharr a hiasachtaí a tugadh ar airleacan d’údaráis áitiúla i ndiaidh 1986; is é tuairim an Bhoird nach fiú le háireamh é aon riosca creidmheasa, seachas riosca ceannasach, maidir le hiasachtaí a thugtar ar airleacan d’údaráis áitiúla ar nó i ndiaidh 27 Bealtaine 1986 agus ní thaifeadtar aon fhorálacha caillteanais iasachta i leith na n-iasachtaí sin. Tagair le do thoil do Nóta 18 (a) le haghaidh breis sonraí.

Tosaíodh ar iasachtaí a thabhairt do chomhlachtaí ceadaithe tithíochta go díreach in 2012 agus aithnítear caillteanais de bhar na n-iasachtaí seo sa mhéid go dtagann caillteanais dá leithéid chun cinn. Níor tháinig aon chaillteanais dá leithéid chun cinn in 2024 agus ní mheastar aon soláthar a bheith riachtanach i leith na n-airleacan seo faoi mar a bhí cúrsaí ag 31 Nollaig 2024.

Tosaíodh ar iasachtaí a thabhairt do institiúidí ardoideachais go díreach in 2019 agus aithnítear caillteanais de bhar na n-iasachtaí seo sa mhéid go dtagann caillteanais dá leithéid chun cinn. Níor tháinig aon chaillteanais dá leithéid chun cinn in 2024 agus ní mheastar aon soláthar a bheith riachtanach i leith na n-airleacan seo faoi mar a bhí cúrsaí ag 31 Nollaig 2024.

14. Féichiúnaí eile agus infháltais

	31 Nollaig 2024 €’000	31 Nollaig 2023 €’000
Méideanna dlite le ciste an PRMR	2,532	2,972
Infháltas úis taisce	-	5
Infháltais ag baint le pinsin	184	52
Iomlán fhéichiúnaí eile agus infháltais	2,716	3,029

Nótaí a ghabhann leis an ráitis airgeadais (ar lean)

15. Urrús fiachais in eisiúint

Nótaí faoi Ráthaíocht	31 Nollaig 2024 €’000	31 Nollaig 2023 €’000
GN Údaráis Áitiúla	1,866,640	1,685,812
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta	5,300,000	4,130,000
GN Institiúid Ardoideachais	-	49,230
Ciste PRMR Údaráis Áitiúla	34,482	28,507
Urrús GN Institiúid Ardoideachais	3,298	3,232
Ráta seasta GN Údaráis Áitiúla	45,048	45,048
Iomlán na Nótaí faoi Ráthaíocht a tugadh ar airleacan	7,249,468	5,941,829
Ús is iníoctha ar Nótaí faoi Ráthaíocht	51,010	41,018
Urrús fiachais iomlána a eisíodh	7,300,478	5,982,847

Tagann na nótaí faoi ráthaíocht faoi lánráthaíocht an Aire Airgeadais.

16. Iasachtaí Bainc

Bank loans	31 Nollaig 2024 €’000	31 Nollaig 2023 €’000
Idir bliain agus dhá bhliain	34,753	40,184
Idir dhá agus cúig bliana	0	0
Tar éis breis is cúig bliana	1,110,106	1,030,868
	1,144,859	1,071,052
Ús iníoctha	5,067	4,713
Iomlán Iasachtaí Bainc	1,149,926	1,075,765

Bíonn na hiasachtaí bainc faoi ráthaíocht iomlán ag an Aire Airgeadais, ach amháin áis bheag amháin ar luach díreach that €2 mhilliún leis an mBanc Eorpach Infheistíochta chun críocha iasachtaí gan ráthaíocht do thionscadail uisce, dramhaíola agus chomhshaoil. Tugtar níos mó mionsonraí faoi aibíocht na suimeanna a bheidh dlite tar éis breis is bliana i Nóta 18 (c).

17. Scéim pinsin

Oibríonn an GAT scéim pinsin sochair shainithe a chlúdaíonn gach fostaí buan a earcaítear suas go dtí an 31 Nollaig 2012. Tá an scéim pinsin seo maoinithe go himmheánach. Tá fostaíthe a earcaíodh an 1 Eanáir 2013 nó dá éis ina mbaill den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (SPSPS). Tá an scéim pinsin seo maoinithe go himmheánach.

Ar an 6 Meán Fómhair 2023 a rinneadh an luacháil iomlán achtúireachta is deireanaí agus úsáid á bhaint as Modh Chreidiúint Réamh-Mheasta an Aonaid.

Nótaí a ghabhann leis an ráitis airgeadais (ar lean)

17. Scéim pinsin (ar lean)

Ar an 31 Nollaig 2024 b’ionann luach an mhargaidh ar shócmhainní an chiste agus €5.08 milliún (2023: €5.24 milliún). Tá an tuarascáil achtúireachta ar fáil lena grinnscrúdú ag comhaltaí na scéime.

Chun críche Shochair Scoir FRS 102, Alt 28, Leasa Foirne, tá na sonraí luachála is deireanaí tugtha cothrom le dáta go dtí an 31 Nollaig 2024 ag achtúire cáilithe neamhspleách a rinne an luacháil ar bhonn mhodh chostas réamh-mheasta an aonaid.

Seo a leanas na gnéithe is tábhachtaí den bhonn tuisceana achtúireachta a úsáideadh:

	31 Nollaig 2024 %	31 Nollaig 2023 %	31 Nollaig 2022 %
Ráta méadaithe ar thuarastail	3.00	3.60	4.25
Ráta méadaithe ar íocaíochtaí pinsin	2.00	2.00	2.00
Ráta lascaine	3.60	3.35	3.70
Toimhde boilscithe	2.00	2.10	2.75
Ionchais Saoil			
Tar éis dul ar scor – fear in aois a 65	23.4 years	23.3 years	23.6 years
Tar éis dul ar scor – bean in aois a 65	25.6 years	25.3 years	25.5 years
Tar éis dul ar scor – fear in aois a 62.5	25.9 years	25.3 years	26.0 years
Tar éis dul ar scor – bean in aois a 62.5	28.1 years	27.5 years	28.0 years

Féadtar anailís a dhéanamh ar (easnaimh)/bharrachais na scéime mar seo a leanas:

	31 Nollaig 2024 €'000	31 Nollaig 2023 €'000	31 Nollaig 2022 €'000	31 Nollaig 2021 €'000	31 Nollaig 2020 €'000
Sócmhainní pinsin	5,079	5,239	4,069	5,803	5,661
Dlíteanais phinsin	(5,376)	(5,248)	(4,406)	(6,439)	(7,264)
Dlíteanas	(297)	(9)	(337)	(636)	(1,603)

Nótaí a ghabhann leis an ráitis airgeadais (ar lean)

17. Scéim pinsin (ar lean)

Arna bhunú ar na toimhdí sin, leagtar amach sa tábla seo a leanas margadhluach shócmhainní na scéime le sochair shainithe chomh maith leis an luacháil is deireanaí maidir le dlíteanais na scéime arna n-uasdátú i ndáil le gluaiseachtaí sna toimhdí airgeadais:

	31 Nollaig 2024 €'000	31 Nollaig 2023 €'000	31 Nollaig 2022 €'000
Cothromais	-	-	-
Bannaí	5,228	5,239	4,069
Réadmhaoin	-	-	-
Airgead tirim agus sócmhainní eile	-	-	-
Iomlán mhargadhluach shócmhainní na scéime	(149)	5,239	4,069
Luach láithreach ar dhlíteanais na scéime pinsin	5,079	(5,248)	(4,406)
Glan (dlíteanas) iomlán pinsin aitheanta sa Ráiteas ar staid an airgeadais	(297)	(9)	(337)

Tá ioncam an úis ar shócmhainní plean i gcomhair 2024 ríofa bunaithe ar an ráta lascaine don bhliain roimhe, mar a bhí, 3.35%. Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2025, beidh ioncam an úis ar shócmhainní plean bunaithe ar ráta lascaine 3.60%

Seo a leanas na hathruithe ar luach cóir na hoibleagáidí sochair shainithe:

	31 Nollaig 2024 €'000	31 Nollaig 2023 €'000
Luach reatha oibleagáidí na sochar sainithe ag 1 Eanáir	(5,248)	(4,406)
Costas seirbhíse reatha agus roimhe seo	(222)	(199)
Costas úis	(175)	(162)
Ranníocaíochtaí ó fhostaithe	(17)	(21)
(Caillteanas)/gnóthachan achtúireachta	(77)	(634)
Sochair íoctha	363	174
Luach reatha oibleagáidí na sochar sainithe ag 31 Nollaig	(5,376)	(5,248)

Nótaí a ghabhann leis an ráitis airgeadais (ar lean)

17. Scéim pinsin (ar lean)

Mar seo a leanas na hathruithe i luach cóir na sócmhainní sa phlean:

	31 Nollaig 2024 €'000	31 Nollaig 2023 €'000
Luach cóir ar shócmhainní an phlean ar 1 Eanáir	5,239	4,069
Úa ioncaim ar shócmhainní an phlean	174	165
Ranníocaíochtaí ó fhostóirí	561	942
Ranníocaíochtaí ó fhostaithe	17	21
(Caillteanas)/gnóthachan achtúireachta	(549)	216
Sochair íoctha	(363)	(174)
Luach reatha oibleagáidí na sochar sainithe ag 31 Nollaig	5,079	5,239

Stair na ngnóthachan agus na gcaillteanas achtúireachta:

	31 Nollaig 2024 €'000	31 Nollaig 2023 €'000	31 Nollaig 2022 €'000	31 Nollaig 2021 €'000	31 Nollaig 2020 €'000
An difríocht idir toradh ionchais agus toradh iarbhir ar shócmhainní	(549)	216	(2,011)	(66)	171
Arna lua mar chéatadán de shócmhainní scéime	10.8%	4.12%	49.4%	1.1%	3.0%
Gnóthachain agus (caillteanais) achtúireachta ar dhliteanais na scéime	(77)	(634)	2,390	1,086	(1,013)
Arna lua mar chéatadán de dhliteanas na scéime	1.43%	12.1%	54.3%	16.9%	13.9%
Iomlán ghnóthachain agus (chailiteanais) achtúireachta	(626)	(419)	379	1,020	(842)
Arna lua mar chéatadán de dhliteanais na scéime	11.64%	7.98%	8.6%	15.8%	11.6%

Suim charnach achtúireachta agus caillteanas a aithníodh sa Ráiteas Ioncaim Cuimsitheach:

	31 Nollaig 2024 €'000	31 Nollaig 2023 €'000
Suim charnach ar 1 Eanáir	(2,947)	(2,528)
Aithníodh i rith na tréimhse	(626)	(419)
Suim charnach ar 31 Nollaig	(3,573)	(2,947)

Cuirtear na suimeanna a bhaineann leis an scéim shochar sainithe a aithníodh sa Ráiteas Ioncaim agus sa Ráiteas Ioncaim Cuimsitheach i láthair i Nóta 8.

Nótaí a ghabhann leis an ráitis airgeadais (ar lean)

17. Scéim pinsin (ar lean)

Ranníocaíochtaí lonchais ó Fhostóirí:

	2025 €'000	2024 €'000
Ranníocaíochtaí lonchais ó Fhostóirí	451	438

18. Bainistíocht rioscaí airgeadais

Réamhrá agus léargas ginearálta

Tharlódh nochtadh i gcás GAT do rioscaí mar seo a leanas ón úsáid a bhaineann sí as ionstraimí airgeadais:

- (a) riosca creidmheasa
- (b) riosca leachtachta
- (c) rioscaí margaidh (lena n-áirítear ráta úis, boilsciú agus airgeadra). Cuirtear eolas i láthair sa nóta seo faoin nochtadh a bhaineann do GAT maidir le gach ceann de na rioscaí thuas chomh maith le heolas faoi chuspóirí, faoi bheartais agus faoi nósanna imeachta na GAT chun an baol ó rioscaí a mheas agus a bhainistiú.

Creat bainistíochta riosca

Is ar Bhord na Stiúrthóirí atá an fhreagracht fhoriomlán maidir le Creat Bainistíochta Rioscaí a chur ar bun do GAT agus maoirseacht a dhéanamh ina leith. Tá beartais bainistíocht riosca GAT curtha ar bun na rioscaí a bhíonn roimh GAT a shonrú agus a anailísiú, chun teorainneacha agus rialuithe cuí a leagan síos agus chun monatóireacht a dhéanamh ar rioscaí agus ar chloí le teorainneacha. Déantar athbhreithniú rialta ar bheartais agus ar chórais bhainistíochta rioscaí d'fhonn athruithe ar riocht an mhargaidh, ar tháirgí agus ar na seirbhísí a tháirgtear a léiriú. Áirítear beartais ar úsáid hionstraimí díorthaigh airgeadais i Lámhleabhar Beartas agus Nósanna Imeachta na GAT. Tacaíonn siad seo leGAT agus cinntíonn go gcomhlíonann sí a ceanglais faoi Shonraíocht agus Ceanglais an Aire Airgeadais arna n-eisiúint faoi fhorálacha an Achta um Idirbhearta Airgeadais Chuideachtaí Áirithe agus Chomhlachtaí Eile, 1992 agus cuireann siad sárchleachtas maidir le húsáid ionstraimí díorthaigh cisteáin san áireamh. Is í an phríomhaidhm a bhíonn le hionstraimí díorthaigh airgeadais a úsáid comhréir a dhéanamh maidir le riosca nó riosca maidir le hathruithe ionchais ar rátaí malairte eachtraí i ndáil le sócmhainní agus dliteanais GAT a chur ar neamhní.Ní úsáideann GAT díorthaigh faoi láthair.

Cé go leagan an tábla thíos amach cuspóir na hiasachta a cuireadh ar fáil d'údarais áitiúla, measann an Ghníomhaireacht go bhfuil dhá chatagóir iasachtaí go príomha aici le húdarais áitiúla, mar atá, iad sin a ceadaíodh roimh agus i ndiaidh an 27 Bealtaine 1986 agus catagóir ar leith d'iasachtaí do CCTanna agus d'institiúidí ardoideachais. Tá próifíl ag gach catagóir riosca creidmheasa.

Nótaí a ghabhann leis an ráitis airgeadais (ar lean)

18. Bainistíocht rioscaí airgeadais (ar lean)

(a) Riosca Creidmheasa

Is éard is riosca creidmheasa ann ná riosca caillteanais airgeadais do GAT sa chás go dteipeann ar chustaiméir nó ar fhrithpháirtí le hionstraim airgeadais na dualgais faoin gconradh a chomhlíonadh agus is i ndáil le hiasachtaí agus airgead a thugann an GAT ar airleacan dá cuid custaiméirí, údaráis áitiúla na hÉireann, comhlachtaí ceadaithe tithíochta agus institiúidí ardoideachais, is mó a thagann sé i gceist. Leagtar uasnochtadh na GAT do riosca creidmheasa amach sa tábla thíos.

Sócmhainní airgeadais	31 Nollaig 2024 €'000	31 Nollaig 2023 €'000
Iasachtaí ar airleacan d'údaráis áitiúla	3,159,191	3,185,355
Iasachtaí ar airleacan do chomhlachtaí ceadaithe tithíochta	5,313,970	4,120,650
Iasachtaí ar airleacan d'institiúidí ardoideachais	117,845	122,135
Iomlán na n-iasachtaí a tugadh ar airleacan	8,591,006	7,428,140
Lúide comhsholáthar – údaráis áitiúla	(425)	(425)
	8,590,581	7,427,715
Dlíte ó údaráis áitiúla	119,289	115,293
Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh	322,493	26,138
Dlíte ó fhiachóirí agus infháltas eile	2,716	3,029
	9,035,079	7,572,175

Ceadaítear do GAT airgead a tabhairt ar airleacan dóibh seo a leanas faoi láthair:

- údaráis áitiúla, an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil agus an earnáil dheonach tithíochta d'fhonn a úsáid acusan chun críche ar bith a bhfuil údarás leis faoi Achtanna na dTithe 1966 go dtí 2009.
- údaráis áitiúla do thionscadail chaipitil arna n-údarú faoi alt 17 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2002.
- institiúidí ardoideachais ar son soláthar nó bainistíocht cóiríocht do mhic léinn, seilbh a fháil ar thalamh don aidhm seo agus
- le cistí a thabhairt ar iasacht don Ghníomhaíocht Forbartha Talún agus don Ghníomhaireacht Tithíochta.

Nótaí a ghabhann leis an ráitis airgeadais (ar lean)

18. Bainistíocht rioscaí airgeadais (ar lean)

Déantar iarmhéideanna dlíte ó údaráis áitiúla, ó CCTanna agus ó institiúidí ardoideachais a chatagóiriú mar a leanas:

Iarmhéid dlíte ar airleacain	31 Nollaig 2024 €'000	31 Nollaig 2023 €'000
Iasachtaí údaras áitiúla bainteach le morgáiste tithíochta*	1,062,886	1,086,866
Fóirdheontas caipitil agus cíosa údarás áitiúla	628,963	675,466
Maoiniú Idirlinne údarás áitiúla	341,780	318,544
Éadail talún údaras áitiúla	222,140	223,792
Iasachtaí údaras áitiúla eile tithíochta nach mbaineann le morgáistí	902,996	880,687
Airleacain atá dlíte ó údaráis áitiúla	3,158,765	3,185,355
Airleacain atá dlíte ó chomhlachtaí ceadaithe tithíochta	5,313,971	4,120,650
Airleacain atá dlíte ó institiúidí ardoideachais	117,845	122,135
Olliomlán na n-iarmhéideanna dlíte ar airleacain	8,590,581	7,428,140
	9,035,079	7,572,175

* Tá €1.15m d'iasachtaí a eisíodh roimh 1986 san áireamh sna hiasachtaí Morgáiste a bhaineann le Tithíocht (2023: €1.15m).

Beartais agus Nósanna Imeachta le riosca creidmheasa a bhainistiú

Tá dlíteanas ar GAT maidir le haon chaillteanas creidmheasa a eascraíonn ar mhorgáistí a tugadh roimh Bhealtaine 1986 agus a bhfuil an bhunmhaoín atá faoi mhorgáiste agus árachas cosanta morgáiste mar urrús leo. Bíonn comhthaobhacht ar láimh ag na húdaráis áitiúla i bhfoirm leasanna morgáistí maidir leis an maoín agus bhíonn árachas cosanta morgáiste ag iasachtaithe aonair. Ní thagann an GAT faoi dhlíteanas i leith aon chaillteanas lagaithe a d'fhéadfadh teacht chun cinn ach amháin sa chás nach leor luach na comhthaobhachta sin chun an fiachas a scaoileadh.

Tá urrús ag GAT ar iasachtaí tar éis Bealtaine 1986, nuair a urscaoileadh muirir agus íocaíochtaí tosaíochta, ar ioncaim nó ar chistí na n-údarás áitiúla d'íocaíocht dlíte don GAT de na suimeanna dlíte uile. Maidir le hiasachtaí do chomhlachtaí ceadaithe tithíochta (CCTanna), ceadaítear don GAT faoi alt 17 d'Acht na dTithe (Foráil Ilghnéitheach) 2002 iasachtaí a thabhairt do CCTanna agus d'institiúidí ardoideachais agus don Gníomhaireacht Tithíochta faoi alt 51 den Acht um Pleanáil agus Forbairt (Tithíocht) agus um Thionóntachtaí Cónaithe 2016.

Faoi Thionscnamh um Léasú Tithíochta Sóisialta na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht, ligean an Roinn sin, trí údaráis áitiúla, aonaid tithíochta cuí ó CCTanna amach ar leas, a thugtar ar cíos do thionóntaí tithíochta sóisialta atá ainmnithe ag údaráis áitiúla. Ceannaíonn nó tógann na comhlachtaí réadmhaoín

Nótaí a ghabhann leis an ráitis airgeadais (ar lean)

18. Bainistíocht rioscaí airgeadais (ar lean)

agus maoinítear sin trí airgeadas i bhfoirm iasachtaí a thiomsaíonn an CCT (ón GAT nó ón earnáil phríobháideach). Maoineoidh ioncam a gheobhaidh na CCTanna ó léas, a thóg an Roinn sin amach ar feadh tréimhse chomh fada le 30 bliain, aisiocaíocht iasacht na Gníomhaireachta.

Tá Beartas Creidmheasa ceadaithe ag GAT maidir le hiasachtaí a thabhairt do chomhlachtaí ceadaithe tithíochta agus d’institiúidí ardoideachais a cheadaigh an Bord i mí Mheitheamh 2013, agus a tugadh cothrom le dáta i mí na Nollag 2024. Coinníonn an Coiste Creidmheasa rioscaí creidmheasa laistigh de theorainneacha an Bhoird agus tuairiscíonn faoi chreidiúnacht CCTanna

Iasachtaithe lagaithe agus dlite thar téarma

Ní dhéantar measúnú ar mheastacháin maidir le luach cóir ach amháin sa chás go meastar iasacht faoi leith a bheith dlite thar téarma nó lagaithe. Seo mar leanas sainmhíniúchán maidir le dlite thar téarma agus lagaithe:

Is ionann iasacht lagaithe agus iasacht a gcinneann an GAT gur dócha nach mbeifear in ann an príomhshuim agus an t-ús ar fad atá dlite a bhailiú de réir théarmaí an chonradh a ghabhann leis an iasacht. Sainmhínítear iasachtaí, a bhfuil íocaíochtaí úis nó íocaíochtaí príomhshuime faoin gconradh i ndáil leo, mar iasachtaí atá dlite thar a dtéarma. Ní raibh aon iasachtaí de chuid na GAT ná airgead ar airleacan dlite thar a dtéarma ar an 31 Nollaig 2024 (2023: nialas). Tá sonraí iasachtaí a bhí faoi réir athchaibidlíochta i rith na bliana i gcuid na n-iasachtaí Athchaibidlíochta den nóta seo.

Anailís ar iasachtaí d’údaráis áitiúla, do chomhlachtaí ceadaithe tithíochta agus d’institiúidí ardoideachais	31 Nollaig 2024 €’000	31 Nollaig 2023 €’000
Iasachtaí údaras áitiúla roimh 1986	1,145	1,145
Iasachtaí údaras áitiúla tar éis 1986	3,158,045	3,184,210
Iasachtaí do chomhlachtaí ceadaithe tithíochta	5,313,971	4,120,650
Iasachtaí d’institiúidí ardoideachais	117,845	122,135
Iomlán iasachtaí d’údaráis áitiúla, do chomhlachtaí ceadaithe tithíochta agus d’institiúidí ardoideachais	8,591,006	7,428,140
Comhsholáthar		
Iasachtaí roimh 1986	(425)	(425)
Iasachtaí eile	-	-
Iomlán iasachtaí	8,590,581	7,427,715

Ní fiú le háireamh é aon riosca creidmheasa, seachas riosca ceannasach, maidir le hiasachtaí a thugtar ar airleacan d’údaráis áitiúla ar nó i ndiaidh 27 Bealtaine 1986 agus ní thaifeadtar aon soláthair le haghaidh caillteanas ar iasachtaí i leith na n-iasachtaí seo. Is comhlachtaí iad údaráis áitiúla atá comhdhéanta faoi reacht. Tá gach iasacht a thugtar ar airleacan d’údaráis áitiúla ceadaithe ag an

Nótaí a ghabhann leis an ráitis airgeadais (ar lean)

18. Bainistíocht rioscaí airgeadais (ar lean)

Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Is é tuairim láidir an Bhoird nach n-eascaíonn riosca creidmheasa, sa chomhthéacs seo.

Aithnítear caillteanais de bharr iasachtaí a tugadh do chomhlachtaí ceadaithe tithíochta agus s’institiúidí ardoideachais go díreach, sa mhéid go dtagann caillteanais chun cinn. Níor tháinig aon chaillteanais dá leithéid chun cinn in 2024.

Tá Bord na Stiúrthóirí freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar riosca creidmheasa na Gníomhaireachta lena n-áirítear:

- beartais chreidmheasa a chur le chéile i gcomhar leis an mBainistíocht maidir le coinníollacha comhthaobhachta, nósanna imeachta um doiciméadú agus cúrsaí dlí faoi chuimsiú na gceanglas reachtúla;
- an córas údarúcháin agus faomhadh a leagan síos maidir le frithpháirtithe nua (comhlachtaí nach údaráis áitiúla iad) agus rialacha maidir leis an gcomhchruinniú iasachta ina;
- athbhreithniú a dhéanamh maidir leis an gcomhlíontas i gcás beartas agus nósanna imeachta inmheánacha;
- monatóireacht a dhéanamh ar an gcaoi a nochtar an beartas maidir le hiasachtaí;
- aon iasachtaí a thugtar do CCTanna faoi théarma alt 17 d’Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 2002 a cheadú agus a chinntiú go mbíonn gach iasacht a thugtar ar airleacan ag teacht le Beartas Creidmheasa na Gníomhaireachta;
- acmhainneacht chreidmheasa gach CCT a mheas agus a cheadú a thabhairt dá réir sin sula gceanglaíonn an GAT aon Mháistir-Chomhaontú maidir le hiasacht;
- aon iasacht a thugtar d’institiúidí ardoideachais faoi alt 51 den Acht um Pleanáil agus Forbairt (Tithíocht) agus um Thionóntachtaí Cónaithe 2016 a cheadú;
- cinntiú go mbíonn an cháipéisíocht ar fad a bhaineann le hábhar cruinnithe i gcás an iarratais ar chreidmheas; agus
- an riosca creidmheasa a choinneáil laistigh de theorainneacha ceadaithe an Bhoird.

An Próiseas le Riaráiste Morgáistí a Réiteach (PRMR)

I mí Lúnasa 2012, sholáthair an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta cúnamh d’údaráis áitiúla maidir le bheith ag déileáil le riaráiste a lucht faighte iasachtaí, trí bheith ag eisiúint treoirlínte lenar tugadh mionsonraí faoin bPróiseas a bhí beartaithe le Riaráiste Morgáistí a Réiteach (PRMR). Léiríonn siad seo Cód Iompair an Bhainc Ceannais maidir le Riaráiste Morgáiste agus tá sé de rún acu cur chuige a chaighdeánú i leith an ardaithe atá ag teacht ar leibhéal na riaráistí in Earnáil na nÚdarás Áitiúil. Is éard atá i gceist leis an bPróiseas le Riaráiste Morgáistí a Réiteach (PRMR) ná próiseas ina bhfuil cúig chéim a luadh i dtreoirlínte na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

Nótaí a ghabhann leis an ráitis airgeadais (ar lean)

18. Bainistíocht rioscaí airgeadais (ar lean)

Sa chaoi go ndéanfar caillteanais amach anseo a fhritháireamh agus chun maolú a dhéanamh ar thionchar na srianta airgeadais atá le cur i bhfeidhm ar shruthanna ioncaim na n-údarás áitiúil, bhunaigh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachtá préimh PRMR chun tosú ar chúlchistí a charnadh. Tá PRMR tar éis a bheith i bhfeidhm d’údaráis áitiúla ón 1 Deireadh Fómhair 2012 trí phréimh a fheidhmiú i leith gach cuntais iasachta ar ráta athraitheach ag údaráis áitiúla a bhaineann le morgáistí.

Gearrtar préimh 0.80% de PRMR ar iasachtaí mhorgáiste le ráta athraitheach (ón 1 Eanáir 2014) agus gearrtar ráta 0.25% ar iasachtaí mhorgáiste Rebuilding Ireland (do iarratais iasachta ón 1 Eanáir 2018 go 14 Eanáir 2020). Déantar rátaí difriúil a ghearradh ar iasachtaí nua ó 2020 ó i raon idir 0.50% go 0.995%. Bailíonn an GAT seo ar bhonn leathbhliantúil thar ceann Phainéil Bhreithniúcháin PRMR agus coinneofar i gcuntas ar leith é, ar a mbeidh ús á thuilleadh, agus é de rún ag an GAT go dtarraingeofar air, de réir mar is gá, nuair a thabharfar an t-údarú cuí. Ceannaítear Nóta faoi Ráthaíocht le Ciste PRMR i gcomhair na suimeanna a chruinnítear thar a gceann.

Bhunaigh Cumann na mBainistíochta Cathrach agus Contae Painéal Breithniúcháin chun ciste PRMR a fheidhmiú agus chun iarratais ar chúnamh ó údaráis áitiúla faoin Scéim a mheasúnú. Tá Bainisteoir Contae, na Ceannasaithe Airgeadais agus Bainisteoir Feidhmiúcháin ar na Seirbhísí Bainistíochta Tithíochta ar an bPainéal seo.

Déanfaidh údaráis áitiúla iarratais ar cúnamh ó Chiste Préimhe PRMR ar bhonn leanúnach. Cuirfear cinntí chun iarratais a cheadú/cuid díobh a cheadú in iúl don Ghníomhaireacht, a dhéanfaidh socruithe ansin go n-íocfar an tsuim cheadaithe ó Chiste PRMR leis an údarás a rinne an t-iarratas, de réir treoracha a gheobhaidh siad ón bPainéal.

Ba cheart béim a leagan air nach mbeidh de ról ag an nGnomhaireacht i gCiste PRMR ach an Préimh PRMR a bhaillú, thar ceann na n-údarás áitiúil, agus na cistí sin a íoc faoi mar a iarrann an Painéal Breithniúcháin, de réir na dtreoracha a luadh thuas.

Próiseas le Riaráiste Morgáistí a Réiteach (PRMR)

	€'000
Tráth nach déanaí ná bliain amháin	85,816
Tá éis bliain níos lú nó cúig bliana	(52,204)
Ús tuillte	870
Iarmhéid ag 31 Nollaig 2024	34,482

Léiríonn an tábla thuas gluaiseachtaí airgeadais ó thús an chiste.

Nótaí a ghabhann leis an ráitis airgeadais (ar lean)

18. Bainistíocht rioscaí airgeadais (ar lean)

Iasachtaí Ath-idirbheartaithe

Féachann GAT le bheith ag obair leis na húdaráis áitiúla le struchtúir chuí iasachtaí a fhorbairt dóibh gur fearr a bheidh siad ag teacht le cúinsí airgeadais na n-údarás féin. Maidir leis seo, féadfaidh GAT téarmaí sínte a sholáthar le haghaidh iasachtaí, tréimhsí saor ó ús nó ath-idirbheartaíocht eile a thairiscint de réir mar is cuí.

Le linn 2024, rinne GAT ath-idirbheartaíocht i leith luach €20.5 milliún (2023: €8.3 milliún) d’iasachtaí nár bhain le morgáiste agus € nialas (2023: €nialas) i leith iasachtaí a bhain le tithíocht.

Tharla an ath-idirbheartaíocht seo i gcomhthéacs €3.16 billiún d’iasachtaí a tugadh ar airleacain d’údaráis áitiúla faoi mar a bhí 31 Nollaig 2024 agus mar sin, is ionann é agus gníomhaíocht ath-idirbheartaíochta circa 0.65% in 2024 (2023: 0.26%).

Tugadh tréimhsí úis amháin d’iasachtaí ath-idirbheartaithe nach mbaineann le morgáiste agus iasachtaí a bhaineann le morgáiste, agus tugadh sosanna íocaíochta d’iasachtaí a bhaineann le morgáiste ar feadh trí go sé théarma míosúla, nach raibh lagú nó dí-aithint na sócmhainní iasachta bunaidh mar thoradh orthu toisc nach raibh siad suntasach modhnú téarmaí. Scoirfidh an GAT de na hiasachtaí sin a mheas mar ath-idirbheartaíocht a luaithe a bheidh bliain d’aisíocaíochtaí sceidealta cothrom le dáta caite tar éis ath-idirbheartaíochta. Maidir leis seo, measann an GAT go ndéanfar ath-idirbheartaíocht ar €20.5 milliún d’iasachtaí (2023: €8.3 milliún) amhail an 31 Nollaig 2024 agus €0.31 milliún (2023: €0.11 milliún) d’ioncam úis aitheanta ar na sócmhainní seo.

31 Nollaig 2024	Líon na n-iasachtaí	Luach Iompair €'000
Líon na n-iasachtaí a ndearnadh ath-idirbheartaíocht ina leith – staid tosaigh	2	8,304
Ath-idirbheartaíocht ina leith i rith na bliana	6	20,549
Aisíochta i rith na bliana	-	-
Lúide iasachtaí nach meastar ath-idirbheartaíocht a bheith déanta ina leith a thuilleadh	(2)	(8,304)
Líon na n-iasachtaí a ndearnadh ath-idirbheartaíocht ina leith – staid deiridh	6	20,549
31 Nollaig 2023	Líon na n-iasachtaí	Luach Iompair €'000
Líon na n-iasachtaí a ndearnadh ath-idirbheartaíocht ina leith – staid tosaigh	13	26,434
Ath-idirbheartaíocht ina leith i rith na bliana	2	8,304
Aisíochta i rith na bliana	-	-
Lúide iasachtaí nach meastar ath-idirbheartaíocht a bheith déanta ina leith a thuilleadh	(13)	(26,434)
Líon na n-iasachtaí a ndearnadh ath-idirbheartaíocht ina leith – staid deiridh	2	8,304

Nótaí a ghabhann leis an ráitis airgeadais (ar lean)

18. Bainistíocht rioscaí airgeadais (ar lean)

Tráth 31 Nollaig 2024, níor aistríodh aon iasachtaí le haghaidh éadail talún, tráth a dtagtha in aibíocht (2023: €nialas), le bheith ina n-iasachtaí blianachta a bheadh le híoc ar ais thar tréimhse suas le 30 bliain. Níor fabhraíodh aon úis ar iasachtaí a athraíodh ar theacht in aibíocht dóibh ag 31 Nollaig 2024 (2023: €nialas).

Comhchruinniúcháin

Is le húdaráis áitiúla a mbíonn uile faoi cheadú ón Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht, a bhaineann gach iasacht agus suim airgid ar airleacan.

Gné eile den riosca creidmheasa maidir leis an nGníomhaireacht oiread agus atá GAT nochtta d'institiúidí (Gníomhaireacht Bhainistíochta an Chisteáin Náisiúnta go príomha), a bhfuil infheistíochtaí gearrthéarmacha aici léi. Faomhann an Bord beartas um nochtadh infheistíochta agus contrapháirtí go tréimhsiúil. Ní thagann infheistíochtaí chun cinn faoi láthair ach amháin i gcomhthéacs bhainistíocht leachtachta an lae inniu.

Amhail an 31 Nollaig 2024 bhí infheistíochtaí ag GAT le luach €nialas milliún (2023: €25 milliún) i Nótaí Cistáin le GBCN.

Ciallaíonn nádúr ghníomhaíochtaí GAT agus custaiméirí deiridh go mbeidh leibhéal ard riosca comhchruinnithe custaiméirí i gcónaí i measc CCTanna níos mó. Amhail an 31 Nollaig 2024, b'ionann na 5 chustaiméirí GAT is fearr agus 61% den leabhar iasachta tarraingthe iomlán. Chun a neamhchosaint ar CCTanna uatha a mhaolú tá teorainneacha socraithe ag an GAT ionas nach léiríonn aon CCT aonair níos mó ná 40% dá Sócmhainní Iomlána. Amhail an 31 Nollaig 2024, b'ionann an t-iasachtaí is mó agus 29.88% de Shócmhainní Iomlána an GAT (2023: 26.41%). Ní féidir le glan-réamhíocaíochtaí comhiomlána chuig an earnáil CCT dul thar 70% den GAT. Amhail an 31 Nollaig 2024, b'ionann a ghlan-réamhíocaíocht chomhiomlán agus 58.81% de Shócmhainní Iomlána GAT (2023: 54.42%). Coinníonn Feidhmeannas agus Bord an GAT an riosca comhchruinnithe seo faoi athbhreithniú ar bhonn míosúil agus déanann siad a riachtanais a oiriúnú de réir phróifíl riosca a chustaiméirí amach anseo.

Is é Banc Aontais Éireann cpt an fhrithpháirtí maidir le hairgead tirim faoi láthair, agus suim de €322.49 milliún ina seilbh an 31 Nollaig 2024 (2023: €1.12 milliún). Ar an 31 Nollaig 2024, ba é BBB (2023: BBB-) an rátáil do Bhanc Aontais Éireann ag Standard and Poor's.

(b) Riosca Leachtachta

Is ionann riosca leachtachta agus an riosca go mbeadh deacracht ag GAT maidir le hoibleagáidí óna dlíteanais airgeadais a shásamh. Tá €5.30 billiún (2023: €4.13 billiún) de idirbhearta le ráta seasta eagraithe le GBCN ag GAT.

Tá iasachtaíochta ag an GAT le ráta seasta comhaontaithe le GBCN ar fiú €875 é, le dátaí aibíochta idir 2026 agus 2031 agus déileálann luach €4.425 billiún de iasachtaíochta le GBCN ar a bhfuil dátaí aibíochta idir 2032 agus 2052.

Nótaí a ghabhann leis an ráitis airgeadais (ar lean)

18. Bainistíocht rioscaí airgeadais (ar lean)

Chomhaontaigh an GAT iasachtaíochta freisin le ráta seasta leis an BEI agus BCE ar fiú €1,145m iad le dátaí aibíochta idir 2028 agus 2049. Tá €45m de ráta seasta comhaontaithe ag an GAT ar iasachtaíochta le húdaráis áitiúla le dátaí aibíochta in 2025. Déantar iasachtú ar ráta seasta agus fiachas ar ráta seasta a mheaitseáil go maith.

Tá na NR faoi ráthaíocht Aire Airgeadais na hÉireann. I gcodarsnacht leis seo, bíonn meántéarma iasachta bunaidh 27.6 bliain ag iasachtaí agus infháiltais (2023: 27 bliain). Is ionann seo ag mímheaitseáil shuntasach sa phunann aibíochta, ach i bhfianaise na ndearbhuithe a fuarthas ón GBCN maidir le leanúnachas agus oiread na cistíochta, is é tuairim an Bhoird go bhfuil dóthain acmhainní ar fáil chun freastal d'aon riosca leachtachta a eascródh as seo go ceann an chéad 24 mí eile. Tá NR ag an GAT le húdaráis áitiúla freisin (féach Nóta 15).

Agus riosca leachtachta á bhainistiú, coinníonn Bainisteoireacht GAT cruinnithe rialta leis an GBCN, leis na Bainc, CCTanna agus le rannpháirtithe eile sa mhargadh chun an t-éileamh a bheidh ar iasachtaí amach anseo a mheasúnú, chomh maith le riachtanais mhaoiniúcháin; le rochtain ar fhoinsí maoiniúcháin a chomhaontú; le foinsí agus struchtúir mhalartacha mhaoiniúcháin a lorg; idirbheartaíocht a dhéanamh i leith téarmaí agus coinníollacha agus na tiomantais riachtanacha a fháil maidir le maoiniú. Maidir leis seo, tá an GBCN tar éis a dhearbhu go bhfuil riachtanais mhaoiniúcháin GAT i gcomhair 2024 curtha san áireamh mar chuid den phróiseas pleanála foriomlán le haghaidh maoiniúcháin Stáit.

Tá rochtain ag an GAT ar mhaoiniú gearrthéarmach ó GBCN.

Nótaí a ghabhann leis an ráitis airgeadais (ar lean)

18. Bainistíocht rioscaí airgeadais (ar lean)

31 Nollaig 2024	Luach anonn €'000	Ollsreabhadh ainmniúil amach €'000	Níos lú ná 1 mhí €'000	1–3 mhí €'000	3 mhí go 1 bhliain €'000	1–5 bliana €'000	Níos mó ná 5 bliana €'000
2016 GBCN Ráta Seasta 10 mBliana	(75,000)	(76,210)	(406)	-	(400)	(75,404)	-
2017 GBCN Ráta Seasta €200m		(227,145)	-	(921)	(952)	(46,952)	(178,320)
2018 GBCN Ráta Seasta €130m	(130,000)	(154,547)	-	-	(2,058)	(47,769)	(104,720)
2019 GBCN Ráta Seasta €210m	(210,000)	(254,114)	-	-	(3,226)	(72,783)	(178,105)
2020 GBCN Ráta Seasta €400m	(400,000)	(423,253)	-	(1,642)	-	(6,600)	(415,011)
2021 GBCN Ráta Seasta €650m	(650,000)	(724,775)	-	-	(4,118)	(16,481)	(704,176)
2022 GBCN Ráta Seasta €1,345m	(1,345,000)	(1,725,274)	-	(2,415)	(21,974)	(455,379)	(1,245,506)
2023 GBCN Ráta Seasta €1,120m	(1,120,000)	(1,528,790)	(2,498)	(14,643)	(17,852)	(236,941)	(1,256,856)
2024 GBCN Ráta Seasta €1,170m	(1,170,000)	(1,772,262)	-	(6,198)	(26,479)	(316,607)	(1,422,978)
Áis Nótaí faoi Ráthaíocht (Údaráis Áitiúla)	(1,866,640)	(1,892,496)	(756,005)	(546,552)	(584,328)	(5,611)	-
Ráta Seasta NR Údaráis Áitiúla	(45,048)	(45,447)	(45,447)				
Áis Nótaí faoi Ráthaíocht (i seilbh Institiúidí Ardoideachais)	-	-	-	-	-	-	-
Áis Nótaí faoi Ráthaíocht (Earnáil Institiúidí Ardoideachais)	(3,298)	(3,331)	(177)	(3,154)	-	-	-
Áis Nótaí faoi Ráthaíocht (PRMR)	(34,482)	(34,502)	(34,502)	-	-	-	-
Iasachtaí BEI agus BCE	(1,144,859)	(1,230,281)	-	-	(37,583)	(200,548)	(992,150)
Iomlán	(8,394,327)	(10,092,427)	(839,035)	(575,525)	(698,970)	(1,481,075)	(6,497,822)

Nótaí a ghabhann leis an ráitis airgeadais (ar lean)

18. Bainistíocht rioscaí airgeadais (ar lean)

31 Nollaig 2023	Luach anonn €'000	Ollsreabhadh ainmniúil amach €'000	Níos lú ná 1 mhí €'000	1–3 mhí €'000	3 mhí go 1 bhliain €'000	1–5 bliana €'000	Níos mó ná 5 bliana €'000
2016 GBCN Ráta Seasta 10 mBliana	(75,000)	(77,018)	(406)	-	(402)	(76,210)	-
2017 GBCN Ráta Seasta €200m	(200,000)	(229,038)	-	936	(957)	(47,170)	(179,975)
2018 GBCN Ráta Seasta €130m	(130,000)	(156,627)	-	-	(2,080)	(48,247)	(106,300)
2019 GBCN Ráta Seasta €210m	(210,000)	(257,323)	-	-	(3,209)	(12,809)	(241,305)
2020 GBCN Ráta Seasta €400m	(400,000)	(424,909)	-	(1,656)	-	(6,582)	(416,671)
2021 GBCN Ráta Seasta €650m	(650,000)	(728,906)	-	-	(4,130)	(16,487)	(708,289)
2021 GBCN Ráta Seasta €650m	(1,345,000)	(1,749,716)	-	(2,408)	(22,034)	(196,536)	(1,528,738)
2023 GBCN Ráta Seasta €1,120m	(1,120,000)	(1,563,837)	(2,519)	(14,579)	(17,950)	(239,787)	(1,289,002)
Áis Nótaí faoi Ráthaíocht (Údaráis Áitiúla)	(1,685,812)	(1,697,289)	(599,946)	(453,677)	(610,524)	(33,142)	-
Ráta Seasta NR Údaráis Áitiúla	(45,048)	(45,447)	(45,447)	-	-		-
Áis Nótaí faoi Ráthaíocht (i seilbh Institiúidí Ardoideachais)	(49,230)	(49,484)	(12,644)	(36,840)	-	-	-
Áis Nótaí faoi Ráthaíocht (Earnáil Institiúidí Ardoideachais)	(3,232)	(3,265)	(173)	-	(3,092)	-	-
Áis Nótaí faoi Ráthaíocht (PRMR)	(28,507)	(28,525)	(28,525)	-	-	-	-
Iasachtaí BEI agus BCE	(1,071,052)	(1,119,450)	-	-	(27,448)	(157,668)	(934,334)
Iomlán	(7,012,881)	(8,130,834)	(689,660)	(575,525)	(691,826)	(834,638)	(5,404,614)

Nótaí a ghabhann leis an ráitis airgeadais (ar lean)

18. Bainistíocht rioscaí airgeadais (ar lean)

Bainistíocht an riosca leachtachta

Is é beartas GAT i ndáil leis an riosca leachtachta a chinntiú, trí athbhreithniú go tráthrialta ar an riachtanas maidir le sreabhadh airgid, gur féidir léi a cuid dualgais maoinithe a shásamh go ceann tréimhse cuí amach roimpi.

Ceadaíonn an Bord leasú síor-rialta ar an bPlean Corparáide cúig bliana sa chéad leath de gach bliain. Cuirtear i gcuntas lena linn sin ríomh inmheánach GAT féin i ndáil le hacmhainní, meastacháin faoi iasachtaí ar airleacan, iasachtaí a bheidh ag aibiú i rith na bliana agus roghanna ó thaobh maoinithe. Cuirtear athbhreithniú rialta maidir le riocht airgeadais GAT i láthair an Bhoird chomh maith le cuntais bhainistíochta.

Déanann an Bord athbhreithniú go rialta ar an gclár fiachais reatha, lena n-áirítear tuairisc gach ráithe ar chistí comhoiriúnacha, ar shuimeanna a fuarthas ar iasacht agus suimeanna ar airleacan de réir chineál na n-iasachtaí agus an tráth aibíochta, chomh maith le mionchuntas ar chaipiteal, struchtúr rátaí úis, comhdhéanamh an airgeadra, costais iasachta, agus próifíl aibíochta.

Déanann GAT maoiniú ar a cuid oibriúcháin trí mheascán d’eisiúintí páipéar Eurothrachtála agus Nótaí faoi Ráthaíocht, rótharraingtí bainc agus brabús coinnithe. Bhí €5.30bn de NRanna ceannaithe ag an GBCN mar a bhí cúrsaí an 31 Nollaig 2024 (2023: €4.13bn).

Is é tuairim an Bhoird go bhfuil dóthain acmhainní ar fáil chun freastal d’aon riosca leachtachta a eascródh as seo go ceann an chéad 12 mí eile. Eisíonn GAT NRanna le húdaráis áitiúla freisin Cistí PRMR (féach Nóta 15). Bíonn áiseanna rótharraingthe na GAT (€50 milliún ar fáil ar 31 Nollaig 2024) faoi réir ag athbhreithniú bliantúil ag baincéirí na GAT.

Ba é 1.85% é arna thabhairt de réir na bliana i gcomparáid le 1.34% sa bhliain 2023 a bhí i gceist le costas fhiachas na GAT sa bhliain 2024 mar gheall go príomha ar rátaí méadaithe a ghearradh ag GBCN agus rátaí níos airde ag sealbhóirí NR i 2023.

(c) Rioscaí margaidh

Is ionann riosca margaidh agus an baol go rachadh athrú ar phraghsanna an mhargaidh, mar shampla rátaí úis agus rátaí malairte eachtraí, i bhfeidhm ar ioncam GAT nó ar luach na n-ionstraimí airgeadais atá ina seilbh. Is é cuspóir na bainistíochta rioscaí margaidh go laghdófar oiread agus is féidir nó go bhfaighfear réidh go hiomlán le nochtacht do rioscaí an mhargaidh.

Bainistíocht rioscaí margaidh

Dealáíonn GAT rioscaí margaidh a dheighilt ina rioscaí a bhaineann le hathrú ar rátaí athraitheacha úis, i rátaí malairte eachtraí agus i mboilsciú. Déantar bainistíocht ar nochtadh do riosca maidir le rátaí úis trí neamhréir idir a bhfuil

Nótaí a ghabhann leis an ráitis airgeadais (ar lean)

18. Bainistíocht rioscaí airgeadais (ar lean)

faighte ar iasacht agus a bhfuil tugtha ar airleacan ag an GAT faoi scáth gach clár faoi leith - ráta seasta agus ráta comhlúthach, a chúngú oiread agus is féidir sin. Cuirtear na neamhchinnteachtaí seo a leanas san áireamh agus an beartas á shocrú i leith:

- cásanna in ar féidir le iasachtaithe iasacht a fhuascailt gan phionós;
- cásanna ina bhféadfadh nach mbeadh glacadh i gcónaí ag margatí speisialaithe (e.g. innéacsnaasctha) le heisiúintí agus le fuascailtí; agus,
- cásanna ina bhfuil gnó na GAT faoi réir athruithe i mbeartas rialtais.

Díríonn straitéis GAT chun riosca ráta úis a bhainistiú ar bhrabúsacht a áirithiú trí ghiniúint corrlaigh. Ina theannta sin, socraíonn an GAT rátaí úis go réamhghníomhach chun an GAT a chosaint ar rioscaí iarmharacha féideartha, ag baint úsáide as cásanna agus toimhdí éagsúla. Déanann an Bord measúnú rialta ar an gcás agus cinneann sé leibhéal na gcúlchistí a theastaíonn go bliantúil.

Tuairiscíonn an Bhainistíocht don Bhord go rialta maidir leis an Ráta Riosca Úis sa Chlár Comhardaithe.

Tar éis an síneadh a cuireadh leis an aibíocht uasta do nótaí eisithe faoi Chlár Nótaí faoi Ráthaíocht GAT, d’fhaomhaigh an Bord tacar de tháirgí iasachta ar ráta seasta a bhí dírithe ar údaráis áitiúla (ÚÁnna) agus comhlachtaí ceadaithe tithíochta (CCTanna) go déanach in 2016. Ina theannta sin, tá rochtain ag GAT ar chistiú fadtéarmach ar ráta seasta do thógáil nua agus do thionscadail iarfheistithe ón mBanc Eorpach Infheistíochta agus ó Bhanc Forbartha Chomhairle na hEorpa araon. Mar gheall air sin, tá beagnach gach gnó nua faoina dtugann Údaráis Áitiúla, CCTanna agus institiúidí ardoideachais bunaithe ar ráta seasta, rud as a n-eascraíonn ráta riosca úis féideartha ar chlár comhardaithe GAT.

Déantar anailís ar na holldliteanais airgeadais thíos:

	31 Nollaig 2024 €’000	31 Nollaig 2023 €’000
Ráta seasta	6,811,099	5,563,082
Ráta Comhlúthach	2,221,264	2,006,064
	9,032,363	7,569,146

Thug GAT airleacain nua ar ráta seasta agus ráta comhlúthach i rith na bliana airgeadais. Ráta seasta €1,420.0 milliún; Ráta comhlúthach €38.5 milliún. (2023: Ráta seasta €1,142.9 milliún; Ráta comhlúthach €25.2 milliún).

Nótaí a ghabhann leis an ráitis airgeadais (ar lean)

18. Bainistíocht rioscaí airgeadais (ar lean)

Próifíl riosca maidir le ráta úis ar shócmhainní airgeadais:

	31 Nollaig 2024	31 Nollaig 2023
Meánráta úis seasta ualaithe	2.76%	2.42%
Meánráta úis comhlúthach ualaithe	2.42%	3.31%
Meántréimhse ualaithe a bhaineann le sócmhainní ar ráta úis seasta	24.6 bliain	24.3 bliain

Is iasachtaí ar feadh 25 go 30 bliain go príomha a eisítear de iasachtaí le CCTanna, institiúidí ardoideachais agus údaráis áitiúla ar ráta seasta ó GAT agus ba iasachtú ráta seasta 20% de na hiasachtaí le údaráis áitiúla agus iasachtaí le CCTanna agus institiúidí ardoideachais 80% atá fágtha. Iasachtaí d’údaráis áitiúla ar feadh tréimhsí idir aon bhliain amháin agus daichead bliain atá i gceist leis na ráta comhlúthach. Bunaithe ar iarmhéideanna iasachta bunaidh ar airleacan, is téarma 27.5 bliain (2023: 27.0 bliain) an meán téarma bunaidh ualaithe le haghaidh iasachta bunaidh.

Déantar anailís ar phríomhshuimeanna na ndliteanas airgeadais thíos:

	31 Nollaig 2024 €’000	31 Nollaig 2023 €’000
Ráta seasta	6,455,154	5,209,148
Ráta comhlúthach	1,939,173	1,803,733
	8,394,327	7,012,881

Próifíl riosca ráta úis na ndliteanas airgeadais mar a bhí ag deireadh na bliana dar dáta:

	31 Nollaig 2024 €’000	31 Nollaig 2023 €’000
Meánráta úis seasta ualaithe	1.90%	1.78%
Meántréimhse ualaithe a bhaineann le sócmhainní ar ráta úis seasta (blianta)	18.4 bliain	18 bliain
Meánráta úis comhlúthach ualaithe	1.89%	1.79%
Meántréimhse ualaithe dá bhfuil dliteanais ar ráta úis athraitheach socraithe (laethanta)	125 lá	140 lá

Áirítear cistiúchán níos fadtéarmaí ar ráta seasta leis an GBCN agus leis an mBanc Eorpach Infheistíochta agus Banc Forbartha Chomhairle na hEorpa le dliteanais ar ráta seasta. Cuimsíonn na dliteanais airgeadais ar ráta comhlúthach iasachtaí bainc agus Nótaí faoi Ráthaíocht.

Nótaí a ghabhann leis an ráitis airgeadais (ar lean)

18. Bainistíocht rioscaí airgeadais (ar lean)

Léiríonn an tábla seo a leanas aibíocht agus athdhéanamh phríomhshuimeanna sócmhainní airgeadais ar dháta dheireadh na bliana:

Aibíocht agus ráta úis sócmhainní airgeadais	Aibíocht mar a bhí an 31 Nollaig 2024 €’000	Athphraghsáil mar a bhí an 31 Nollaig 2024 €’000
Suimeanna dlite i mí amháin nó níos lú	441,782	2,278,172
Suimeanna dlite idir aon mhí agus trí mhí	-	-
Suimeanna dlite idir trí mhí agus dhá mhí déag	292,131	249
Suimeanna dlite idir bliain amháin agus dhá bhliain	128,291	2,203
Suimeanna dlite idir dhá bhliain agus trí bliana	66,008	9,501
Suimeanna dlite idir trí bliana agus ceithre bliana	18,099	841
Suimeanna dlite idir ceithre bliana agus cúig bliana	55,932	20,116
Suimeanna dlite tar éis níos mó ná cúig bliana	8,030,120	6,721,281
	9,032,363	9,032,363

Aibíocht agus ráta úis sócmhainní airgeadais	Aibíocht mar a bhí an 31 Nollaig 2023 €’000	Athphraghsáil mar a bhí an 31 Nollaig 2023 €’000
Suimeanna dlite i mí amháin nó níos lú	141,431	2,041,226
Suimeanna dlite idir aon mhí agus trí mhí	-	-
Suimeanna dlite idir trí mhí agus dhá mhí déag	131,301	1,351
Suimeanna dlite idir bliain amháin agus dhá bhliain	225,602	1,992
Suimeanna dlite idir dhá bhliain agus trí bliana	32,321	3,248
Suimeanna dlite idir trí bliana agus ceithre bliana	51,618	13,382
Suimeanna dlite idir ceithre bliana agus cúig bliana	27,295	2,562
Suimeanna dlite tar éis níos mó ná cúig bliana	6,959,578	5,505,385
	7,569,146	7,569,146

Nótaí a ghabhann leis an ráitis airgeadais (ar lean)

18. Bainistíocht rioscaí airgeadais (ar lean)

Léiríonn an tábla seo a leanas aibíocht agus athphraghsáil phríomhshuimeanna na ndliteanas airgeadais ag dáta deireadh na bliana:

	Aibíocht mar a bhí an 31 Nollaig 2024 €'000	Athphraghsáil mar a bhí an 31 Nollaig 2024 €'000
Aibíocht, bearta leachtachta agus ráta úis dliteanas airgeadais		
In aibíocht i mí amháin nó níos lú	799,216	820,269
In aibíocht idir mí amháin agus trí mhí	549,688	562,188
In aibíocht idir trí mhí agus dhá mhí déag	595,564	596,764
In aibíocht i níos mó ná 1 bhliain agus níos lú ná 2 bhliain	275,000	275,000
In aibíocht i níos mó na 2 bhliain agus níos lú ná 3 bliana	145,000	145,000
In aibíocht i níos mó ná 3 bliana agus níos lú ná 4 bliana	141,200	140,000
In aibíocht i níos mó ná 4 bliana agus níos lú ná 5 bliana	332,500	320,000
In aibíocht i níos mó ná 5 bliana	5,556,159	5,535,106
	8,394,327	8,394,327

Nótaí a ghabhann leis an ráitis airgeadais (ar lean)

18. Bainistíocht rioscaí airgeadais (ar lean)

Léiríonn an tábla seo a leanas aibíocht agus athphraghsáil phríomhshuimeanna na ndliteanas airgeadais ag dáta deireadh na bliana:

	Aibíocht mar a bhí an 31 Nollaig 2023 €'000	Athphraghsáil mar a bhí an 31 Nollaig 2023 €'000
Aibíocht, bearta leachtachta agus ráta úis dliteanas airgeadais		
In aibíocht i mí amháin nó níos lú	639,478	663,161
In aibíocht idir mí amháin agus trí mhí	487,399	502,399
In aibíocht idir trí mhí agus dhá mhí déag	639,904	641,404
In aibíocht i níos mó ná 1 bhliain agus níos lú ná 2 bhliain	45,048	45,048
In aibíocht i níos mó na 2 bhliain agus níos lú ná 3 bliana	75,000	75,000
In aibíocht i níos mó ná 3 bliana agus níos lú ná 4 bliana	140,000	140,000
In aibíocht i níos mó ná 4 bliana agus níos lú ná 5 bliana	140,000	140,000
In aibíocht i níos mó ná 5 bliana	4,846,052	4,805,869
	7,012,881	7,012,881

Áiseanna tiomanta neamhtharraingthe

Bhí luach €650 milliún (2023: €175 milliún) d'áiseanna tiomanta neamhtharraingthe ag GAT mar a bhí cúrsaí an 31 Nollaig 2024, is iad seo na suimeanna seo atá fós le tarraingt ar áiseanna tiomanta ceadaithe.

Íogaireacht i leith riosca ráta úis	100 bp d'ardú comhthreomhar €'000 gnóthachan	100 bp de laghdú comhthreomhar €'000 (caillteanas)	50 bp d'ardú comhthreomhar €'000 gnóthachan	50 bp de laghdú comhthreomhar €'000 (caillteanas)
Ag 31 Nollaig 2024	2,382	(2,382)	1,191	(1,191)
Ag 31 Nollaig 2023	2,511	(2,511)	1,256	(1,256)

Rinneadh na figiúirí thuas a ríomh trí mhaoiniú Nótaí faoi Ráthaíocht ar ráta athraitheach ar na dátaí thuas leis na hiarmhéideanna gan íoc ar iasachtaí ar airleacan ar ráta athraitheach a fhritháireamh. Glactar le meánfhiigiúr lárphointe don bhliain de réir an fhéilire, ó thaobh méaduithe ar rátaí úis thuas. Ní bhíonn suimeanna ar airleacan ar ráta seasta ná maoiniú ar ráta seasta íogair maidir le hathruithe i rátaí úis an mhargaidh agus, dá bhrí sin, ní chuirtear san áireamh san anailís seo iad.

Nótaí a ghabhann leis an ráitis airgeadais (ar lean)

18. Bainistíocht rioscaí airgeadais (ar lean)

Luach Cóir

Leagtar amach sna táblaí seo a leanas luach cóir na sócmhainní agus na ndlíteanas airgeadais mar a bhí an 31 Nollaig 2024 agus an 31 Nollaig 2023. Táthar den tuairim gur meastachán réasúnta ar an luach cóir an tsuim ghlanluacha a luaitear le gach sócmhainn nó dlíteanas eile nach ar a luach cóir atá sé á iompar. Cuirtear faisnéis le haghaidh iasachtaí i láthair thíos:

	Luach Annon €'000	Luach cóir €'000
31 Noll 2024		
Sócmhainní airgeadais		
Iasachtaí agus Infháltais:		
Ráta seasta	6,811,099	6,346,132
Ráta comhlúthach	2,221,264	2,173,065
	9,032,363	8,519,197
Dlíteanais airgeadais		
Ráta seasta	6,455,154	6,183,117
Ráta comhlúthach	1,939,173	1,939,173
	8,394,327	8,122,290

Táthar den tuairim gur meastachán réasúnta ar an luach cóir an tsuim ghlanluacha a luaitear le gach sócmhainn nó dlíteanas eile nach ar a luach cóir atá sé á iompar. Cuirtear faisnéis le haghaidh iasachtaí i láthair thíos:

	Luach Annon €'000	Luach cóir €'000
31 Noll 2023		
Sócmhainní airgeadais		
Iasachtaí agus Infháltais		
Ráta seasta	5,563,082	4,964,623
Ráta comhlúthach	2,006,064	1,906,596
	7,569,146	6,871,219
Dlíteanais airgeadais		
Ráta seasta	5,209,148	4,992,496
Ráta comhlúthach	1,803,733	1,803,733
	7,012,881	6,796,229

Feidhmíonn GAT i margadh sách speisialta lena bhfreastalaítear ar riachtanas le maoiniú d’údaráis áitiúla agus don tithíocht shóisialta. Is deacair mar sin faisnéis mhargaidh a fháil ar a ríomhfaí luach cothrom dá sócmhainní agus dlíteanas innéacsna-sctha agus ar ráta seasta.

Nótaí a ghabhann leis an ráitis airgeadais (ar lean)

18. Bainistíocht rioscaí airgeadais (ar lean)

Táthar tar éis luachanna cothroma sócmhainní agus dlíteanas airgeadais ar ráta seasta a lascainiú agus úsáid á baint as torthaí bhannaí ábhartha de chuid Rialtas na hÉireann de réir mar a bhí ar dháta an ráiteas ar staid an airgeadais. Tá seo bunaithe ar a nochta is atá an GAT do rioscaí ceannasacha faoi mar a phléitear sa chuid den nóta seo a bhaineann le rioscaí ó thaobh leachtachta. Faoi mar a bhí amhlaidh sa bhliain roimhe, taispeántar sócmhainní agus dlíteanais ar ráta comhlúthaigh ar an luach par atá dlite dóibh toisc gur téarma gearrthéarmach a n-aibíochtaí.

Is ionann luach cóir shócmhainní na GAT arna ríomh agus €7.57 billiún (2023: €6.87 billiún) agus tá luach cothrom a cuid dlíteanas measta ag €7.01 billiún (2023: €6.80 billiún). D’fhéadfadh suim difriúil go maith teacht chun cinn dá mbeadh duine le húsáid a bhaint as toimhdí malartacha le luach cothrom a ríomh. Agus sin á roghnú mar mhodheolaíocht, socraíodh gur thug a luach trí thagairt do rátaí inathraitheacha, léargas níos cruinne ar an scéal agus go rabhthas in ann idir shócmhainní agus dhlíteanais a mheasúnú ar bhonn cosúil le chéile.

19. Movement in cash, liquid resources and financing

Anailís ar athruithe ar ghlansuim an fhiachais	Ag 31 Nollaig 2023 €'000	Sreabhadh airgid €'000	Gluaiseachtaí Neamh-airgid €'000	Ag 31 Nollaig 2024 €'000
Airgead tirim agus a choibhéis	26,138	296,355	-	322,493
Rótharraingt	-	-	-	-
	26,138	296,355	-	322,493
			-	
Nótaí faoi Ráthaíocht	(5,941,829)	(1,307,639)	-	(7,249,468)
Iasachtaí Baine	(1,071,052)	(73,807)	-	(1,144,859)
Ús iníoctha ar áiseanna	(45,731)	(10,346)	-	(56,077)
	(7,058,612)	(1,391,792)	-	(8,450,404)
Glanfhiachas	(7,032,474)	(1,095,437)	-	(8,127,911)

B’ionann na fáltais ó iasachtaí a eisíodh le linn 2024 agus €91.08 billiún (2023: €69.98 billiún) agus b’ionann aisíocaíocht iasachtaí le linn 2024 agus €91.80 billiún (2023: €70.06 billiún).

20. Scairchaipiteal

Tá 30,000 gnáthscair ann ar luach €1.30 (2023: 30,000 scair ar luach €1.30), iad údraithe, leithroinnta, glaoite agus láníoctha sa chaoi agus go mb’ionann a luach iomlán agus €39,000 ar an 31 Nollaig 2024 (2023: €39,000).

Nótaí a ghabhann leis an ráitis airgeadais (ar lean)

21. Reconciliation of retained surplus

	31 Nollaig 2024 €'000	31 Nollaig 2023 €'000
Barrachas coinnithe ag tús na bliana	512,509	438,784
Gnóthachan aitheanta iomlán don bhliain airgeadais	70,775	73,725
Barrachas coinnithe ag deireadh na bliana	583,284	512,509

22. Réiteach chistí na scairshealbhóirí

	31 Nollaig 2024 €'000	31 Nollaig 2023 €'000
Cistí scairshealbhóirí ag tús na bliana	512,548	438,823
Gnóthachan aitheanta iomlán don bhliain airgeadais	70,775	73,725
	583,323	512,548

23. Ceangaltais maidir le hiasachtaí

Maidir le hiasachtú ionchais de chuid GAT do CCTanna agus d’institiúidí ardoideachais, ceadaíodh iarratais ar iasachtaí de €2.54 billiún ach nár tarraingíodh síos an 31 Nollaig 2024 (2023: €1.78 billiún).

24. Imeachtaí tar éis ráiteas um staid airgeadais

Níor tharla aon imeacht suntasach tar éis dheireadh na bliana a d’fhágfadh go dteastódh nochtadh nó coigeartú ar na cuntais.

25. Dliteanas teagmhasach

Níl aon díbhinn le fógairt i gcomhair 2024.

26. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D’fhaomh na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais iniúchta, atá san fhoirm a d’fhaomh an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadadh agus Athchóiriú an PFN, an 28 Márta 2025.

Faisnéis Chorparáideach

Rúnaí

David Downing

Oifig Chláraithe

46 Faiche Stiabhna,
Baile Átha Cliath 2.

Éirchód: D02 WK60

Uimh. Chláraithe: 87513

T +353 1 872 5722
R cosec@hfa.ie
G www.hfa.ie

Iniúcháirí

PKF Brenson Lawlor Cuntasóirí Cairte,
Comhlacht Iniúcháireachta Reachtúla,
Teach Brespm Lawlor,
Cearnóg Argyle,
Bóthar Morehampton,
Domhnach Broc,
Baile Átha Cliath 4.

Éirchód:D04 W9W7

Aturnaetha

McCann FitzGerald,
Riverside One,
Cé Sir John Rogerson,
Baile Átha Cliath 2.

Éirchód: D02 X576

Baincéirí

Bainc-Aontas Éireann cpt.,
Plás Foster,
Baile Átha Cliath 2.



HFA

An Ghníomhaireacht
Airgeadais Tithíochta
Housing Finance Agency

**An Ghníomhaireacht
Airgeadais Tithíochta plc**

46 Faiche Stiabhna,
Baile Átha Cliath 2.
Ire

T +353 1 872 5722

R cosec@hfa.ie

www.hfa.ie

**Tuarascáil Bhliantúil
2024**